Creeslough 'An Craoslach'

Mí an Mhárta 2024

# Plean an Chraoslaigh





*Ullmhaithe ag:*

ARUP

*Ar son:*

Comhairle Contae Dhún na nGall
Donegal County Council

DONEGAL
IRELAND'S DNA


*Muckish Mountain, Creeslough © HannahSheridanPhotography*



**TUILLEADH EOLAIS**

Donal McDaid
Stiúrthóir de chuid Arup | Iompar agus Acmhainní – Ceann na hÉireann
Donal.McDaid@arup.com

Agnes Monaghan
Stiúrthóir Comhlach de chuid Arup | Cathracha, Pleanáil agus Dearadhre - Éireann
Agnes.Monaghan@arup.com

ARUP

© Arup 2024 Gach ceart ar cosaint.
Leagan: Deiridh-Eisiúint

Arna ullmhú ag Arup i gcomhpháirtíocht le Comhairle Contae Dhún na nGall (CCDG), Meitheal an Chraoslaigh (MC) agus Cumann Pobail an Chraoslaigh.

Cuirtear san áireamh sa tuarascáil seo na treoracha agus na riachtanais ar leith ónár gcliant. Níl an tuarascáil beartaithe le haghaidh aon tríú páirtí, níor cheart go mbeadh aon tríú páirtí ag brath uirthi, agus ní ghlactar freagracht ar bith i leith aon tríú páirtí.

Agus an tuarascáil seo á hullmhú táimid ag brath ar fhaisnéis atá i dtuarascálacha a chuir an cliant agus tríú páirtithe ar fáil, mar a shonraítear tríd an doiciméad. Bhíomar ag brath go háirithe ar chruinneas agus iomláine na dtuarascálacha sin agus ní ghlacaimid le haon dliteanas as aon earráid nó easnamh sa ráiteas seo sa mhéid go bhfuil an fhaisnéis inti bunaithe ar earráid nó easnamh atá i dtuarascálacha de chuid na sainchomhairleoirí eile.

Tabhair faoi deara, le do thoil, go bhfuil sé i gceist go ndéanfaí an tuarascáil seo a léamh agus a phriontáil mar dhoiciméad déthaobhach A4 le leathanach clúdaigh.

Féadfaidh Arup, Comhairle Contae Dhún na nGall agus Cumann Pobail an Chraoslaigh gach maoin intleachtúil atá faoi úinéireacht Ove Arup agus Partners Ltd a úsáid gan bhac chun críche tráchtála agus neamhthráchtála ar bith.

Is ag Comhairle Contae Dhún na nGall atá an cóipcheart i ndáil le gach amharcléiriú ar an Tionscadal Atógála Pobail (TAP). Is ag Arup atá an cóipcheart i ndáil le gach amharcléiriú eile a bhaineann leis an tionscadal agus is chun críocha léirithe amháin atá siad.
Grianghraif © HannahSheridanPhotography. Tugtar creidiúnú cóipchirt i ndáil le grianghraif eile nuair is eol cé leo iad. Dearadh doiciméad agus léaráidí – matttanswellillustrations.

Aeríomhánna agus Sonraí Léarscáileanna: ©2024 Google
Faisnéis léarscáilíochta na Suirbhéireachta Ordanáis: © Cóipcheart agus cearta bunachar sonraí na Corónach.

# Heileo!
## Fáilte chuig Plean an Chraoslaigh

Ar Scáth a Chéile...

Braithimid sa seanfhocal seo an meon pobail atá de dhíth ionas go mbeidh ár bpáistí in ann fás suas agus iad faoi bhláth i dtimpeallacht shábháilte fholláin.

An tragóid a tharla i sráidbhaile an Chraoslaigh i mí Dheireadh Fómhair 2022, chuaigh sí i bhfeidhm ar mhuintir na hÉireann go léir agus ar an domhan mór. Ba thubaiste í a thabharfadh dúshlán an phobail is diongbháilte fiú. Thar ceann Arup, ba mhaith liom ár gcomhbhrón ó chroí a dhéanamh leis na teaghlaigh a chaill daoine muinteartha leo, agus le gach duine a bhí buailte ag an timpiste. Tá dlúthghaol idir lucht Arup agus an Craoslach agus ba chúis mhórtais againn é an deis a bheith againn dul ag obair le Comhairle Contae Dhún na nGall chun tacú le Cumann Pobail an Chraoslaigh agus a gcuid fuinnimh agus diongbháilteachta gan staonadh á ndíriú acu ar Phlean Athnuachana an Chraoslaigh (Plean an Chraoslaigh) a ullmhú. Táthar ag súil go bhfeidhmeoidh an Plean seo, de réir a chéile, mar threochlár a chuideoidh leis an bpróiseas cneasaithe agus go mbeidh daoine in ann breathnú chun cinn arís.

Is i gceantar tuaithe i nDún na nGall a d'fhás mise suas, agus tuigim an ról ar leith a bhí ag mo shráidbhaile féin agus mé óg. Is féidir le sráidbhailte an fheidhm sin a bheith acu fós, trí thréith sin an mhuintearais agus tríd an bhfonn a bhíonn ar dhaoine cuidiú le chéile. Tá gá le treoirphlean nua in Éirinn maidir le maireachtáil faoin tuath, ceann atá bunaithe ar shráidbhailte a bheith níos inbhuanaithe agus níos beoga ó thaobh an gheilleagair de, ar na glúnta éagsúla a bheith fite fuaite le chéile, agus ar naisc níos láidre a bheith idir iad agus an ceantar tuaithe thart timpeall orthu. Is ríléir ónár gcuid oibre le pobal an Chraoslaigh go bhfuil meon na meithle go smior iontu.

Seo Plean an Chraoslaigh, is iad muintir an Chraoslaigh a chuirfidh i bhfeidhm é, agus leis sin is féidir leis an sráidbhaile a bheith ina eiseamláir do phobail eile.

*Ní neart go cur le chéile*



Donal McDaid
Stiúrthóir de chuid Arup | Iompar agus Acmhainní – Ceann na hÉireann
Donal.McDaid@arup.com

*Trá Chnoc an Mharmair, Contae Dhún na nGall ©HannahSheridanPhotography*

In 2023, thosaigh Comhairle Contae Dhún na nGall, i gcomhar le Meitheal an Chraoslaigh, ag féachaint ar dheiseanna forbartha agus athnuachana chun tacú le muintir na háite agus iad ar aistear téarnaimh agus athnuachana i ndiaidh na tragóide a tharla ar an 7 Deireadh Fómhair 2022.

Thairg Arup a chuid seirbhísí pro bono chun Plean Sráidbhaile a ullmhú. Thuig na páirtithe leasmhara go léir go mbeadh muinín, cumarsáid oscailte agus comhairliúchán cuimsitheach de dhíth ionas go n-éireodh leis an bpróiseas sin, agus, mar gheall ar an tragóid a tharla, go bhféadfadh sé a bheith an-dúshlánach i gcás go leor de mhuintir an phobail.

Táim buíoch de na páirtithe leasmhara go léir as a ndúthracht agus as a bheith rannpháirteach leis an bpobal i rith na bliana. Tá cead pleanála tugtha anois i leith Thionscadal Atógála Pobail an Chraoslaigh agus tá Plean an Chraoslaigh foilsithe anois.

Molaim gach duine a chuidigh leis an obair thábhachtach sin agus a chinntigh go bhfuil an tionscadal seo ina eiseamláir den dea-chleachtas agus den dearadh comhpháirteach faoi stiúir an phobail. Léiríonn an tsamhail seo an dóigh ar féidir a chur ar a gcumas don phobal áitiúil cruth a chur ar shaol cuimsitheach, inbhuanaithe, comhroinnte dóibh féin sna blianta atá romhainn. Díol suntais ar leith is ea é, i gcás pobal a ndeachaigh tragóid chomh mór i bhfeidhm orthu, gur thug siad faoin obair as lámha a chéile agus gur phleanáil siad tús úr don Chraoslach.

Is mian liom a ghealladh do phobal an Chraoslaigh go bhfuil an Chomhairle meáite ar thacaíocht a thabhairt do mhuintir an Chraoslaigh agus d'fhorbairt leanúnach na dtionscadal seo. Sa chéad chéim eile, tabharfar faoin gcéim pleanála gnó agus cistithe caipitil faoi Thionscadal Atógála Pobail an Chraoslaigh, ó R3 2023 go R1 2024. Bunófar Meitheal an Bhaile in 2024 chun maoirsiú a dhéanamh ar chur i bhfeidhm Phlean an Chraoslaigh. Táim ag tnúth leis an dul chun cinn a dhéanfar i leith na dtionscadal seo.

Is mian liom aitheantas a thabhairt don obair a rinne pobal na háite agus Cumann Pobail an Chraoslaigh, don chúnamh flaithiúil ó Arup, agus d'fhoireann na Comhairle a léirigh meas mór ar an bpobal agus iad ag obair leo. Gabhaim buíochas faoi leith lenár bhFoireann Athnuachana agus leis an Uasal Liam Ward, Stiúrthóir Seirbhíse, as a dhúthracht agus as an obair mhór a rinne sé.



John G. McLaughlin

Comhairle Contae Dhún na nGall | Príomhfheidhmeannach

Is cúis ríméid agam é Plean an Chraoslaigh a bheith á fhoilsiú. Cuireadh an Plean seo i gcrích tar éis babhtaí comhairliúcháin leis an bpobal áitiúil agus léirítear ann an meon dóchais atá acu, a gcuid riachtanas agus an fhís atá acu i leith an bhaile. Aithnítear sa Phlean seo an gealladh ar leith atá faoin gCraoslach agus leagtar amach ann tosaíochtaí uaillmhianacha don bhaile ionas gur áit bhríomhar, inbhuanaithe a bheidh ann, ina mbeidh fáilte roimh chách agus a mbeidh seirbhísí maithe ag freastal air. Is é Pobal an Chraoslaigh an tsócmhainn is mó atá ag an mbaile, agus ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil le gach duine a thug aghaidh ar an dúshlán mór agus a rinne a gcion chun féachaint chuige gur faoi stiúir an phobail a ullmhaíodh an Plean agus gur tugadh aird ann ar riachtanais an phobail. Is anois a thosóidh an obair chrua, ar ndóigh, ach táim lánchinnte de gur féidir linne, ag obair dúinn as lámha a chéile, muintir na háite a chumasú le dul i bhfeidhm ar a sráidbhaile agus ar an saol poiblí ann ar bhealach a léiríonn cuimhne ar an tragóid a tharla agus meas ar na mairbh, agus iad ag breathnú go cróga chun cinn.



An Comhairleoir Martin Harley

Cathaoirleach Chomhairle Contae Dhún na nGall

# Clár na nÁbhar


Brollach – Heileo!

01 Réamhrá 7

Forléargas 8
Cuspóir 9
Cén fáth a bhfuil sé seo á dhéanamh anois? 10
Príomhchéimeanna 12
Limistéar Staidéir 14

02 Cá bhfuilimid anois? 17

Forléargas 18
Athbhreithniú Bonnlíne 19

03 An Méid a Dúirt an Pobal! 29

Forléargas 30
Cé agus conas? 31
Cé na Ceisteanna a cuireadh? 32
Figiúirí maidir le Rannpháirtíocht 34
Cén Tuiscint a Baineadh as an Méid a Dúradh? 36

04 Cá bhfuil ár dtriall? 43

An Fhís 44
Téamaí atá ag Teacht Chun Cinn 45

05 Conas a bhainfimid an cuspóir amach? 65

Réimsí Athraithe 66
Croíthionscadail 68
Tionscadail Tacaíochta 104
Bloic Thógála 109

06 Conas a chuirfear an tionscadal i bhfeidhm? 111

An Plean a Chur i bhFeidhm 112
Treochlár maidir le Cur i bhFeidhm 116


*Sléibhte Dhoire Bheatha ©HannahSheridanPhotography*



*Sléibhte Dhoire Bheatha ©HannahSheridanPhotography*

01

CÚLRA

# Réamhrá



*Anaclann Dúlra Choill Dhún Taithligh ©HannahSheridanPhotography*

RÉAMHRÁ

# Forléargas

## *Cúlra*

Tá Comhairle Contae Dhún na nGall (CCDG), mar aon le Meitheal an Chraoslaigh agus Cumann Pobail an Chraoslaigh, meáite ar athrú inbhuanaithe chun feabhais a bhaint amach do shráidbhaile an Chraoslaigh. Chun cabhrú leo an uaillmhian sin a bhaint amach, bhí an-áthas ar Arup a thacaíocht a thairiscint i leith próiseas rannpháirtíochta pobail, a bhí dírithe ar chuidiú le pobal na háite ionchur fiúntach a bheith acu in ullmhú an Phlean Athnuachana Sráidbhaile ('Plean an Chraoslaigh'). Seo Plean an Chraoslaigh, plean a bheidh faoi úinéireacht ag muintir na háite agus plean a chuirfear i bhfeidhm a bhuí le dúthracht agus diongbháilteacht an phobail.

Chun na deiseanna athnuachana a aithníodh i bPlean an Chraoslaigh a thapú, tá treochlár soiléir comhordaithe ag teastáil chun dul i ngleic le fadhbanna atá ag an sráidbhaile faoi láthair agus infheistíocht nua a mhealladh chuige. Beidh Plean an Chraoslaigh ina threoirphlean don sráidbhaile chun an méid sin a bhaint amach.

Leagtar amach anseo na príomhréimsí athraithe agus na tionscadail tosaíochta chun fís agus cuspóirí an phobail don Chraoslach a bhaint amach. Tógann sé ar anailís bhonnlíne fhairsing agus ar thuiscint ar chomhthéacs, agus ar shraith imeachtaí comhairliúcháin agus babhtaí plé le páirtithe leasmhara, nithe a raibh tionchar acu ar fad ar an treo a ghlacamar agus Plean an Chraoslaigh agus na sonraí atá ann á n-ullmhú.

Ní mór a rá go soiléir ón tús gur beag fiúntais, más fiúntas ar bith, a bheadh le Plean an Chraoslaigh murach an pobal agus a n-ionchur leanúnach. Mar sin, ba mhaith linn ár mbuíochas a ghabháil le muintir na háite, leis na scoileanna agus leis na gnólachtaí as a n-ionchur luachmhar i rith an ama, rud a chuir ar ár gcumas dúinn féachaint chuige gur tugadh éisteacht do gach duine agus gur díríodh aird ar na saincheisteanna is tábhachtaí.

Sa chuid seo, tugtar achoimre ar chúlra agus ar chuspóir Phlean an Chraoslaigh. Tugtar breac-chuntas ar na príomhchéimeanna in ullmhú an Phlean agus mínítear conas ar baineadh leas as na céimeanna luath-theagmhála agus measúnaithe chun an bonn a chur faoin iarracht téamaí comónta a shainaithint. Is as na téamaí sin a eascraíonn na tionscadail atá beartaithe.



*Tarbhealach Abhainn Choradh, Contae Dhún na nGall ©HannahSheridanPhotography*

RÉAMHRÁ

# Cuspóir

*Cuspóir an phlean*

## An Craoslach ('Creeslough')

Is mór an spórt é sráidbhaile an Chraoslaigh, atá suite i gceantar álainn a bhfuil oidhreacht luachmhar cultúir aige. A bhuí lena thimpeallacht ghleoite tuaithe, leis an stair a bhaineann leis, lena oidhreacht thógtha, a shócmhainní nádúrtha agus a phobal, tá an mianach ann chun bheith fiú níos fáiltí, níos beoga, agus níos áille fós. Tá gealladh ollmhór faoin sráidbhaile agus is áit é a bhfuil muintir an Chraoslaigh thar a bheith bródúil as, agus an ceart acu.

Aithnítear freisin go bhfuil dúshláin éagsúla le sárú ag an sráidbhaile, ar an leibhéal áitiúil agus an leibhéal náisiúnta araon. Ar an leibhéal áitiúil, tá an líonra gluaiseachta teoranta agus gabhann bóthar réigiúnach gnóthach tríd an sráidbhaile, feadh na príomhshráide. Ní maith mar a fheidhmíonn sé mar ríocht phoiblí dá bharr sin. I measc na ndúshlán eile, tá foirgnimh fholmha agus foirgnimh thréigthe ann, rud a léiríonn gníomhaíocht eacnamaíoch ar leibhéal íseal.

Nuair a chuirtear san áireamh dúshláin níos leithne amhail an éigeandáil aeráide, an téarnamh ó phaindéim COVID-19, athruithe déimeagrafacha, sláinte agus folláine, agus turasóireacht agus caitheamh aimsire inbhuanaithe, is léir nach mór an sráidbhaile a fhorbairt agus a chur in oiriúint dóibh. Ach cur chuige íogair, atá comhordaithe agus meáite, a ghlacadh i leith an athraithe sin, féachfar chuige go ndéanfar an sráidbhaile a athnuachan ar bhealach cuimsitheach, inbhuanaithe lena gcothófar an teacht aniar.

Soláthraítear sa phlean seo creat agus treoir maidir le conas is féidir leis an sráidbhaile fás agus forbairt, agus carachtar uathúil agus áilleacht nádúrtha an cheantair á gcaomhnú an tráth céanna. Is iad cuspóirí an phlean seo ná:

- Feabhas a chur ar cháilíocht na beatha do mhuintir na háite, idir óg agus sean.
- Cur leis an bhforbairt eacnamaíoch agus le deiseanna fostaíochta.
- Feabhas a chur ar an timpeallacht nádúrtha agus ar spásanna glasa.
- Inrochtaineacht níos fearr a chinntiú.
- Tógáil ar an meon láidir pobail agus féiniúlachta.

## Stádas Phlean an Chraoslaigh

Is doiciméad neamhreachtúil é an Plean seo; ach forbraíodh é sa dóigh is go bhfuil sé ag cloí le Plean Forbartha Chontae Dhún na nGall agus mar sin is treoir straitéiseach é don fhorbairt amach anseo. Breac-chuntas a bheith ann d'fhorbróirí ionchasacha, d'infheisteoirí agus d'úinéirí talún ar uaillmhianta an phobail agus ar an diongbháilteacht choiteann is ceart a chothú sa sráidbhaile agus sa cheantar máguaird.

RÉAMHRÁ

# Cén fáth a bhfuil sé seo á dhéanamh anois?

*Cúlra*

Ar an 7 Deireadh Fómhair 2022, tharla tragóid ar an gCraoslach, tragóid nach bhféadfaí í a shamhlú. Fuair deichniúr bás agus d'fhulaing daoine eile gortuithe tromchúiseacha nó tráma, chailleadar maoin agus chailleadar a slí bheatha. Mar fhreagra ar an tragóid agus ar an dóigh ar buaileadh teaghlaigh, an pobal áitiúil agus daoine eile, bheartaigh Comhairle Contae Dhún na nGall (CCDG), Meitheal an Chraoslaigh (MC) agus Cumann Pobail an Chraoslaigh (CPC), le tacaíocht ó Arup, tús a chur le próiseas chun Plean Sráidbhaile a ullmhú lena bhféadfaí an Craoslach a athnuachan agus, sa deireadh thiar, a leigheas i ndiaidh na tragóide.

### Tionscadal Atógála Pobail an Chraoslaigh (TAPC)

Tar éis na tragóide, tá cead pleanála 'Cuid 8' faighte ag Comhairle Contae Dhún na nGall i leith Tionscadal Atógála Pobail (TAP) i sráidbhaile an Chraoslaigh. Talamh ar chúl Eaglais Mhichíl atá i gceist (siar ó dheas uaidh), agus bheadh na gnéithe seo a leanas i gceist leis an bhforbraíocht:

- 'Mol Pobail' nua le spásanna ilchuspóireach agus cóiríocht d'úsáideoirí éagsúla. I measc na gcomhpháirteanna ar leibhéal na talún beidh: halla pobail agus spóirt, giomnáisiam, seomraí feistis, cithfholcadáin, leithris, ardán don lucht féachana, seomra cumarsáide agus stóras. I measc na gcomhpháirteanna ar leibhéal an chéad urláir beidh: spás oifige agus fáiltithe, forhalla poiblí, leithris phoiblí agus áis chun clúidíní a athrú, seomra pobail ilchuspóireach a mbeidh áiseanna cistine ann, stóras agus seomra comhairliúcháin don phobal.

- Páirc phobail ilchuspóireach nua, limistéar ilúsáide i gcomhair cluichí (MUGA), agus rian áineasa le tuilsoilse nua/uasghrádaithe i gcomhair cruinnithe agus imeachtaí pobail, cultúrtha, spóirt agus áineasa.

- Córas aontreo bainistíochta tráchta agus áiteanna páirceála, agus spás do 53 carr agus 2 bhus san áireamh.

- Gairdín pobail agus ríocht phoiblí thírdhreachaithe ina mbeidh páirc spraoi, cuibhrinn, seid gharraíodóireachta, conairí siúil, pailliún caifé agus suíocháin faoin spéir, ardán i gcomhair bannaí ceoil/ionad léirithe agus áit do mhargaí sealadacha. Cuirfear ar fáil 8 gcinn de spásanna páirceála do thuismitheoirí agus naíonáin, do dhaoine scothaosta agus do dhaoine faoi mhíchumas. Beidh rochtain uilíoch ar an áit agus cuirfear réiteach tréscaoilteachta i bhfeidhm.

- Oibreacha coimhdeacha gaolmhara lena n-áirítear seomra gléasra agus foirgneamh cothabhála, teicneolaíocht in-athnuaite agus pointí luchtaithe d'fheithiclí leictreacha, bainistíocht uisce báistí bunaithe ar an dúlra, draenáil láithreáin, nasc le soláthar agus seirbhísí uisce poiblí, feabhsuithe ar shoilsiú poiblí, comharthaí tírdhreacha agus ealaín phoiblí, chomh maith le ceangal leis an ngréasán séarachais poiblí agus conair sceite chuige.

### Cur Chuige Comhleanúnach, Comhordaithe i leith na hAthnuachana

I bhfianaise na dtairbhí móra sóisialta, eacnamaíocha agus comhshaoil a bheidh ag gabháil leis an Tionscadal Atógála Pobail, féachtar i bPlean an Chraoslaigh leis an leas is fearr is féidir a bhaint as an infheistíocht chaipitil atá beartaithe trí infheistíocht bhreise a mhealladh agus a ghiaráil chun obair athnuachana ar fud an tsráidbhaile a spreagadh. Trí chur chuige cúramach, comhordaithe, dírítear sa phlean seo ar chomhordú a dhéanamh – faoi chuimsiú creat stuama, loighciúil – ar thograí a bhaineann leis an ríocht phoiblí, le líonra gluaiseachta, le dul i ngleic le foirgnimh fholmha agus le láithreáin forbartha, chun tionscadail agus tionscnaimh atá uaillmhianach ach indéanta a thabhairt chun críche de réir a chéile.



*Tionscadal Atógála Pobail an Chraoslaigh (TAPC) © Comhairle Contae Dhún na nGall (CCDG)*

# AN CRAOSLAGH




Comhairle Contae
Dhún na nGall
Donegal County Council

*Tionscadal Atógála Pobail © Comhairle Contae Dhún na nGall (CCDG)*

RÉAMHRÁ

# Príomhchéimeanna

*Ullmhú agus struchtúr an Phlean*

Codanna 2 agus 3 den Phlean

Forbraíodh cur chuige trí chéim maidir le Plean an Chraoslaigh a ullmhú chun féachaint chuige go mbeadh an pobal páirteach ann go luath, go ndéanfaí taighde fónta, go ndéanfaí smaointe a thástáil agus go gcuirfí cruth ar idirghabhálacha.

Baineadh leas as an bhfaisnéis a bailíodh ag an gcéim rannpháirtíochta agus taighde luath chun téamaí agus mianta comónta a shainaithint. Ansin baineadh leas as na téamaí sin chun tionscadail agus idirghabhálacha féideartha a fhorbairt. Tríd síos agus an Plean á ullmhú, rinneadh machnamh ar an méid a dúirt an pobal ag na himeachtaí rannpháirtíochta ionas go mbainfí torthaí fiúntacha amach.

## Céim 1: Rannpháirtíocht agus Bonnlíne

Ag céim a haon, cuireadh an cheist **'cá bhfuilimid anois?'**

Bhí sé sin dírithe ar chúinsí mar atá faoi láthair, rud a bhí ríthábhachtach chun teacht ar thuiscint ar mhianach an Chraoslaigh, ar na deacrachtaí spásúlachta agus na deacrachtaí eile atá aige agus ar riachtanais an phobail. Mar chuid den obair sin, bailíodh eolas ó mhuintir na háite agus thángthas ar thuiscint ar mhianta an phobail agus ar mhianta pháirtithe leasmhara an rialtais araon, rud atá tábhachtach.

Faoi scáth an mhana 'do shráidbhaile féin, do phlean féin', chuidigh an rannpháirtíocht sin linn Plean an Chraoslaigh a ullmhú i gcomhar leis an bpobal, agus ní díreach don phobal. Is éard a bhí i gceist leis an bpróiseas rannpháirtíochta ná aiseolas a bhailiú ó mhuintir na háite trí shraith ceardlann, cuairteanna suímh, cruinnithe agus imeacht poiblí.

Rinneadh staidéar bonnlíne freisin chun an tsráidbhaile a shuíomh i dtéarmaí a chomhthéacs stairiúil, chultúrtha agus gheografaigh, agus i dtaobh an tionchair a bhí aige sin ar úsáid talún agus gluaiseacht sa sráidbhaile agus ar an dóigh ar tháinig sé chun cinn ó thaobh próifíl shocheacnamaíoch agus próifíl dhéimeagrafach de. D'fhág an cur chuige sin gur thángthas ar thuiscint níos doimhne ar na deacrachtaí agus na dúshláin. Chomh maith leis sin, d'eascair liosta soiléir deiseanna as, a bhain go sonrach leis an gCraoslach agus a bhí ina n-ionchur do Chéim 2 : Fís ag Teacht Chun Cinn don Athrú.

Cuid 4 den Phlean

## Céim 2: Fís ag Teacht Chun Cinn don Athrú

Ag céim a dó, cuireadh an cheist **'cá bhfuil ár dtriall?'**

Agus na príomhtheachtaireachtaí ó Chéim 1 á n-iniúchadh, bhí an dara céim seo dírithe ar fhís a cheapadh don Chraoslach, lena dtógfaí ar a láidreachtaí agus lena n-aithneofaí sraith téamaí agus gníomhartha straitéiseacha chun athrú a bhaint amach. Forbraíodh ocht dtéama chomhghaolmhara a bhaineann le comhfhorbairt áite mar thaca don fhís uileghabhálach i leith an Chraoslaigh.

Is éard a bhí i gceist leis an bpróiseas rannpháirtíochta ná dul i gcomhairle le páirtithe leasmhara chun an fhís, na téamaí agus na tionscadail ionchasacha a bhí ag teacht chun cinn a fhiosrú, chomh maith le heolas áitiúil agus faisnéis bhreise a bhailiú.

Faoi Chéim 2, thángthas ar chomhaontú maidir le fís agus treo oibre i leith an Chraoslaigh.

Codanna 5 agus 6 den Phlean

## Céim 3: Tionscadail a Bheachtú agus a Chur i bhFeidhm

Ag céim a trí, cuireadh an cheist **'conas a bhainfimid an cuspóir amach?'**

Bhí 'Tionscadail Tosaíochta' tagtha chun cinn le linn na gcéimeanna rannpháirtíochta agus físe, agus rinneadh iadsan a bheachtú agus a thástáil tuilleadh. Bhí an chéim seo dírithe ar thionscnaimh, idirghabhálacha agus sásraí a cheapadh, ar cinn iad a rachaidh i bhfeidhm ar shaol an tsráidbhaile amach anseo.

Is éard a bhí i gceist leis an bpróiseas rannpháirtíochta ná 'réimsí athraithe' a aithint, tionscadail fhéideartha a fhorbairt agus plean oibre a leagan amach i bhfoirm 'Plean Feidhmiúcháin'.

I measc na mbuntáistí a bhain le céim a trí bhí fáil amach cad iad na tionscadail tosaíochta a bhí ón bpobal, agus féachaint cé na hacmhainní a bheidh ag teastáil chun na tionscadail sin a chur i bhfeidhm, amhail páirtithe leasmhara, maoiniú agus rialachas.

RÉAMHRÁ

# Limistéar Staidéir

*Réimse fócais*

Tá an staidéar a rinneadh dírithe go príomha ar theorainn lonnaíochta an Chraoslaigh, ach ní mar sin a shainítear é. Ina áit sin, i bhfianaise an chomhthéacs tuaithe, cuimsítear i scóip an limistéir staidéir tailte in aice láimhe agus an chúlchríoch thuaithe ina bhfuil cónaí ar chuid mhaith de phobal an Chraoslaigh. Bhí sé tábhachtach a aithint go bhfuil ár gceantair thuaithe, ár sráidbhailte agus ár mbailte nasctha le chéile agus ag brath ar a chéile, lena chinntiú go gcuimseofar sa phlean na daoine a mheasann gur cuid de chreatlach shóisialta agus de shaol laethúil an Chraoslaigh iad.






*Léarscáil Suímh © Arup*





*Caisleán na dTuath, An Chraoslach ©HannahSheridanPhotography*

# 02

BONNLÍNE

## Cá bhfuilimid anois?



*Anaclann Dúlra Choill Dhún Taithligh ©HannahSheridanPhotography*

CÁ BHFUILIMID ANOIS?

# Forléargas

## *Cúlra*

Sa chuid seo, scrúdaítear na tosca a mhúnlaigh an Craoslach mar shráidbhaile, agus leagtar béim ar na nithe a chuaigh i bhfeidhm air ó thaobh na staire, an chultúir agus na gné geografaí de. Is i gceantar álainn, iargúlta, fiáin thuaisceart Dhún na nGall atá an Craoslach, rud a théann i bhfeidhm ar a fhéiniúlacht agus a chothaíonn deiseanna dó. Ní hamháin go bhfuil áilleacht ar leith ag baint leis an sráidbhaile, agus é ar an iargúil i gceantar aoibhinn réchnocach ina bhfuil lochanna suaimhneacha agus foraoisí úrghlasa, ach chuaigh an tírdhreach sin i bhfeidhm ar mhodh maireachtála mhuintir na háite chomh maith.

Tá na tograí straitéiseacha sa phlean seo bunaithe ar theacht chun cinn an Chraoslaigh, ón uair a bhí sé ina bhaile margaidh go dtí an ról atá ag dul i dtreise dó anois mar mhol turasóireachta. Cé go bhfuil meon láidir pobail agus luachanna comhroinnte ag an sráidbhaile go fóill, fágann athruithe ar chomhdhéanamh an phobail, imirce agus uirbiú go bhfuil an éagsúlacht i réim anois, agus go bhfuil athrú tagtha ar struchtúr na sochaí.

Tá sé ríthábhachtach na hathruithe déimeagrafacha sin a thuiscint chun plean a cheapadh lena bhféadfar freastal ar riachtanais agus mianta an phobail agus bunghnéithe an Chraoslaigh á gcaomhnú agus á gcosaint againn an tráth céanna.




Léarscáiliú Stairiúil OS ©OSI

CÁ BHFUILIMID ANOIS?

# Stair

## *Fréamhaithe go Domhain sa Stair*

Scéal saibhir atá ag an gCraoslach, a shíneann ón ré réamhstairiúil go dtí an lá atá inniu ann. Bhí sé faoi thionchar i rith an ama sin ag a shuíomh cois cósta, ag an rochtain ar acmhainní agus ag naisc le lonnaíochtaí comharsanachta.

Tugann obair na seandálaithe léargas dúinn ar na daoine a chónaíodh anseo fadó: tá tuamaí meigiliteacha ann agus tá galláin ar Leithinis Chorrán Binne gar don bhaile, lena leagtar béim ar an tábhacht a bhaineann leis mar ionad réamhstairiúil. Bhí rath ar an sráidbhaile le linn an 17ú haois mar mhol talmhaíochta agus iascaireachta, agus tháinig borradh faoi arís sa 19ú haois nuair a rinneadh líne iarnróid idir an Chraoslach agus bailte cóngaracha cosúil le Leitir Ceanainn agus an Fál Carrach.

Tá saibhreas mór sa Chraoslach freisin i dtaobh na n-ealaíon agus na hoidhreachta cultúrtha, agus is ón gceantar sin do dhaoine mór le rá mar an t-amhránaí clúiteach Percy French agus an file dúshlánach Niall Mac Giolla Bhríghde.

*An Phríomhshráid, An Chraoslach © Creeslough.com*

*An Phríomhshráid, An Chraoslach © WeloveDonegal*



*Tarbhealach Iarnróid Abhainn Choradh © Arup*


CÁ BHFUILIMID ANOIS?

# Tírdhreach

## *Seod i measc na gCloch*

Bhí tionchar mór ag gnéithe geomoirfeolaíocha agus geolaíocha ar thírdhreach agus ar struchtúr an Chraoslaigh. Tá an sráidbhaile i ngleann oighreach ag bun Shléibhte Dhoire Bheatha, in aice leis an gcósta, agus mhúnlaigh oighearshruth tír-raon an Chraoslaigh le linn na hoighearaoise deireanaí, rud a chruthaigh gleannta cuasacha agus cnoic a bhfuil fána ghéar iontu. Tá gnéithe ar nós coirí agus dromanna le sonrú ar na sléibhte gar dó, ar nós Shliabh Earagail agus na Mucaise, fathaigh mhaorga Dhún na nGall, mar gheall ar an oighearshruth sin. Is é mórghné gheolaíoch an réigiúin ná carraigeacha meiteamorfacha an Mhórghrúpa Dhálriadaigh, ar tháinig fillteacha agus éisc iontu le linn an oraiginis Chaladónaigh. Ní furasta na carraigeacha sin a chreimeadh, rud a chuireann le tírdhreach creagach an cheantair. Mar gheall ar an taobh tíre cnocach creagach sin, is forbairt ribíneach a rinneadh den chuid is mó ar an gCraoslach, feadh an phríomhbhóthair tríd an sráidbhaile áit a bhfuil an talamh níos réidhe, rud a oireann don tógáil.

Bíonn muintir na háite agus cuairteoirí araon faoi gheasa ag tírdhreach réchnocach an Chraoslaigh, ag a shléibhte creagacha agus ag a ghleannta úrghlasa. Éiceachórais ar leith is ea na portaigh atá thart timpeall an tsráidbhaile, agus is mealltach atá tránna agus cladaigh cloch an chósta, a oireann go mór do phlandaí éagsúla agus d'ainmhithe agus éisc mhara. I measc na n-áiteanna a mbíonn tóir ag cuairteoirí orthu tá Sléibhte Dhoire Bheatha, Páirc Foraoise na hArdadh, Páirc Náisiúnta Ghleann Bheatha agus Cuan na Caorach. Tá roinnt lochanna sa réigiún freisin – an Lochán Mór, Loch an Ghleanna, Glen Lake, Loch Rúscaí agus Loch an Chraoslaigh.



*Carraigeacha meiteamorfacha an Mhórghrúpa Dhálriadaigh*



*Tírdhreach nádúrtha maorga atá glas agus gorm (An Chraoslach )*



*An Mhucais, contae Dhún na nGall © Arup*

CÁ BHFUILIMID ANOIS?

# Turasóireacht

## *Bealach isteach chuig Dún na nGall*

Tá an Craoslach suite i gceantar réchnocach ina bhfuil lochanna suaimhneacha agus dlúthfhoraoisí, rud a mheallann turasóirí chuige ó gach cearn den domhan. I measc na nithe is díol spéise sa sráidbhaile tá Caisleán na dTuath, daingean iontach meánaoiseach ón 16ú haois atá oscailte don phobal, agus a mbíonn turais threoraithe air á dtairiscint go rialta. Bíonn an tóir chéanna ar Pháirc Foraoise na hArdadh, anaclann dúlra fhairsing ina bhfuil conairí siúil, tránna iargúlta, agus radhairc iontacha amach ar an Aigéan Atlantach. Is tearmann do dhíograiseoirí dúlra í an pháirc seo, ina bhfuil an iliomad ainmhithe agus éan.

Is bealach é an Craoslach isteach chuig tuaisceart Dhún na nGall, agus is furasta dul uaidh chuig áiteanna mar Pháirc Náisiúnta Ghleann Bheatha agus bailte cois cósta mar Dhún Fionnachaidh. De réir a chéile, tá an Craoslach ag teacht chun cinn mar cheann scríbe ar Shlí an Atlantaigh Fhiáin, bealach cósta 2,500 km a thugann léargas ar áilleacht nádúrtha na hÉireann.



*Caisleán na dTuath, An Chraoslach © Arup*



*Slí an Atlantaigh Fhiáin, Cnoc an Mharmair © Arup*



*Trá Iseabal (Lady Isabella's Beach), Mainistir na hArdadh © Arup*

CÁ BHFUILIMID ANOIS?

# Oideachas

## *Glúnta na Todhchaí a Fhorbairt*


Dhá bhunscoil atá ar an gCraoslach, Scoil Mhuire (a bunaíodh in 1894) agus Scoil Náisiúnta an Chraoslaigh (a bunaíodh in 1926). Tá thart ar 150 agus 80 dalta ar an rolla sa dá scoil faoi seach. Sa sráidbhaile freisin tá Ionad Cúraim Páistí Pobail an Chraoslaigh, naíolann phobail do pháistí idir 6 mhí agus 4 bliana d'aois, ina gcuirtear cúram iarscoile ar fáil freisin. Mar gheall ar institiúidí oideachais ardchaighdeáin dá leithéid a bheith ann, bíonn fonn ar theaghlaigh cur fúthu ar an gCraoslach.



*Scoil Mhuire an Chraoslaigh © Arup*




*Scoil Náisiúnta an Chraoslaigh © Arup*



*Ceardlann rannpháirtíochta do scoileanna á reáchtáil ag Arup © Arup*

CÁ BHFUILIMID ANOIS?

# An Treo atá ag Teacht Chun Cinn

## Forléargas ar Bheartas


### An Mórchreat Beartais

Is cuid de mhórchreat beartais é athnuachan an Chraoslaigh, agus tacaíonn an creat beartais sin leis an obair athnuachana. Tugtar breac-chuntas sa chuid seo ar príomhbheartais agus mar a thagann siad leis an bPlean seo lena chinntiú gur féidir tacú le hathnuachan an Chraoslaigh trí chuspóirí réigiúnacha, náisiúnta agus idirnáisiúnta, lena réitítear an bealach do shaol inbhuanaithe ina mbeidh an ceantar faoi bhláth.

An Leibhéal Náisiúnta




An Leibhéal Réigiúnach




Leibhéal an Chontae




An Leibhéal Áitiúil





*Múrphictiúr ag The Corner Brew ©HannahSheridanPhotography*

CÁ BHFUILIMID ANOIS?

# An Treo atá ag Teacht Chun Cinn

## Forléargas ar Bheartas




### Plean Gníomhaíochta um Fhorbairt Tuaithe 2018

Le 'Fíorú Ár nAcmhainneacht Tuaithe – Plean Gníomhaíochta um Fhorbairt Tuaithe' (2018), leagtar amach cuspóirí agus gníomhaíochtaí an Rialtais do phobail tuaithe in Éirinn. Tá cúig phríomhcholún théamacha sa phlean sin lena leagtar amach beartas forbartha ar an leibhéal náisiúnta, rud a chuaigh i bhfeidhm ar Phlean Forbartha Chontae Dhún na nGall 2018-2024 (arna leasú).

Is iad na cúig cholún ná:

- Tacú le Pobail Inbhuanaithe.
- Tacú le Fiontraíocht agus Fostaíocht.
- Ár nAcmhainn Turasóireachta agus Áineasa Tuaithe a uasmhéadú.
- Cultúr agus Cruthaitheacht a Chothú i bPobail Tuaithe.
- Bonneagar agus Nascacht a Fheabhsú Faoin Tuath.

Baineann Colún 1 go háirithe leis an gCraoslach, áit a n-aithnítear gurb iad na bailte agus sráidbhailte tuaithe croílár na bpobal tuaithe agus go gcuireann siad ar a gcumas do phobail a bheith faoi bhláth. Aithnítear i mbeartas an Rialtais go dteastaíonn cur chuige comhtháite ar an leibhéal náisiúnta, an leibhéal réigiúnach agus an leibhéal áitiúil chun tacú leis an gcur chuige seo lena chinntiú gur áiteanna bríomhara iad na bailte agus sráidbhailte tuaithe.




### Todhchaí Cheantar Thuaithe na hÉireann: Beartas Forbartha Tuaithe 2021-2025

Is creat é 'Todhchaí Cheantair Thuaithe na hÉireann' i leith forbairt na gceantar tuaithe in Éirinn sna cúig bliana amach romhainn. Is é fís an Rialtais é go mbeidh ceantair thuaithe na hÉireann faoi bhláth, rud atá ina ghné lárnach d'fholláine agus d'fhorbairt eacnamaíoch, sóisialta, cultúrtha agus comhshaoil na tíre. Tá áiteanna tuaithe beoga bríomhara ríthábhachtach don chreat náisiúnta mar a bhfuil acmhainn ann chun spreagadh breise a thabhairt do phobail ar fud na tíre, poist ardchaighdeáin a chruthú i gceantair thuaithe, agus an comhshaol a chothú. Leagtar amach sa bheartas cur chuige nua bunaithe ar áit i leith fhorbairt na tuaithe in Éirinn, faoina dtabharfar tacaíocht agus spreagadh do phobail tuaithe i dtaobh pleananna fadtréimhseacha a fhorbairt dá gceantar féin. Dhá chuspóir théamacha atá ábhartha don Chraoslach is ea go dtacaíonn an beartas le hathnuachan agus forbairt na mbailte agus na sráidbhailte tuaithe agus leis an infheistíocht iontu mar mhoil gníomhaíochta eacnamaíche agus sóisialta.




## Plean Forbartha Chontae Dhún na nGall 2018-2024 (arna leasú)


Beartaítear i bPlean Forbartha Chontae Dhún na nGall 2018-2024 (arna leasú) go mbeidh Contae Dhún na nGall, faoi 2038, ina réigiún rathúil, nasctha, ag freastal ar dhaonra níos mó ná 200,000 duine, meastar, agus ag díriú ar an gcaighdeán maireachtála is airde in Éirinn a bhaint amach. Féachtar leis le ról lárnach a bheith ag an gcontae i Réigiún Chathracha an Iarthuaiscirt agus i dTionól Réigiúnach an Tuaiscirt agus an Iarthair.

Tá roinnt cuspóirí straitéiseacha luaite sa phlean a bhaineann le Plean an Chraoslaigh, lena n-áirítear:

- Tacaíocht d'fhás daonra.
- Infheistíocht sa bhonneagar chun nascacht a fheabhsú.
- Tús áite a thabhairt d'athnuachan a dhéanamh ar bhailte, sráidbhailte agus ceantair thuaithe an chontae.
- Tacú le pobail bhríomhara, neartaithe chun borradh eacnamaíoch a spreagadh.
- Tairbhí eacnamaíocha a spreagadh ar fud an réimse uirbigh.
- Cosaint an chomhshaoil agus feabhsú na bithéagsúlachta.
- Tacú le fiontair nuálacha.
- Tús áite a thabhairt don inbhuanaitheacht don todhchaí.

Sa straitéis sin, tá an Chraoslach sa chatagóir 'Sraith 3', lena gcuirtear béim ar an tábhacht a bhaineann leis maidir le stíl mhaireachtála uathúil, acmhainní nádúrtha, turasóireacht agus deiseanna eacnamaíocha a bhaineann le ceantair thuaithe.

Aithnítear luach na bpobal sin i bPlean Forbartha Chontae Dhún na nGall 2018-2024 (arna leasú), ina leagtar béim ar an ngá atá lena n-athbheochan, i bhfianaise an róil lárnaigh atá acu maidir le soláthar seirbhíse, léiriú cultúrtha, agus tacaíocht phobail.




## An Creat Náisiúnta Pleanála 2040

Sonraítear sa Chreat Pleanála Náisiúnta 2040 pleananna do Réigiún an Iarthuaiscirt. Leagtar béim mhór ann ar cheantair thuaithe i ndáil leis na gnéithe seo a leanas:

- Creatlach thuaithe na hÉireann a neartú agus tacú leis na pobail a chónaíonn ann.
- Pleanáil d'fhás agus d'fhorbairt na gceantar tuaithe amach anseo, agus muid ag díriú ar acmhainneacht athnuachana a ghníomhachtú agus ar bhailte agus sráidbhailte beaga a fhorbairt.
- Beartais phleanála agus infheistíochta a chur i bhfeidhm chun tacú le cruthú post sa gheilleagar tuaithe.
- Aghaidh a thabhairt ar bhearnaí nascachta.
- Comhordú níos fearr a dhéanamh ar chláir infheistíochta atá ann cheana féin faoina ndéileáiltear le cuimsiú sóisialta, forbairt tuaithe agus athnuachan bailte agus sráidbhailte.

Agus é á thuar go mbeidh ardú de bhreis agus 1 mhilliún ag teacht ar dhaonra na hÉireann faoi 2040, is é an dúshlán atá romhainn ná cothromaíocht a bhaint amach idir forbairt uirbeach agus forbairt na tuaithe. Dírítear sa Chreat Náisiúnta Pleanála ar phríomhghnéithe amhail bonneagar, inrochtaineacht, agus fás rialaithe. Tá sé ina aidhm leis cultúr agus tírdhreach na tuaithe a chosaint agus athbheochan a dhéanamh ar bhailte agus sráidbhailte atá ag meath, trí athúsáid agus athfhorás. Leagtar luach ar an oidhreacht thógtha agus ar thurasóireacht inbhuanaithe, Slí an Atlantaigh Fhiáin mar shampla.

Leagtar béim sa Chreat Náisiúnta Pleanála ar ghlasbhealaí agus gormbhealaí chun an geilleagar tuaithe a éagsúlú agus tacaítear le fuinneamh in-athnuaite le haghaidh dul chun cinn a dhéanamh ó thaobh na heacnamaíochta agus na haeráide de. Faoin gcreat sin, tugtar tús áite do phleanáil ionchuimsitheach, aoisbháúil chun freastal ar riachtanais na ndaoine scothaosta agus na dteaghlach óg araon.

*An Mhucais, contae Dhún na nGall ©HannahSheridanPhotography*




## An Plean Forbartha Náisiúnta 2021-2030

Cuimsítear sa Phlean Forbartha Náisiúnta naoi gcuspóir straitéiseacha. Astu sin, is é is aidhm le CSN 3 – Geilleagair agus Pobail Tuaithe Neartaithe, tacú le forbairt inbhuanaithe gheilleagair agus phobail tuaithe na hÉireann. Áirítear leis an gcuspóir sin raon beart chun an sprioc sin a bhaint amach, lena n-áirítear:

- Infheistíocht i mbonneagar, amhail leathanbhanda, bóithre, agus seirbhísí uisce agus fuíolluisce.
- Tacaíocht d'fhiontair agus do chruthú post, tríd an gclár LEADER agus tríd an gCiste Forbartha Fiontraíochta Tuaithe, mar shampla
- Maoiniú le haghaidh forbairt pobail agus tionscadail athnuachana, amhail an Scéim Athnuachana Bailte agus Sráidbhailte agus an Scéim Shóisialta Tuaithe.
- Tacaíocht d'fhorbairt na hearnála agraibhia, don turasóireacht agus do thionscail eile tuaithe.
- Cónaí faoin tuath ar bhealach inbhuanaithe agus cosaint an chomhshaoil a chur chun cinn, tríd an gCiste Athghiniúna Tuaithe agus Uirbí, an Plean Náisiúnta Leathanbhanda, moil chianoibre a bhunú, agus an clár busanna 'Éire á Nascadh', scéimeanna atá dírithe ar fheabhas a chur ar shaol an phobail tuaithe agus ar rochtain eacnamaíoch.

Tá CSN 3 ábhartha i gcomhthéacs Phlean an Chraoslaigh ós rud é gur creat é le haghaidh infheistíocht i bpríomhréimsí atá riachtanach d'fhorbairt inbhuanaithe na tuaithe, lena leagtar amach deiseanna maoinithe a fheabhsóidh cáilíocht na beatha do mhuintir na háite, a mheallfaidh cuairteoirí, agus a thacóidh le gnólachtaí.





## An Straitéis Réigiúnach Spáis agus Eacnamaíoch (SRSE) 2020-2032

Feidhmíonn an Straitéis Réigiúnach Spáis agus Eacnamaíoch, a d'ullmhaigh Comhthionól Réigiúnach an Tuaiscirt agus an Iarthair, chun tacú le cur i bhfeidhm Thionscadal Éireann 2040 trí phleanáil agus infheistíocht a nascadh faoin gCreat Náisiúnta Pleanála agus faoin bPlean Forbartha Náisiúnta, agus is creat fadtréimhseach eacnamaíoch agus pleanála é do Réigiún an Tuaiscirt agus an Iarthair. Is treochlár é d'fhorbairt réigiúnach éifeachtach, agus idir fhreagairt, dearadh agus nuálaíocht i gceist leis, i ndáil leis an dóigh a ndéanaimid gnó, a gcuirimid tithe ar fáil, a dtógaimid pobail agus a gcuirimid luach ar úsáid talún. Agus é sin á dhéanamh, tá sé ina aidhm leis áiteanna folláine a chothú agus pobail inbhuanaithe a chur chun cinn.

Is beartas í an Straitéis Réigiúnach Spáis agus Eacnamaíoch a thacaíonn le hathghiniúint agus athnuachan na mbailte beaga agus na sráidbhailte i gceantair thuaithe, agus moltar go sonrach inti go n-aithneofaí deiseanna oiriúnacha forbartha i leith athnuachan atá bunaithe ar phróiseas ardchaighdeáin maidir le láithreáin a roghnú, próiseas lena dtugtar aghaidh freisin ar shrianta comhshaoil. Agus tagairt dhíreach á déanamh don Chraoslach, luaitear sa Straitéis go bhfuil 'Taitneamhachtaí taitneamhachta lena mbaineann cumas fáis' sa cheantar, is é sin Caisleán na dTuath.


## Scéimeanna Eile a Chomhtháthú


Agus an plean seo á chur le chéile, breathnaíodh freisin ar bheartais éagsúla eile, ar threoracha straitéiseacha, agus ar thionscnaimh phobail ó cheantair chóngaracha. Ina measc siúd tá Tionscadal Athnuachana Mhainistir na hArdadh – Tús Úr, an Glasbhealach ó Charraig Airt go dtí na Dúnaibh, an Glasbhealach ó Ailt an Chorráin go Leitir Ceanainn, Tionscadal na bPobal Nuálach i nDún Fionnachaidh, agus na creatchuspóirí lonnaíochta atá ag teacht chun cinn i nDréachtphlean Chomhairle Contae Dhún na nGall 2024-2030. De réir mar a théann gach tionscadal ar aghaidh, beidh gá le hanailís leanúnach a dhéanamh ar bheartas agus ar fhorbairt ag gach céim.

















## Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe

Is i mí Mheán Fómhair 2015 a ghlac gach ceann de 193 Ballstát na Náisiún Aontaithe na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe, a bhfuil 17 acu ann agus 169 cuspóir ag gabháil leo. Is treoirphlean idirnasctha iad don fhorbairt dhomhanda go dtí 2030. Is treoir ardleibhéil iad na spriocanna sin agus is gá iad a bhreithniú ar bhonn fadtréimhseach ionas go mbainfear amach athrú chun feabhais. Ceanglaítear ar gach tír agus ar na páirtithe leasmhara go léir Clár Oibre 2030 don Fhorbairt Inbhuanaithe a chur chun feidhme sna príomhréimsí ríthábhachtacha: Daoine, an Pláinéad, Rathúnas, Síocháin agus Comhpháirtíocht.

17

*Na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe*




*An Mhucais, contae Dhún na nGall ©HannahSheridanPhotography*





*Scoil Mhuire, An Chraoslach ©HannahSheridanPhotography*

03

AISEOLAS

# An Méid a Dúirt an Pobal!




*Rannpháirtíocht le Pobal , An Chraoslach ©Arup*

AN MÉID A DÚIRT AN POBAL!

# Forléargas

*Cúlra*

Forbraíodh próiseas láidir rannpháirtíochta, faoinar cuireadh an-chuid deiseanna ar fáil do mhuintir na háite, úinéirí gnó, agus páirtithe leasmhara eile a gcuid smaointe a roinnt agus aiseolas a thabhairt de réir mar a chuaigh an plean chun cinn, ó bhéal agus ar líne.

Déanfar iniúchadh sa chuid seo ar an méid atá le rá acu siúd atá ag cur fúthu ar an gCraoslach, ag obair ann nó a bhíonn i mbun fóillíochta ann, agus a dtaithí féin, a gcuid mianta agus uaillmhianta á gcur in iúl acu. Thuigeamar an tábhacht a bhaineann le deis a bheith ag gach duine ar an sráidbhaile labhairt amach ionas go mbeadh bunús fiúntach le Plean an Chraoslaigh. Bhí sé ina sprioc againn plean a ullmhú i gcomhar leis an bpobal, ní don phobal.




*Rannpháirtíocht le Pobal an Chraoslaigh ©Arup*

AN MÉID A DÚIRT AN POBAL!

# Cé agus Conas?

*An cur chuige a ghlacamar i leith na rannpháirtíochta*

## Cé

Chomh maith leis an bpobal, bhí na príomhghrúpaí páirtithe leasmhara seo a leanas gníomhach i mbabhtaí plé, i gceardlanna agus i seisiúin aiseolais:

- Iontaobhaithe na talún ar chúl Eaglais Mhichíl.
- Cumann Pobail an Chraoslaigh.
- Meitheal an Chraoslaigh.
- Daltaí Bunscoile agus Meánscoile an cheantair.
- Ionad Cúraim Páistí an Chraoslaigh.
- Seanóirí ó Ionad Lae an Chraoslaigh.
- Gnólachtaí Áitiúla/Úinéirí Réadmhaoine agus Úinéirí Talún.




*Bord fáilte ag Seisiún Rannpháirtíochta an Chraoslach© Arup*

## Conas

Eagraíodh imeachtaí rannpháirtíochta ina dtrí chéim. Bhí gníomhaíochtaí éagsúla i gceist le gach céim chun féachaint chuige go spreagfaí idirghníomhaíocht agus aiseolas den scoth.

**1 Tionscnamh agus bailiú smaointe** (Aibreán – Bealtaine 2023)

- Cruinnithe spriocdhírithe le páirtithe leasmhara
  *Lena n-áirítear iontaobhaithe na talún ar chúl Eaglais Mhichíl; daoine muinteartha leo siúd a fuair bás sa tubaiste; an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra*
- Ceardlann do sheanóirí
- Ceardlanna bunscoile agus meánscoile
- Imeacht faisnéise poiblí
- Suíomh gréasáin Phlean an Chraoslaigh
- Ceistneoir ar líne

**2 Dréachtphlean an Chraoslaigh a chur i láthair** (Meitheamh – Iúil 2023)

- Cruinnithe spriocdhírithe le páirtithe leasmhara
  *Lena n-áirítear Ceardlann le hÚinéirí Talún, Úinéirí Réadmhaoine agus Gnólachtaí*
- Seisiún eolais agus aiseolais do sheanóirí
- Seisiún eolais agus aiseolais do bhunscoileanna
- An dara himeacht faisnéise poiblí
- Eolas breise maidir le suíomh gréasáin Phlean an Chraoslaigh
- Bealach aiseolais ar líne

**3 Plean an Chraoslaigh á chur faoi bhráid Mheitheal an Chraoslaigh agus Chumann Pobail an Chraoslaigh** (Feabh – Márta 2024)

AN MÉID A DÚIRT AN POBAL!

# Cé na ceisteanna a cuireadh?

*Aistear comhoibritheach*

## An Chéad Chéim den Rannpháirtíocht

Bhí an chéad chéim den rannpháirtíocht dírithe ar oideachas, comhroinnt faisnéise agus idirphlé fiúntach. Cuireadh tionscadal Phlean an Chraoslaigh i láthair ar gach ardán rannpháirtíochta (ar líne, imeacht poiblí, ceardlanna, srl.) agus iarradh ionchur ina leith. Chun aiseolas a spreagadh, cuireadh na ceisteanna seo a leanas:

- Láidreachtaí – Cad is breá leat faoin gCraoslach?
- Dúshláin – Cad é a theastaíonn uait a fheabhsú sa Chraoslach?
- Deiseanna – Cad ba bhreá leat a fheiceáil sa Chraoslach?
- Bacainní – Cad a chuireann bac ar an gCraoslach ó thaobh barr feabhais a bhaint amach?

Fuarthas aiseolas ar bhealaí éagsúla – ar chláir thaispeána le nótaí greamaitheacha, le balla 'roinn do chuid smaointe', le léarscáil bhoird mhór den Chraoslach, le foirmeacha aiseolais, trí chomhrá ginearálta, agus trí shuirbhé ar líne. Rinneadh na tuairimí go léir a thiomsú agus cuireadh i gcatagóirí iad ar bhonn na dtéamaí a tháinig chun cinn agus na moltaí a rinneadh arís agus arís eile.

## An Dara Céim den Rannpháirtíocht


**Dúirt tú do chuid. D'éisteamar leat!** Tugadh an-chuid freagraí ar an gcéad chéim den chomhairliúchán: líonadh isteach **202 suirbhé,** bailíodh breis agus **1200** trácht agus rinneadh **66** moladh téamach maidir le cad ba mhaith agus nár mhaith leis an bpobal sa sráidbhaile.

Rinneadh gach moladh ón bpobal a mheas agus a chomhtháthú leis an bhfís atá ag teacht chun cinn don Chraoslach. Aithníodh roinnt tograí féideartha, agus ansin cuireadh os comhair an phobail agus na bpáirtithe leasmhara arís iad ionas go bhféadfaí athbhreithniú a dhéanamh orthu agus iad a chur in ord tosaíochta.

Spreagadh rannpháirtíocht leanúnach trí cheardlanna, imeacht poiblí, agus cruinnithe éagsúla chun na tionscadail tosaíochta a bheachtú. Bailíodh aiseolas spriocdhírithe ar chláir thaispeána, áit ar iarradh ar rannpháirtithe scór a thabhairt do na tionscadail ar scála idir 'Tosaíocht Ard' agus 'Tosaíocht Íseal'. Rinneadh suirbhé ar líne freisin chun an t-aiseolas sin a bhailiú. Tá liosta deiridh na dtionscadal a roghnaigh an pobal, agus iad in ord tosaíochta, i gCuid 5 den Phlean seo.



*An Bord Aiseolais ag Seisiún Rannpháirtíochta © Arup*





*An Bord Tosaíochta ag Seisiún Rannpháirtíochta © Arup*





# Do Shráidbhaile Féin. Do Thuairim Féin.













Rannpháirtíocht le Pobal an Chraoslach ©Arup

AN MÉID A DÚIRT AN POBAL!

# Figiúirí

*Figiúirí maidir le Rannpháirtíocht*

## 247
Líon na ndaoine a d’fhreastail ar imeachtaí san fhíorshaol


## 300
Líon na bpáistí ó 9 gcinn de bhunscoileanna agus meánscoileanna

## 70
Líon na ndaoine a ndeachthas i gcomhairle leo ag cruinnithe faisnéise éagsúla do pháirtithe leasmhara

## 202
Líon na bhfreagraí a tugadh ar an suirbhé sa chéad chéim den rannpháirtíocht

## 110
Líon na bhfreagraí sa dara céim den rannpháirtíocht

## 1400
Líon na dtuairimí aonair




## TORTHAÍ COMHTHÁITE ÓN BPOBAL AGUS NA SCOILEANNA (RANNPHÁIRTÍOCHT CHÉIM 1)




## IMEACHT POIBLÍ AGUS SUIRBHÉ I GCOMPARÁID LE TORTHAÍ Ó NA SCOILEANNA (RANNPHÁIRTÍOCHT CHÉIM 1)

- Áiseanna aclaíochta
- Áiseanna do chách
- Bonneagar inrochtana
- Áiseanna iompair
- Spásanna i gcomhair imeachtaí sóisialta
- Áiseanna do pháistí óga
- Feabhas ar lár an bhaile
- Áiseanna do dhéagóirí
- Áiseanna gníomhaíochta / pobail
- Gnó agus poist
- Radhairc agus an dúlra
- Siopaí miondíola agus tráchtála
- Acmhainneacht forbartha
- Dul i ngleic leis an tréigean
- Tacaíocht do theaghlaigh
- Láithreacha suí agus gairdíní
- Tacaíocht ó thaobh na folláine de
- Áiseanna do thurasóirí
- Áiseanna do dhaoine a bhfuil riachtanais speisialta acu
- Áiseanna do sheanóirí
- Tithíocht
- Áiseanna do dhaoine fásta






AN MÉID A DÚIRT AN POBAL! – RANNPHÁIRTÍOCHT FAOI CHÉIM 1

# Cén Tuiscint a Baineadh as an Méid a Dúradh?

*Réimse fócais*

"Cad is breá leat faoin gCraoslach?

Láidreachtaí"

"Cad é a theastaíonn uait a fheabhsú sa Chraoslach?

Dúshláin"

**Láidreachtaí**

- Aer glan.
- An dúlra thart timpeall orainn.
- Taobh tíre gleoite agus radhairc áille.
- Muintir an Chraoslaigh.
- Meon pobail agus tacaíocht pobail.
- Na háiseanna atá againn – ionad sláinte, poitigéir, oifig an phoist, comhar creidmheasa, scoileanna maithe.
- Na coillte.
- Na cnoic.
- An t-uisce.
- Gur áit iargúlta é.
- An fiadhúlra.
- Cultúr agus Stair.

**Dúshláin**

- Easpa cosán.
- Easpa spáis ionas gur féidir síneadh a chur as na scoileanna.
- Foirgnimh thréigthe nach n-úsáidtear.
- Gan páirc spraoi a bheith ann.
- Gan aon rud ag déagóirí le déanamh ná áiteanna le dul acu.
- Gan áit ann le siúlóid a dhéanamh ná bualadh le daoine.
- Carranna páirceáilte ar fud na háite – bíonn ar pháistí siúl ar an mbóthar.
- Spásanna cúraim páistí.
- Easpa tithíochta do dhaoine scothaosta agus do dhaoine óga.
- Bruscar / easpa boscaí bruscair.
- An trácht ag gabháil go ró-ghasta tríd an sráidbhaile.
- Easpa gníomhaíochtaí breise tar éis na scoile.
- Easpa spásanna i gcomhair imeachtaí.
- Easpa seirbhísí iompair phoiblí.
- Easpa leithreas.
- Teastaíonn rochtain ar chóracha iompair glasa (pointí luchtaithe poiblí d'fheithiclí leictreacha a chur ar fáil, mar shampla).
- Easpa seirbhísí eile (bainc agus siopaí, mar shampla).

> **Cad ba bhreá leat a fheiceáil sa Chraoslach?**
>
> Deiseanna

> **Cad a stopann an Craoslach ó bheith chomh maith is a d'fhéadfadh sé a bheith?**
>
> Bacainní

**Deiseanna**

- Ionad pobail.
- Rochtain ar Choill Dhún Taithligh, an Mhucais, an Ardaidh, Caisleán na dTuath srl..
- Aclaíocht agus caitheamh aimsire amuigh faoin spéir.
- Úsáid úr a bhaint as an tseanlíne iarnróid, tuilleadh conairí siúlóide dúlra.
- Feabhas a chur ar lár an bhaile, cearnóg a dhéanamh agus carranna a bhaint den phríomhshráid.
- Páirc spraoi.
- Ceol, cluichí, áiseanna ealaíon.
- Club óige/ áiseanna iarscoile.
- Rudaí chun turasóirí a mhealladh.
- Bearta moillithe tráchta.
- Áis chomhoibrithe / Mol Digiteach / Spás do ghnólachtaí beaga nuathionscanta.
- Cosáin agus trasrianta feabhsaithe.
- Spóirt uisce agus siúlóidí ag na lochanna.
- Spásanna glasa / gairdíní.
- Binsí i gCoill Dhún Taithligh.
- Ionad pobail taobh thiar den séipéal.
- Leas a bhaint as na radhairc taobh thiar den fhoirgneamh TubHub.
- Seanfhoirgnimh nó foirgnimh thréigthe a chur in úsáid arís i gcomhair gnólachtaí / caiféanna / nithe is díol spéise do thurasóirí ar nós uachtar reoite.

**Bacainní**

- Easpa cosán, spásanna cúnga i roinnt áiteanna (ní féidir siúl go sábháilte taobh leis na gluaisteáin).
- Gan trasrian coisithe a bheith ann.
- Easpa seirbhísí iompair phoiblí (rochtain ar sheirbhísí bus).
- Easpa páirceála.
- Colbhaí móra ag cur bac ar an rochtain ar an ionad lae.
- Bóthar náisiúnta a bheith ag gabháil tríd an sráidbhaile (príomhshráid an Chraoslaigh).
- Foirgnimh thréigthe.
- Easpa raoin rothaíochta.
- Bóithre cúnga.
- Fadhbanna ginearálta inrochtaineachta do dhaoine scothaosta, dóibh siúd a bhfuil sainriachtanais soghluaisteachta nó riachtanais chognaíocha acu agus do theaghlaigh óga.
- Líon fíortheoranta spásanna san ionad cúraim páistí agus é lán faoi láthair.
- Cur isteach polaitiúil.
- Easpa leithris phoiblí.
- Easpa siopaí.
- Easpa tithíochta.

AN MÉID A DÚIRT AN POBAL! – RANNPHÁIRTÍOCHT FAOI CHÉIM 1

# Cén Tuiscint a Baineadh as an Méid a Dúradh?

*Príomhthuairimí*



"Níl 'lár' ag an sráidbhaile agus ní bhaintear leas as an radharc ar an bhfarraige ón bpríomhshráid. Bíonn scrogall tráchta ann uaireanta agus ní bhíonn fonn ar dhaoine stopadh (nó tiomáint níos moille) agus iad ar a mbealach ag an obair nó abhaile"
**Ríocht Phoiblí**



"Athnuachan an bhaile. Úsáid a bhaint as deontais d'fhoirgnimh thréigthe chun plean soiléir a leagan amach do na foirgnimh fholmha. Lár baile a dhéanamh. Dathanna de dhíth – péint gheal a chur ar na foirgnimh"
**Cuimsiú Sóisialta**



Tuilleadh siúlóidí lúibe cosúil le siúlóid Choill Dhún Taithligh
**Dúlra agus Cosáin**



## An Méid a Dúirt na **Daoine Fásta!**

"Ionad pobail nua le haghaidh cruinnithe, cóisirí agus imeachtaí spóirt faoi dhíon nó amuigh faoin spéir"
**Cuimsiú Sóisialta**

"Tá sé réasúnta éasca siúl tríd an sráidbhaile nó ar na taobh-bhóithre (ach é contúirteach scaití mar gheall ar luas an tráchta), ach tá easpa bealaí siúil agus cosáin spéisiúla ann, i.e. siúlóidí 3k, siúlóidí 5k srl"
**Soghluaisteacht agus Caitheamh Aimsire**



Bheadh forbairt Glasbhealaigh tríd an sráidbhaile ar an tseanlíne iarnróid idir Leitir Ceanainn agus Ailt an Chorainn an-luachmhar ó thaobh turasóireachta, gnó, agus fostaíochta de agus ó thaobh cuairteoirí a mhealladh chuig an gceantar agus chuig an gcontae.
**Taisteal Gníomhach, Turasóireacht, Gnó agus Fostaíocht**



# An Méid a Dúirt na **Páistí!**

Mol Óige faoi dhíon do ghasúir 13+, ina mbeadh linn snámha, ceol, agus comhairle agus eolas don aos óg
**Spásanna Sóisialta agus Idirghníomhú**



D'fhéadfaí fánán agus sleamhnán mór a dhéanamh ag Lough Na Tooey, chomh maith le háiseanna cadhcála agus clárchéaslóireachta, páirc uisce, agus trá shaorga agus d'fhéadfadh sé a bheith ar oscailt sa samhradh. Theastódh carrchlós mór in aice leis freisin
**Spórt, Súgradh agus Oideachas**



Aiteann le haghaidh bád agus caitheamh aimsire
**Áineas agus Taitneamhacht**

Áit spraoi
**Spraoi agus Idirghníomhú**



Seó tallainne le hamharclann
**Ealaíona, Cultúir agus Oideachas**

Áit a bhféadfaí bualadh le cairde
**Spásanna Sóisialta agus Idirghníomhú**

Láthair picnicí le siúlóid dúlra
**Spásanna suaimhneacha**



Páirc ag gabháil leis an naíolann, ina mbeadh gairdín na gcéadfaí, lochán, áit chun clúidíní a athrú, rothair ar cíos, agus carrchlós le háit rothaíochta timpeall na páirce
**Áiseanna agus spásanna suaimhneacha**

Tuilleadh turas – gníomhaíochtaí grúpa cosúil le hiascaireacht agus cadhcáil ag na lochanna agus i gCaisleán na dTuath
**Spóirt, Spraoi agus Caitheamh Aimsire**



AN MÉID A DÚIRT AN POBAL! RANNPHÁIRTÍOCHT CHÉIM 2

# Cén Tuiscint a Baineadh as an Méid a Dúradh?

## *Téamaí a Tháinig Chun Cinn Arís is Arís*

| 279 | 191 | 173 | 156 | 148 | 125 | 98 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Áiseanna aclaíochta | Áiseanna do chách | Bonneagar inrochtana, sábháilte | Spásanna i gcomhair imeachtaí sóisialta | Áiseanna iompair | Áiseanna don aos óg | Siopaí |

"Tá an mol pobail iontach ar fad. Is maith an smaoineamh é cuibhrinn agus páirc spraoi do pháistí a bheith ann. Caithfimid a chinntiú go mbeidh siúlóidí lúibe agus an dúlra nasctha le chéile"

Mol Pobail

"Tá sé ríthábhachtach feabhas a chur ar bhealaí siúil do pháistí agus do sheanóirí. Ba chóir tús áite a thabhairt do bhealaí sábháilte chun na scoileanna agus bealaí a oireann do dhaoine scothaosta"

Taisteal gníomhach

"Ba mhaith an rud é forbairt a dhéanamh ar fhoirgnimh nach mbaintear úsáid astu. D'fhéadfaí mol bríomhar beoga a dhéanamh i lár an tsráidbhaile ina mbeadh spás d'ealaíontóirí nó do ghnólachtaí beaga an cheantair"

Athúsáid oiriúnaitheach

"Tá radharc álainn ó oifig an phoist / TubHub agus rud iontach a bheadh in ionad amhairc taobh thiar de. Ach díon a bheith air d'fhéadfaí é a úsáid fiú lá báistí!"

An dúlra

"Is áis thábhachtach don chaitheamh aimsire é an t-uisce. Bheadh linn snámha faoin spéir don phobal go hiontach i gcomhair snámha. Deis a bheadh ansin ceachtanna tábhachtacha faoi tarrtháil a chur ar fáil chomh maith!"

Bonneagar agus forbairt

"Caithfimid a chinntiú go ndéanaimid ionad spóirt a oireann do réimse leathan spórt, do chuile aoisghrúpa agus chuile chineál duine. D'fhéadfaí áiseanna faoi leith a chur ar fáil do dhaoine, i gcomhair sacair, peil ghaelach, leadóige, badmantain agus scuaise, mar shampla. Is iontach an áis a bheadh ansin don Chraoslach"

Áiseanna agus gníomhaíochtaí

"Chun cur leis na moltaí maithe sin, sílim go bhfreastalódh an pobal ar imeacht míosúil agus go gcothófaí caidreamh leis na daoine a thagann chun na háite!"

Imeachtaí agus Beocht

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| 90 | 86 | 66 | 57 | 55 | 53 | 53 |
| Feabhas a chur ar lár an bhaile | Radhairc agus an dúlra | Gnólachtaí agus poist | Acmhainneacht forbarthal | Suíocháin agus gairdíní pobail | Dul i ngleic leis na foirgnimh fholmha | Tacaíocht do theaghlaigh |

"Is gá riachtanais laethúla a chur ar fáil cosúil le stadanna bus sábháilte sa dá threo, deiseanna do ghnólachtaí, siopaí, binsí agus suíocháin, leabharlann bheag, agus áit stórála do threalamh an chumainn pobail"
Seirbhísí agus inrochtaineacht

"Is é an rud is tábhachtaí domsa ná naisc taistil shábháilte do pháistí atá ag siúl ar scoil, agus ionaid pobail"
Bealaí sábháilte chun na scoile

"Tá géarghá le seirbhísí cúraim páistí sa cheantar. Chomh maith leis sin, tá gá le háiseanna do dhaoine nach nglacann páirt sa spórt, ar nós clubanna óige agus spásanna do sheanóirí"
Áiseanna

"Caithfimid a chinntiú go mbeidh leithris sa sráidbhaile atá oiriúnach do chathaoireacha rothaí, agus an mol pobail atá beartaithe san áireamh"
Áiseanna

"Tá córas páirceála níos fearr ag teastáil sa sráidbhaile sa dóigh is go mbeidh spásanna páirceála ar fáil ach nach mbeidh siad sa mhullach ar na daoine. Ansin bheadh daoine in ann siúl suas síos an sráidbhaile gan stró"
Páirceáil

"Ba mhaith líonn cosáin agus siúlóidí lúibe timpeall ar an mbaile"
Taisteal Gníomhach

"Is iontach an smaoineamh é an loch agus na spásanna fiáine a bhféadfaí spraoi iontu. Tá gá le níos mó cuibhreann agus áiteanna do pháistí chun spraoi amuigh faoin aer!"
Moilliú tráchta

*Rannpháirtíocht Pobail ©Arup*





*Eaglais Mhichíl ©HannahSheridanPhotography*

# 04

AG BREATHNÚ CHUN CINN

# Cá bhfuil ár dtriall?




*Scoil Náisiúnta an Chraoslaigh ©HannahSheridanPhotography*

CÁ BHFUIL ÁR DTRIALL?

# An Fhís

*Ag breathnú chun cinn*

***Beidh an Craoslach ina phobal bríomhar láidir ar mór aige an oidhreacht faoi leith agus an áilleacht nádúrtha atá aige agus ina mbeidh borradh faoin ngníomhaíocht eacnamaíoch. Tabharfar aitheantas don sráidbhaile mar áit spleodrach, ionchuimsitheach, áit a oireann do dhaoine idir óg agus sean, áit ar féidir le chuile ghlúin maireachtáil agus a bheith ag obair agus ag spraoi go sásta le chéile i dtimpeallacht inbhuanaithe.***

### Cad a chiallaíonn sé sin?

Agus athnuachan á déanamh ar shráidbhaile an Chraoslaigh, tabharfar tús áite don mhuintearas atá go mór i réim ann – bíonn muintir na háite gníomhach sa phobal agus tugann siad tacaíocht dá chéile. Beidh a fhios ag an domhan mór go bhfuil fáilte roimh gach duine ar an mbaile agus go dtacófar le glúnta na linne seo agus leo siúd atá le teacht.

Beidh an-tóir ag turasóirí ar an gCraoslach agus cuirfear fáilte is fiche rompu. Beidh saibhreas cultúir ann dóibh agus an-chuid áiseanna caithimh aimsire. Cuirfear oidhreacht agus stair an tsráidbhaile i láthair agus beidh an deis ag cuairteoirí cuairt a thabhairt ar láithreacha stairiúla, blaiseadh den chultúr, agus leas a bhaint as áiseanna an bhaile.

Beidh an borradh faoin eacnamaíocht lárnach san fhís sin. Cuirfear meon cruthaitheachta agus fiontraíochta an Chraoslaigh in iúl le háiseanna a thacaíonn le gnólachtaí an cheantair agus gnólachtaí nuathionscanta, ionas go mbeidh an gnó faoi bhláth sa bhaile. Chun tacú leis an lucht gnó, cuideoidh an Craoslach maoiniú a lorg chun an bonneagar agus an oiliúint is gá a sholáthar, agus chun an geilleagar áitiúil a chur chun cinn agus poist inbhuanaithe a chur ar fáil amach anseo.

Beidh fís an Chraoslaigh bunaithe ar aidhmeanna a bhaineann leis an inbhuanaitheacht agus le maoirsiú an chomhshaoil. Cuirfear chun cinn cleachtais ghlasa agus fuinneamh in-athnuaite, agus déanfar na hacmhainní nádúrtha a chosaint. Beidh sé furasta siúl thart sa sráidbhaile, agus beidh spásanna glasa inrochtana agus roghanna iompar gníomhaigh ann chun stíl mhaireachtála fholláin bhríomhar a chur chun cinn. Thar aon rud eile, beidh muintir na háite sona sásta agus is cúis bhróid a bheidh acu é gur ar an gCraoslach atá cónaí orthu.

**Seo fís an phobail don Chraoslach!**

CÁ BHFUIL ÁR DTRIALL?

# Téamaí atá ag Teacht Chun Cinn

*Ocht dTéama*

## *Pobal*

Cumhacht a thabhairt don phobal lena chinntiú go n-éistfear leo agus go mbeidh tionchar fiúntach ag an obair athnuachana a dhéanfar ar an tsochaí.

## *Aoisbhá*

Glúnta éagsúla a chomhtháthú sa sráidbhaile trí shamhail comharsanachta aoisbháúla.

## *Scoileanna*

Bealach sábháilte a bheith ann idir na scoileanna agus lár an bhaile, agus é á chinntiú go mbeidh teacht ag gach páiste scoile ar na háiseanna agus na gníomhaíochtaí atá ar fáil.

## *Spóirt, Fóillíocht agus Caitheamh Aimsire*

Áiseanna éagsúla atá dírithe ar an bpobal a fhorbairt, ar talamh agus ar uisce araon, do gach duine, idir óg agus sean.

## *Bunriachtanais Laethúla*

Féachaint chuige go bhfuil seirbhísí ann chun freastal ar riachtanais an phobail.

## *Turasóireacht, Cultúr, agus Oidhreacht*

Leas a bhaint as an oidhreacht shaibhir chultúrtha agus stairiúil chun acmhainneacht turasóireachta an Chraoslaigh a bhaint amach.

## *Inbhuanaitheacht agus Teacht Aniar*

An tionchar ar an gcomhshaol a íoslaghdú, éifeachtúlacht acmhainní a chur chun cinn, agus ár sócmhainní nádúrtha a chosaint.

## *Rathúnas*

Deiseanna a chur ar fáil d'fhiontraithe agus d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide.

*Trá Chnoc an Mharmair © HannahSheridanPhotography*

CÁ BHFUIL ÁR DTRIALL?

# Príomhthéamaí

## *Ag dul chun cinn*

Chun cuidiú linn an fhís a leagtar amach sa Phlean seo a chur i ngnímh, tháinig sraith téamaí chun cinn ón bpróiseas rannpháirtíochta pobail a bheidh ina nasc cruthaitheach chun smaointe, tionscadail agus idirghabhálacha a chur i bhfeidhm de réir a chéile. Leis na téamaí sin, bhí an deis againn athmheasúnú a dhéanamh ar shaincheisteanna ar caitheadh leo go minic mar fhadhbanna, nó ar chásanna ina bhfuil rud éigin in easnamh sa sráidbhaile faoi láthair, agus é ina aidhm againn bearnaí a aithint a dteastaíonn díriú orthu agus sócmhainní a aithint ar féidir linn a bhfiúntas a thuiscint agus iad a fhorbairt.

**Forbraíodh cuspóirí laistigh de gach téama, rud a chuidigh linn beachtú a dhéanamh ar na tionscadail a moladh agus ar na hidirghabhálacha fisiceacha a chuirfear i láthair ar ball i gCuid 5 den phlean.**

Cé go bhfuil go leor de na cuspóirí a eascraíonn as na téamaí ag teacht trasna ar a chéile agus go gcomhlánaíonn siad a chéile, tá tréith choiteann ag gach ceann díobh: tá deiseanna le brath iontu a thagann as tuiscint a bheith againn ar na láidreachtaí agus an acmhainneacht a bhaineann leo agus ar na bearnaí agus na naisc atá eatarthu.

TÉAMA A

### Pobal

Pobal gníomhach rannpháirteach, áiseanna agus seirbhísí feabhsaithe don phobal, mol pobail, cumhacht a bheith ag muintir na háite

TÉAMA H

### Rathúnas Eacnamaíoch

Forbairt na ngnólachtaí áitiúla, spásanna comhoibrithe, feabhas a chur ar an mbonneagar leathanbhanda, oiliúint scileanna spriocdhírithe, feabhas ar an sráid-dreach




TÉAMA G

### Inbhuanaitheacht agus Teacht Aniar

An bonneagar glas agus an bonneagar gorm a fheabhsú, leas a bhaint as fuinneamh in-athnuaite, táirgeadh bia sa cheantar, tógáil ar an teacht aniar atá sa phobal

TÉAMA F

### Turasóireacht, Cultúr agus Oidhreacht

Príomhshócmhainní a athnuachan, láithreacha oidhreachta agus cultúrtha a nascadh, seirbhísí do chuairteoirí, an Craoslach a chur chun cinn mar chuid de Chonair do Thurasóirí, páirceáil do chuairteoirí a chur ar fáil, an brú tráchta a laghdú




TÉAMA B

## Aoisbhá

Baile aoisbháúil, limistéar atá oiriúnach do choisithe, seirbhísí tacaíochta miondíola agus siopadóireachta, áiseanna do dhaoine scothaosta, roghanna tithíochta a oireann do dhaoine scothaosta

TÉAMA C

## Scoileanna

Bealaí sábháilte chun na scoile a aithint agus a bhunú, na scoileanna a nascadh leis an mol pobail trí naisc fhisiceacha agus gníomhaíochtaí ábhartha

TÉAMA D

## Spóirt, Fóillíocht agus Caitheamh Aimsire

Áiseanna áineasa don óige, feabhas ar an rochtain ar an dúlra, spás poiblí tarraingteach a dhéanamh den talamh taobh thiar den séipéal agus é a chomhtháthú leis an mbaile

TÉAMA E

## Bunriachtanais Laethúla

Deiseanna siopadóireachta a éascú, rochtain áisiúil a bheith ar spásanna páirceála oiriúnacha, tacú le riachtanais laethúla mhuintir na háite

TÉAMA A

## Pobal

> Conas is féidir linn an pobal a chumhachtú agus muid ag breathnú chun cinn?

*Le gach gné den Phlean Sráidbhaile seo, aithnítear láidreachtaí, acmhainneacht agus teacht aniar an phobail sa Chraoslach agus tuigtear fiúntas na dtréithe sin.*

Is é príomhchuspóir an Phlean ná a chinntiú go mbainfidh an pobal áitiúil an tairbhe is mó is féidir as an toradh a bheidh acu ar bheith ag obair as lámha a chéile chun cuspóir agus fís choiteann a bhaint amach. Tá sé tábhachtach go mbeadh an pobal solúbtha, dinimiciúil, agus go leanfaidh sé ar aghaidh ag tógáil ar na deiseanna a thapófar de bharr an Phlean.

Tá líonraí sóisialta agus glúnta éagsúla i bpobal an Chraoslaigh, agus a gcuid láidreachtaí agus a riachtanais féin acu go léir. Is chun tairbhe an bhaile é an meascán ilghnéitheach sin, agus is féidir é a chothú agus a neartú.

### Príomhchuspóirí

#### Rannpháirtíocht Leanúnach

Áirítear leis seo rannpháirtíocht agus comhoibriú réamhghníomhach le gach cuid den phobal, agus é á aithint gur páirtithe leasmhara ríthábhachtacha iad muintir na háite ó thaobh bealach chun cinn a leagan amach don Chraoslach. Ach an comhrá a choinneáil beo, ionchur a lorg, a chinntiú go n-éistear le gach duine, agus luach a chur ar gach meon, beidh na cinntí agus na tionscnaimh i gcomhréir le mianta agus riachtanais mhuintir na háite go léir. Tá sé ríthábhachtach struchtúr rialachais a fhorbairt chun leanúint leis an rannpháirtíocht sin agus lena chinntiú go gcuirfear tionscnaimh i bhfeidhm.

#### An Mol Pobail

Is éard atá i gceist leis seo ná áiseanna agus seirbhísí pobail atá ann cheana a fheabhsú agus a leathnú trí spás ar leith a chur ar fáil a bheidh ina lárphointe do ghníomhaíochtaí, cruinnithe agus imeachtaí éagsúla. D'fhéadfaí leas a bhaint as an tsaoráid ilchuspóireach seo i gcomhair spóirt, cineálacha éagsúla caidrimh shóisialta, malartú cultúrtha, agus seirbhísí riachtanacha do mhuintir an Chraoslaigh.

#### An Bealach Chun Cinn

Is é is aidhm leis seo an pobal a chumhachtú, rud a chuirfidh ar a gcumas dóibh dul i bhfeidhm ar thodhchaí an Chraoslaigh. Trí acmhainní, tacaíocht agus deiseanna a sholáthar do thionscnaimh a dhéanfar faoi stiúir an phobail, féachtar sa Phlean seo le meon úinéireachta, mórtais agus comhfhreagrachta a chothú i measc mhuintir na háite, lena gcinnteofar go mbeidh forbairt an tsráidbhaile ag teacht lena bhfís agus a luachanna coiteanna.




*Rannpháirtíocht le Pobal an Chraoslaigh ©Arup*

TÉAMA B

## Aoisbhá

> “Conas is féidir linn cuidiú le glúin ár linne agus leis na glúnta a thiocfaidh inár ndiaidh?”

*Is i gceantar tuaithe atá an Craoslach, rud a chothaíonn dlúthchaidreamh agus meon tacaíochta i measc na nglúnta agus a fhágann gur pobal níos comhtháite é.*

Trí shráidbhaile aoisbháúil a dhéanamh den Chraoslach agus trína chinntiú go mbeidh fáil ar ghníomhaíochtaí agus ar sheirbhísí éagsúla laistigh d'achar gairid siúlóide ó lár an bhaile, is féidir linn an meon muintearais a neartú.

Is sócmhainní iontacha don phobal iad rannpháirtíocht na nglúnta éagsúla, seirbhísí agus áiseanna cabhracha a bheith ar fáil, agus bunú timpeallachta a oireann do choisithe agus ina mbíonn fáilte chroíúil roimh gach aoisghrúpa, agus is deis mhór don cheantar é sin.

### Príomhchuspóirí

#### Sráidbhaile Aoisbháúil

Is éard atá i gceist leis seo ná feasacht a ardú agus an coincheap a chur chun cinn gur sráidbhaile é an Craoslach ina bhfuil meas ar gach duine, beag beann ar aois, agus ina dtacaítear le gach duine. Trí thionscnaimh aoisbhá a chur i bhfeidhm do na haoisghrúpaí éagsúla, is é an sprioc atá ann áit ionchuimsitheach a chothú ina bhfreastalaítear ar riachtanais agus ar mhianta gach duine. Ba cheart Prionsabail na Náisiún Aontaithe do Dhaoine Scothaosta a ghlacadh chun bonn eolais a chur faoin bhforbairt a dhéanfar ar an sráidbhaile agus treoir a thabhairt maidir le beartas an Chraoslaigh i leith na haoisbhá a chur i bhfeidhm.

#### Timpeallacht a oireann do Choisithe

Ní mór feabhas a chur ar chaighdeán na gcosán agus na limistéar siúil ionas gur fearr a oirfidh an Craoslach do choisithe. Leis sin, ba mhaith linn a chinntiú go mbeidh an sráidbhaile inrochtana, sábháilte agus compordach do dhaoine de gach aois, agus go gcuirfear stíleanna maireachtála gníomhacha agus caidreamh sóisialta chun cinn.

#### Siopadóireacht Áitiúil

Ionas gur fearr is féidir freastal ar riachtanais an phobail, tá an moladh seo dírithe ar sheirbhísí miondíola agus siopadóireachta do dhaoine scothaosta a éascú agus a spreagadh. Is é an aidhm atá ann timpeallacht a chothú atá áisiúil, inrochtana agus a fhreastalaíonn ar a gcuid riachtanas.

#### Siamsaíocht do Chách

Tá sé ríthábhachtach a spreagadh go mbeidh gníomhaíochtaí, ionaid agus cumainn ann a fhreastalaíonn ar spéiseanna mhuintir na háite go léir, idir óg agus sean, agus iad a threorú agus tacú leo. Féachann an cuspóir seo le saol sóisialta bríomhar a chur chun cinn do gach duine agus deiseanna fóillíochta, áineasa agus rannpháirtíochta sa phobal a chothú.

#### Riachtanais Tithíochta

Tá sé ríthábhachtach aghaidh a thabhairt ar na riachtanais tithíochta atá ag daoine scothaosta agus daoine óga ar mhaithe leis an gCraoslach. Leagtar béim leis an gcuspóir seo ar a thábhachtaí atá sé roghanna tithíochta sa phobal a sholáthar a fhreastalaíonn ar shainriachtanais daoine scothaosta, agus deiseanna a fheabhsú do dhaoine óga nó do theaghlaigh ar mian leo cur fúthu ina dtithe féin. Is féidir le tionscadail agus le hidirghabhálacha éagsúla an rochtain ar thithíocht oiriúnach a fheabhsú trí leas a bhaint as na roghanna atá ar fáil, trí athúsáid oiriúnaitheach a éascú, agus trí dheiseanna a thapú ionas gur áit é an sráidbhaile inar féidir le gach duine de mhuintir an Chraoslaigh cur fúthu go compordach, sona.



*Tionscnamh faoi Chlár Aoisbhá Chorcaí* ©*Yaycork.ie*

TÉAMA C

## Scoileanna

“Conas is féidir linn féachaint chuige go mbeidh páistí sábháilte ar an gCraoslach?”

*Bíonn ról ríthábhachtach ag scoileanna i gcreatlach aon bhaile nó sráidbhaile, agus iad mar a bheadh mionchórais ghníomhaíochta ann atá comhtháite go réidh leis an bpobal ar fad.*

I gcás an Chraoslaigh, freastalaíonn breis agus 200 páiste ar na scoileanna, rud a chothaíonn beocht agus a spreagann seirbhísí tacaíochta, eagrú imeachtaí cultúrtha, measúnú ar riachtanais áineasa, agus tacaíocht do ghníomhaíochtaí spóirt.

Is deis é an Plean seo do sholáthraithe seirbhísí agus d’eagraíochtaí pobail chun féachaint conas is féidir leo comhtháthú níos fearr a dhéanamh leis an bpobal scoile, agus féachaint an féidir áiseanna agus gníomhaíochtaí breise a chur ar fáil. Tá sé ina aidhm leis an bplean sráideanna an Chraoslaigh a bheith sábháilte, cairdiúil ionas go mothóidh páistí agus a dteaghlaigh ar a gcompord ag baint leas astu agus ag idirghníomhú leis an gcuid eile den phobal.

### Príomhchuspóirí

#### Bealaí Sábháilte chun na Scoile

Is éard atá i gceist leis seo ná bealaí sábháilte a aithint agus a chur i bhfeidhm ionas go mbeidh daltaí sábháilte agus iad ag dul ar scoil agus abhaile. Trí bhealaí sainithe a leagan amach a bhfuil a laghad contúirtí is féidir i gceist leo agus a bhfuil bonneagar cuí iontu, tá sé i gceist againn bealaí taistil atá sábháilte, tarraingteach agus áisiúil a chur chun cinn do na gasúir scoile.

#### Ón Scoil go dtí an Áit Spraoi

Tá an cuspóir seo dírithe ar naisc a chothú idir na scoileanna agus an mol pobail. Trí naisc nua a bhunú agus feabhas a chur ar chinn atá ann cheana féin, agus trí éascú do ghníomhaíochtaí scoile agus pobail amhail imeachtaí, ceardlanna, foghlaim bunaithe ar an dúlra, nó tionscadail chomhoibríocha, is é an sprioc atá ann na naisc idir an pobal scoile agus an pobal i gcoitinne a neartú. Leis an gcomhtháthú sin, cothaítear eispéiris chomhroinnte, comhthacaíocht, agus meon an mhuintearais i measc na ndaltaí, a dteaghlach agus muintir an Chraoslaigh.



*Cuairt Suímh ar mhaithe le Rannpháirtíocht leis na Scoileanna ©Arup*

TÉAMA D

## Spóirt, Fóillíocht agus Caitheamh Aimsire

"Conas is féidir linn freastal ar gach aois, spéis agus cumas?"

*Ach leas a bhaint as an taobh tíre fiáin, nádúrtha ina bhfuil an Craoslach, is féidir deiseanna a thapú maidir le gníomhaíochtaí ar nós conairí dúlra, siúlóidí foraoise agus tuilleadh cineálacha caithimh aimsire uisce i lochanna an réigiúin.*

Tá gealladh mór faoin láithreán athnuachana pobail atá beartaithe ó thaobh áiseanna a bheidh dírithe ar an bpobal, agus páirceanna imeartha agus gairdíní pobail ina measc, chomh maith le spásanna inar féidir le daoine teacht le chéile.

Fágann sócmhainní an cheantair go bhfuil an deis ann le haghaidh tuilleadh fóillíochta atá bunaithe ar an dúlra, ar nós úsáid a bhaint as an tseanlíne iarnróid chun siúlóid lúibe a bhunú timpeall an tsráidbhaile. D'fhéadfaí glasbhealach a dhéanamh den chonair sin ionas gur fearr an nasc a bheadh idir an Craoslach agus na sráidbhailte máguaird agus na conairí atá ann cheana féin, trína thuilleadh cosán a thógáil le haghaidh taiscéalaíochta agus taitneamhachta.

Trí lárphointe a dhéanamh den Mhol Pobail atá beartaithe, agus trí leas a bhaint as na sócmhainní agus na háiseanna atá gar don bhaile, d'fhéadfadh an Craoslach a bheith ina ionad tarraingteach spóirt, fóillíochta agus áineasa don phobal go léir, idir óg agus sean, cibé caitheamh aimsire is maith leo.

### Príomhchuspóirí

#### Fóillíocht do Chách

Tá an cuspóir seo dírithe ar rogha fhairsing áiseanna fóillíochta a chur ar fáil, chun freastal ar riachtanais agus ábhair spéise aos óg an Chraoslaigh, lena n-áirítear iad siúd a bhfuil riachtanais bhreise nó ábhar spéise ar leith acu. Trí spásanna a oireann d'aoisghrúpa áirithe agus gníomhaíochtaí ionchuimsitheacha a chothú, is é an aidhm atá againn cur le rannpháirtíocht na bpáistí go léir sa chaitheamh aimsire agus leis an taitneamh a bhaineann siad as, agus féachaint chuige go mbeidh deiseanna rannpháirtíochta gníomhaí ar fáil atá sábháilte, áisiúil, agus a oireann do chách.

#### Taitneamh a Bhaint as an Dúlra

Trí luach an dúlra thart timpeall ar an gCraoslach a aithint, féachtar leis an gcuspóir seo leis an rochtain ar an dúlra a fheabhsú do mhuintir na háite agus do chuairteoirí araon. Ach feabhas a chur ar chonairí, ar chosáin agus ar bhealaí taistil eile, is féidir le daoine sult agus tairbhe a bhaint as sócmhainní nádúrtha an cheantair, ar nós foraoisí, lochanna agus an taobh tíre tuaithe.

#### Spás an Phobail

Is é atá i gceist leis an gcuspóir seo spás tarraingteach, comhtháite a dhéanamh den suíomh pobail.
I measc na bhfeabhsuithe atá beartaithe tá páirc imeartha féir nó ceann a bheadh in ann freastal ar spóirt éagsúla, cosúil le sacar, cluichí CLG, rugbaí agus lúthchleasaíocht. Ina theannta sin, bunófar páirc líneach imeallach agus clós spraoi do pháistí, rud a chuirfidh arís eile le mealltacht agus feidhmiúlacht an tsuímh pobail. Ba chóir breathnú freisin ar leathnú a dhéanamh amach anseo ar áiseanna fóillíochta a bhfuil baint acu leis an dúlra, ar phíosaí cóngaracha talún.




*Caolan McFadden ©Ben McShane / Sportsfile*

TÉAMA E

## Bunriachtanais Laethúla

"Conas is féidir linn a chinntiú go mbeidh rochtain ag an bpobal ar na bunriachtanais?"

*I ngach sráidbhaile a bhfuil rath air agus atá inbhuanaithe, aithnítear an tábhacht a bhaineann le soláthairtí agus seirbhísí riachtanacha don phobal. Ní hé amháin go gcuidíonn gníomhaíochtaí laethúla le cur leis an idirghníomhú sóisialta, ach tacaíonn siad le gnólachtaí áitiúla agus le fiontair bheaga agus freastalaíonn siad ar riachtanais mhuintir na háite.*

Tá sé ina aidhm leis an bPlean seo cabhrú le soláthraithe seirbhíse agus díoltóirí an cheantair trí bhearta a chur i bhfeidhm a chuidíonn leis an rochtain éasca ar a n-áitribh. Ina theannta sin, féachtar sa Phlean le feabhas a chur ar na sráideanna ina n-iomláine agus cur le tarraingteacht agus áisiúlacht na n-aonad tráchtála.

Nuair is féidir é, molfar dreasachtaí chun tuilleadh tacaíochta a thabhairt do na tionscnaimh sin, amhail obair fheabhsúcháin ar aghaidheanna siopaí agus athúsáid a bhaint as áitribh fholmha ar bhealach cuí. Aithnítear acmhainneacht nach beag sa Phlean maidir le seirbhísí éagsúla a thairiscint do dhaoine a thugann cuairt ar an gCraoslach gach lá, chun freastal ar a riachtanais laethúla agus an tsráidbhaile a fhorbairt ionas gur mol bríomhar a bheidh ann.

### Príomhchuspóirí

#### Riachtanais Laethúla

Tá an cuspóir seo dírithe ar thimpeallacht a chothú a spreagfaidh méadú ar líon agus cineál na miondíoltóirí sa Chraoslach chun freastal ar riachtanais laethúla an phobail. Trí thacú le siopaí áitiúla agus le fiontair bheaga, is é an sprioc atá againn rochtain áisiúil ar earraí riachtanacha a chinntiú agus inbhuanaitheacht na ngnólachtaí áitiúla a chur chun cinn.

#### Páirceáil Bhainistithe a Chur ar Fáil

Leis seo, tá sé i gceist dóthain spásanna páirceála inrochtana a chur ar fáil ar an gCraoslach, ar bhealach bainistithe, chun freastal ar ghníomhaíochtaí laethúla mhuintir na háite agus ar na daoine a thugann cuairt ar an sráidbhaile. Trí shaoráidí páirceála áisiúla cuí a sholáthar san áit a bhfuil gá leo, le seirbhísí tacaíochta breise mar bhusanna tointeála áitiúla, is féidir le daoine leas a bhaint as seirbhísí, áiseanna agus gnólachtaí an cheantair, rud a fheabhsóidh a saol féin agus a chuideoidh le daoine a mbealach a dhéanamh go sábháilte timpeall an tsráidbhaile.



*Riachtanais Laethúla © RaulGonzalezEscobar-Unsplash*

TÉAMA F

## Turasóireacht, Cultúr agus Oidhreacht

> "Conas is féidir linn an leas is fearr a bhaint as ár sócmhainní agus cur le heispéireas an Chraoslaigh?"

*Is féidir leas a bhaint as suíomh geografach an Chraoslaigh agus as áilleacht nádúrtha agus oidhreacht shaibhir an cheantair chun turasóireacht agus gníomhaíocht eacnamaíoch a chothú sa cheantar.*

Tá an taobh tíre thart ar an sráidbhaile go hálainn ar fad, agus bíonn tóir ag daoine ar an gceantar chun saoire cheart a bheith acu faoin tuath. Is féidir le turasóirí cuairt a thabhairt ar shéadchomharthaí ársa agus iad féin a thumadh i dtraidisiúin na háite, rud a fhágann gur ceann scríbe éagsúil é an Craoslach a mbíonn fonn ar dhaoine cuairt a thabhairt air. Chomh maith leis sin, is bealach isteach é an Craoslach chuig cinn scríbe amhail an Mhucais agus Páirc Foraoise na hArdadh, agus is iontach an áit é dá réir do chuairteoirí ar mhaith leo dul ag fánaíocht nó ag rothaíocht, nó tabhairt faoi bhabhta eachtraíochta faoi spéir.

### Príomhchuspóirí

#### Ár nOidhreacht á Ceiliúradh

Cuimsítear leis an gcuspóir seo raon leathan moltaí, ar nós athúsáid chuí a bhaint as áitribh thréigthe a thugann a charachtar sainiúil féin don Chraoslach. Leis sin, chuirfí beocht úr a chur sa bhaile mar cheann scríbe do chuairteoirí, seachas gan a bheith ach ina bhealach chuig áit eile. Trí chur le mealltacht an tsráidbhaile agus a charachtar uathúil a chur chun cinn, is é an sprioc atá againn é fonn a bheith ar dhaoine stopadh ar a mbealach tríd, breathnú thart agus seal a chaitheamh ann.

#### Inrochtaineacht do Thurasóirí

Trí bhonneagar inrochtaineachta 'glas' a fheabhsú agus áiseanna léirmhínithe a bheith feadh na slí, is féidir le cuairteoirí teacht ar thuiscint mhaith ar an tábhacht a bhaineann leis an gceantar ó thaobh an dúlra, na staire agus an chultúir de.

#### An Craoslach mar Cheann Scríbe

Tá an cuspóir seo dírithe ar chomhar a chothú idir an pobal, gnólachtaí áitiúla, agus an earnáil turasóireachta ionas gur mó an taitneamh a bhainfidh daoine as a gcuairt ar an mbaile. Trí ról a thabhairt don phobal maidir le seirbhísí agus áiseanna a sholáthar a oireann do riachtanais na gcuairteoirí, is féidir leis an gCraoslach fáilte mhór a chur roimh thurasóirí agus is féidir leosan saoire fhiúntach a chaitheamh ann.

#### Fánaíocht lasmuigh den Chraoslach

Is é aidhm an chuspóra seo an Craoslach a chomhtháthú tuilleadh le láithreacha turasóireachta eile trí líonra conairí réigiúnacha a fhorbairt agus trí leas a bhaint as sócmhainní agus nithe is díol spéise sa sráidbhaile agus sa cheantar níos leithne. D'fhéadfaí cuairteoirí a threorú trí eispéireas tumthach a leagann béim ar ghnéithe uathúla an Chraoslaigh agus a spreagann daoine chun breathnú thart ar an gceantar.

#### Beocht a chur sa Phríomhshráid

Féachtar leis an gcuspóir seo le tabhairt faoin ngá atá le saoráidí oiriúnacha páirceála do chuairteoirí agus an brú tráchta a laghdú sa Chraoslach an tráth céanna. Tríd an deis atá ann an rochtain ar limistéir pháirceála lasmuigh den bhaile a fheabhsú agus trí bhearta éifeachtacha bainistíochta tráchta a chur i bhfeidhm, is é an sprioc atá againn go mbeidh daoine in ann páirceáil go héasca agus cur isteach a laghad is féidir ar mhuintir na háite agus gnólachtaí áitiúla.




*Múrphictiúr Saincheaptha © HannahSheridanPhotography*

TÉAMA G

## Inbhuanaitheacht agus Teacht Aniar

"Conas is féidir linn fáil faoi réir i gcomhair dúshláin amach anseo?"

*Tá inbhuanaitheacht agus teacht aniar ina ngnéithe ríthábhachtacha den fhís don Chraoslach, mar go n-aithníonn an pobal an gá atá le cothromaíocht a bhaint amach idir na riachtanais atá ann faoi láthair agus an cumas freastal ar riachtanais na nglúnta atá le teacht.*

Trí chur chuige inbhuanaithe a chur i bhfeidhm, tá sé ina aidhm ag an gCraoslach a thionchar ar an gcomhshaol a íoslaghdú, éifeachtúlacht acmhainní a chur chun cinn, agus a shócmhainní nádúrtha a choinneáil slán. Is éard atá i gceist leis sin ná gabháil do chleachtais a laghdaíonn an méid fuinnimh a ídítear, agus a chuireann chun cinn laghdú dramhaíola, foinsí fuinnimh in-athnuaite agus an athchúrsáil.

Ina theannta sin, aithníonn an pobal an tábhacht a bhaineann le teacht aniar a bheith iontu agus iad ag dul i ngleic le dúshláin éagsúla, an t-athrú aeráide san áireamh, agus le hathruithe socheacnamaíocha. Trí thús áite a thabhairt don teacht aniar, tá an Craoslach ag féachaint le cur lena chumas an fód a sheasamh i gcoinne cora sa saol agus féachaint chuige go mbeidh muintir an bhaile slán sábháilte. Trí ghlacadh go fonnmhar leis an ngá atá le saol níos inbhuanaithe, éireoidh pobal an Chraoslaigh níos beoga, beidh rath níos mó air agus beidh sé in ann dul in oiriúint do na hathruithe ar domhan.

### Príomhchuspóirí

#### Pobal Inbhuanaithe

Tá tairbhí éagsúla ag gabháil leis an gcuspóir seo, lena n-áirítear caomhnú acmhainní, spáráil airgid, agus cur le mealltacht an tsráidbhaile do thurasóirí. Samplaí de na tionscnaimh is ea ceardlanna oideachais ar ábhair mar mhuirniú agus caomhnú uisce, glantachán pobail sa sráidbhaile, sna páirceanna agus sna huiscebhealaí, dreasachtaí gnó chun oibríochtaí atá neamhdhíobhálach don chomhshaol a chur i bhfeidhm, agus comórtais do na scoileanna a bheidh bunaithe ar théamaí comhshaoil chun páistí agus teaghlaigh a spreagadh le cleachtais inbhuanaithe a ghlacadh.

#### Spásanna Glasa agus Bithéagsúlacht

Tá an cuspóir seo dírithe ar an mbithéagsúlacht agus na spásanna glasa atá ar an gCraoslach a chaomhnú agus cur leo. Áirítear leis tionscnaimh ar nós gairdíní pobail a bhunú, crainn agus bláthanna dúchasacha a chur, agus aire a thabhairt do ghnáthóga ina bhfuil fiadhúlra. Tríd an gcomhshaol a chothú, is féidir leis an gCraoslach cáilíocht an aeir a fheabhsú, spásanna áineasa a bhunú agus tacú le héiceachórais áitiúla, agus an pobal agus an dúlra ag réiteach go réidh le chéile.

#### Bonneagar Fuinnimh In-athnuaite

Leis an gcuspóir seo, scrúdaítear tionscadail bonneagair fuinnimh in-athnuaite a d'fhéadfaí a chur i bhfeidhm ar an gCraoslach, ar nós grianphainéal agus foinsí fuinnimh in-athnuaite eile. Trí leas a bhaint as fuinneamh glan, is féidir leis an gCraoslach a spleáchas ar bhreoslaí iontaise a laghdú, astaíochtaí carbóin a ísliú, agus cuidiú le córas fuinnimh níos inbhuanaithe agus níos seasmhaí a bhaint amach.

#### Glasraí agus Torthaí Baile

Samplaí de na tionscnaimh is ea tacú le gairdíní pobail, margaí feirmeoirí a bhunú, agus comhpháirtíochtaí a éascú idir saothróirí agus gnólachtaí an cheantair. Trí chórais bhia áitiúla a fhorbairt agus gan a bheith ag brath chomh mór ar earraí allmhairithe, is féidir leis an gCraoslach cur le slándáil bia, tacú leis an ngeilleagar áitiúil, agus cleachtais feirmeoireachta inbhuanaithe a chur chun cinn.



*Anaclann Dúlra agus Eas Dhún Taithligh © HannahSheridanPhotography*

TÉAMA H

€

## Rathúnas Eacnamaíoch

> “Conas is féidir linn fiontraithe áitiúla a chothú agus tacú leo?”

*Tá gnólachtaí agus fostóirí áitiúla ar an gCraoslach a chuireann go mór leis an gceantar agus ní mór iad a chothú agus tacú leo. Ach daoine a bheith ag obair as lámha a chéile, is féidir leis an gCraoslach leas a bhaint as a líonra seanbhunaithe de phobail ghnó agus córais tacaíochta.*

Tá deis nach beag ann chun gníomhaíocht eacnamaíoch bhreise a chothú sa cheantar trí na hearnálacha fáilteachais agus áineasa. Ach feabhas a chur ar na sráideanna, is fearr a éireoidh le díoltóirí an bhaile, ar nós búistéirí, deilithe, sciamhlann, agus fiontair bheaga agus mheánmhéide eile. Spreagfar muintir na háite agus cuairteoirí chun a gcuid siopadóireachta a dhéanamh sa cheantar agus airgead a chaitheamh ansin, rud a thacóidh le hinbhuanaitheacht agus le leathnú na ngnólachtaí atá ann cheana féin.

Tá sé ina aidhm leis an bPlean seo acmhainn an Chraoslaigh a chur ar a súile d'infheisteoirí nua, agus iad a spreagadh chun deiseanna iontacha an cheantair a thapú.

### Príomhchuspóirí

#### Gnó sa Phobal

Trí chomhpháirtíochtaí a chothú agus tacú le gnólachtaí áitiúla, is féidir leis an gCraoslach timpeallacht a chothú ina n-éiríonn le fiontraíocht agus fás, rud a chuireann borradh faoi ghnólachtaí agus a chuidíonn le rathúnas eacnamaíoch an phobail.

#### Moil Nasctha

Trí spásanna cianoibre (don obair chomhionaid) a chur ar fáil, is féidir leis an gCraoslach cianoibrithe a mhealladh, is é sin an dream a bhíonn sa tóir ar thimpeallacht ghairmiúil chuí chun a gcuid oibre a dhéanamh. Is féidir leis an tionscnamh seo cabhrú le héagsúlú a dhéanamh ar gheilleagar an bhaile agus deiseanna nua a chruthú do ghnólachtaí agus do dhaoine aonair.

#### Áit a bhfuil Ardchumas Digiteach Aici

Tá National Broadband Ireland ag obair ar líonra ardluais nua cáblaí snáthoptaice go háitreabh, atá réidh don todhchaí, a cheangal le háitribh sa limistéar atá faoina chúram ar an gCraoslach. Sin obair atá ar bun faoin bPlean Náisiúnta Leathanbhanda thar ceann Rialtas na hÉireann. Baineann an-tábhacht le nasc idirlín ardluais ar féidir brath air, agus cuirfidh an t-uasghrádú seo ar a gcumas do ghnólachtaí agus do mhuintir na háite rochtain a bheith acu ar acmhainní ar líne, cur lena rochtain ar an margadh, agus dul i mbun nuálaíocht dhigiteach.

#### Tacaíocht Oiliúna

Trí chláir oiliúna shaindeartha a chur ar fáil, is féidir leis an gCraoslach freastal ar na riachtanais shonracha atá ag an lucht saothair sa cheantar. Tá sé ina aidhm leis an gcuspóir seo an t-eolas agus an saineolas is gá a thabhairt do dhaoine chun freastal ar éilimh na dtionscal atá ag teacht chun cinn, rud a thacóidh le fás eacnamaíoch agus a chothóidh poist nua.

#### Feabhsuithe Sráide

Chun tuilleadh cuairteoirí a mhealladh agus cur le beogacht an bhaile, d'fhéadfaí spásanna poiblí tarraingteacha a bhunú, na comharthaí a fheabhsú, agus an bonneagar do choisithe a fheabhsú. Chuideodh an méid sin uile le hatmaisféar fáilteach, mealltach a chothú a mheallfadh daoine chuig an sráidbhaile agus a chuirfeadh borradh faoin ngníomhaíocht eacnamaíoch.




*Ludgate Hub, An Sciobairín, Corcaigh © Connectedhubs*



 *An taobh tíre ar chúl Eaglais Mhichíl ©HannahSheridanPhotography*

# 05

AG DUL CHUN CINN

# Conas a bhainfimid an cuspóir amach?



*An Phríomhshráid © HannahSheridanPhotography*


CONAS A BHAINFIMID AN CUSPÓIR AMACH?

# Réimsí athraithe

*Athnuachan a spreagadh*

Go dtí seo, breathnaíodh sa Phlean ar shuíomh agus carachtar an Chraoslaigh, cuireadh i láthair aiseolas ón bpobal agus ó pháirtithe leasmhara, agus baineadh leas as an eolas sin chun sraith téamaí agus cuspóirí a fhorbairt. Chun athfhorbairt agus athnuachan a spreagadh, úsáideadh na cuspóirí sin chun liosta tionscadal féideartha a chur le chéile agus cuireadh in ord tosaíochta iad trína thuilleadh rannpháirtíochta leis an bpobal.

Leagtar amach sa chuid seo a leanas den Phlean cuntas mionsonraithe ar an tionscadail chomh maith le príomh-idirghabhálacha, agus léirítear samplaí den dea-chleachtas. Ina theannta sin, tugtar Treochlár Feidhmiúcháin ina leagtar amach bunghnéithe na hoibre: ord tosaíochta na dtionscadal, bealaí maoinithe, príomhpháirtithe leasmhara a chuirfidh tionscadail i bhfeidhm agus, agus amlínte ionchasacha. Leis an treoir chuimsitheach sin, déanfar an Craoslach a stiúradh sa treo ceart chun fís an phobail a bhaint amach.




Taispeántar sa léarscáil ar an gcéad leathanach eile sraith tionscadal spásbhunaithe a bhfuil cur síos orthu sna codanna seo a leanas.

## Tionscadail Lárnacha

1. Croílár an Chraoslaigh a Neartú
2. Athúsáid Oiriúnaitheach
3. Caitheamh Aimsire Uisce
4. Naisc Ghlasa
5. Tionscadal Atógála Pobail (TAP Céim 1)
6. Páirc an Chraoslaigh (TAP Céim 2)
7. Gluaiseacht Shábháilte agus Inrochtaineacht
8. Feabhsú an Chomhshaoil
9. Bealaí Isteach

## Tionscadail Tacaíochta

10. An Séipéal agus Lár an Bhaile
11. Séadchomhartha an Bhainteora Arbhairt
- Tionscadal an Ghairdín
- Ardán Féachana
- Feabhas ar Chúrsaí Iompair
- Staidéar faoi Chúrsaí Páirceála
- Imeachtaí agus Beocht

17. Iniúchadh a dhéanamh ar Thionscadal Fuinnimh Inbhuanaithe
18. Foireann Uirlisí Dearaidh an Chraoslaigh


Crockatee
4
4
St Mary's
National School
9
St Michael's
Church
Disused rail line
Lough More
4
8
2
3
Maghera
Lough
5
7
2
2
1
8
9
6
Crees
Lough
Duntally Wood

CROÍ-THIONSCADAL 1

## Lár an Bhaile a Neartú




*Spásanna pobail a athbheochan: fís maidir le lár an baile amach anseo*

Ach neartú a dhéanamh ar Lár an Bhaile, spreagfar athnuachan an Chraoslaigh. Agus an deis ann an pobal a thabhairt le chéile agus cuairteoirí a mhealladh chuig an sráidbhaile, tá an gealladh faoin tionscadal seo go mbeidh áit bheoga againn ina mbaileoidh daoine le chéile chun sult a bhaint as an bhfáilte fhial a chuirtear rompu ar an gCraoslach. Bheadh duine ar bith in ann taitneamh a bhaint as cuairt ar lár an bhaile, sult a bhaint as áiseanna an cheantair agus casadh le cairde ann.

Tá na hidirghabhálacha seo a leanas roinnte ina gcatagóirí: gearrthréimhseach, meántréimhseach agus fadtréimhseach. Is frámaí ama uaillmhianacha atá i gceist seachas spriocdhátaí, agus spreagfaidh siad an obair athnuachana.

**Idirghabhálacha Gearrthréimhseacha (0–5 bliana)**

1. An foirgneamh TubHub a chóiriú don phobal agus do ghnólachtaí an cheantair
2. Clós Cope a chaomhnú agus margadh faoi dhíon a bhunú ann, ag a gcuirfear gnólachtaí agus ceardaithe áitiúla chun cinn, agus inar féidir imeachtaí pobail a eagrú nó ionaid díola shealadacha a bhunú.
3. Bláthanna agus crainn dhúchasacha a chur, ar cinn iad a chuideoidh leis an mbithéagsúlacht. Bheadh potaí sealadacha a bhfuil bláthanna daite nó crainn bheaga iontu ag cur le beocht agus áilleacht nádúrtha na háite, go háirithe os comhair Chlós Cope agus ar an bpríomhshráid.
4. Féachaint ar dheiseanna don 'uirbeachachas oirbheartaíochta'. Acmhainn áisiúil do na daoine a bheadh i dtroscán sráide ar nós binsí, stáisiúin athlíonta uisce agus racaí rothar i lár an bhaile.
5. Má chuirtear in airde comharthaí soiléire, tarraingteacha chun coisithe, rothaithe agus tiománaithe a threorú, is fearr a bheidh daoine in ann a mbealach a dhéanamh go sábháilte thart ar an mbaile. D'fhéadfaí comharthaí léirmhínithe a chur in airde freisin chun an pobal a chur ar an eolas faoi thimpeallacht, stair agus cultúr an cheantair agus iad a mhealladh chuig an mbaile.
6. Tá Cumann Pobail an Chraoslaigh agus Oifigeach na Nasc Pobail chun féachaint an bhféadfaí meitheal a bhunú ar a mbeidh úinéirí talún/réadmhaoine i lár an bhaile chun idirghabhálacha gearrthréimhseacha a spreagadh, amhail bearta chun feabhas a chur ar an gcomhshaol, stráicí beaga glasa agus imeachtaí poiblí.
7. Bearta moillithe tráchta agus luasteorainneacha laghdaithe a chur i bhfeidhm agus trasrianta coisithe a bhunú, agus staidéar cuimsitheach páirceála a dhéanamh don sráidbhaile chun an siúl a spreagadh agus aghaidh a thabhairt ar na deacrachtaí a bhíonn ag mótarfheithiclí agus trácht eile.






*Léaráid ealaíontóra – chun críocha léiriúcháin amháin ©Arup*

### Idirghabhálacha Meántréimhseacha/Fadtréimhsea (5+bliana)

1. An foirgneamh TubHub a athfhorbairt ina shaoráid nua-aimseartha ghnó agus mhiondíola, a fhreastalóidh ar ghníomhaíochtaí agus seirbhísí éagsúla, mar shampla mol digiteach a bhunú chun nuálaíocht dhigiteach agus teicneolaíocht a chothú.
2. Cearnóg phoiblí faoin spéir a dhéanamh in aice leis an bhfoirgneamh sin chun bheith ina láthair chruinnithe nó ina mhargadh, óna mbeadh radhairc ar Loch Mór agus ar an gcósta. Limistéar eile a bheadh ansin do pháirceanna beaga, díoltóirí sráide agus imeachtaí cultúrtha, agus d'fhéadfadh an deis a bheith ag caiféanna nó miondíoltóirí freastal ar chustaiméirí i limistéar do choisithe.
3. D'fhéadfadh spásanna stiúideo a bheith i bhfoirgneamh nua ar chúl an TubHub, chun tacú le healaíontóirí agus le hobair chruthaitheach, agus d'fhéadfadh saoráidí sláinte agus folláine a bheith ann, ar nós tolglann ióga.
4. D'fhéadfaí Clós Ceardaíochta agus Dearaidh a dhéanamh de Chlós Cope, ina mbeadh aonaid do ghnólachtaí agus do cheardaithe an cheantair chun a gcuid earraí a thaispeáint, agus spásanna cónaithe os a gcionn chun pobal bríomhar maireachtála/oibre a spreagadh.
5. Limistéir do choisithe a bhunú os comhair Chlós Cope agus ar an bpríomhshráid, ionas go mbeadh neart spáis ag daoine agus go mbainfí leas as na radhairc den scoth ón talamh ard.



*Clós Cope mar atá faoi láthair © Arup*




*An Foirgneamh TubHub mar atá faoi láthair © Arup*



*Léaráid ealaíontóra – chun críocha léiriúcháin amháin ©Arup*

AN AILL, CO. BHAILE ÁTHA CLIATH, ÉIRE

## Ionad Ealaíon Séamus Ennis

Osclaíodh Ionad Ealaíon Séamus Ennis in 2001. Rinneadh athchóiriú ar an ionad chun láthair ar leith a dhéanamh as ina mbíonn léirithe ag ealaíontóirí áitiúla, réigiúnacha, náisiúnta agus idirnáisiúnta. Léirithe den uile chineál a bhíonn ann, cosúil le Ceolchoirmeacha agus Féilte Ceoil, Ealaíona Traidisiúnta, Taispeántais Ealaíne, Scoil Cheoil, Drámaíocht, Coiméide, Scannánaíocht agus Ceardlanna Cruthaitheachta.

Tógadh spás taispeántais faoi dhíon le gairid i gcomhair ceolchoirmeacha móra, aontaí ceardaíochta agus bia, agus imeachtaí pobail. Is áit theolaí fháilteach é an Cottage Café do chuairteoirí agus do mhuintir na háite araon.





*Ionad Ealaíon Séamus Ennis ©EimearCampbellPhotography*

### *Buntáistí Féideartha*

- Beidh lár an bhaile ina lárionad don phobal agus do chuairteoirí chuig an sráidbhaile, rud a chuirfidh le fiúntas an tsráidbhaile do chách.
- Beidh deiseanna ann le haghaidh imeachtaí sóisialta agus gníomhaíochtaí áineasa, rud a neartóidh an muintearas i measc an phobail.
- Beidh atmaisféar bríomhar beoga agus áiseanna éagsúla i lár an bhaile nuair a bheidh athnuachan déanta air, rud a mheallfaidh cuairteoirí ó cheantair in aice láimhe agus níos faide i gcéin, agus a chuirfidh fonn ar dhaoine a bheidh ag dul tríd stopadh seal sa bhaile.
- Cuirfear le líon na ndaoine i gcéin is i gcóngar a thabharfaidh cuairt ar lár an tsráidbhaile, rud a chuideoidh leis na gnólachtaí. Beidh spásanna athnuaite i lár an tsráidbhaile a mheallfaidh gnólachtaí nua, agus cuideoidh an méadú ar líon na ndaoine i lár an bhaile leo sin.
- Léireoidh spásanna poiblí agus suiteálacha ealaíne féiniúlacht, stair agus cultúr an tsráidbhaile agus cothófar bród i measc mhuintir na háite agus cuairteoirí araon.
- Cuirfidh spásanna glasa agus feabhsuithe ar an tírdhreach le háilleacht an tsráidbhaile agus beidh cuma tharraingteach air. Leis sin, cuirfear chun cinn idirghníomhú sóisialta, folláine chomhshaoil, agus fás eacnamaíoch, agus beidh an lár ina spás fáilteach a chuidíonn le folláine an phobail agus leis an bhféiniúlacht chultúrtha.
- Má chuirtear bearta sábháilteachta agus inrochtaineachta breise i bhfeidhm ar fud lár an bhaile, is fearr a oirfidh sé do choisithe agus do dhaoine de gach aoisghrúpa agus cumas – lena gcinnteofar go mbeidh sé inrochtana do chách agus go mbainfidh gach duine taitneamh as.


# Lár *Beoga*


Spás Oibre Inacmhainne sa Yardhouse, Stratford © Thionóil


Coill iomaire © Ionad Pobail Choill Iomaire


Cathair na Mart, Co. Mhaigh Eo © Eire.com


Dia duit Páirc Pop-Up Wood, Búdaipeist © Petra Gaspar


Ionad Ealaíon Séamus Ennis, An Aill © EimearCampbellGrianghrafadóireacht


Ionad Ealaíon Séamus Ennis, An Aill © EimearCampbellGrianghrafadóireacht


Margadh an Im. Inis Ceithleann © Fiontar Fhear Manach

CROÍ-THIONSCADAL 2

## Athúsáid Oiriúnaitheach




*Deiseanna a thapú chun spásanna folmha a athbheochan ar mhaithe le todhchaí inbhuanaithe*


Le blianta beaga anuas, tá fadhb ag an gCraoslach maidir le foirgnimh thréigthe agus cinn nach mbaintear úsáid astu, agus mothaítear anois nár tapaíodh an deis ina leith. É sin ráite, tá an-acmhainneacht athbheochana agus athraithe i gceist leis an dúshlán seo. Beimid in ann beocht nua a chur sa sráidbhaile trí leas a bhaint as na foirgnimh sin, rud a bhfuil géarghá leis. Leis sin, cothófar timpeallacht mhealltach bhríomhar agus spreagfar fás eacnamaíoch. Rinneadh babhtaí athchóirithe roimhe seo, ach bainfear an toradh is fearr amach má dhéantar athnuachan ar na foirgnimh atá fós tréigthe. Rachaidh sé sin i bhfeidhm ar an sráid-dreach agus cothófar spás mealltach a oireann do chuile dhuine, agus do choisithe go háirithe. Bheadh spás ann ansin d'ionaid tráchtála nua ar urlár na talún agus áiteanna cónaithe os a gcionn.



*Foirgneamh agus cúirt thréigthe ar an bPríomhshráid, an Chraoslaigh © Arup*



*Foirgneamh tréigthe ar an bPríomhshráid, an Chraoslaigh © Arup*




*Léaráid ealaíontóra – chun críocha léiriúcháin amháin ©Arup*

### Idirghabhálacha

1. Gorlann ghnó agus mol comhoibrithe a bhunú. D'fhéadfadh sé go n-áireofaí leis an mbeart seo saoráidí comhroinnte costéifeachtacha amhail seomraí cruinnithe, nascacht dhigiteach, áiseanna TF agus tacaíocht theicniúil.
2. D'fhéadfaí mol pobail a bhunú chun ceardaíocht, bunscileanna agus forbairt phearsanta a fhorbairt. Samplaí de sin is ea Seid na bhFear (cosúil leis an gceann ag Mainistir na hArdadh), Seid na mBan, 'The Network Shed' agus 'Youth Pathway'.
3. D'fhéadfaí úsáid shealadach a bhaint as foirgnimh fholmha trí thaispeántais shealadacha, idirghabhálacha cruthaitheacha agus spás díola do cheardaithe. Is féidir le taispeántais nó ionaid díola shealadacha acmhainneacht spáis a léiriú, suim an phobail a mhúscailt, agus infheistíocht níos fadtéarmaí a mhealladh.
4. D'fhéadfaí foirgnimh fholmha a athchóiriú chun daoine a spreagadh le cur fúthu i lár an tsráidbhaile, rud a chothódh timpeallacht ilghnéitheach ina mbeadh spásanna cónaithe, spásanna gnó agus spásanna tráchtála. Spreagann comhtháthú dá leithéid pobal gníomhach cónaitheoirí/lucht oibre, rud a chuireann beocht sa sráidbhaile le meascán bríomhar gníomhaíochtaí agus caidrimh laethúil.
5. D'fhéadfaí cur leis na cineálacha cóiríochta gearrthéarmaí i lár an tsráidbhaile chun freastal ar na turasóirí.
6. Ceardlanna dearaidh pobail a eagrú inar féidir le muintir na háite agus páirtithe leasmhara teacht le chéile chun smaointe a phlé agus bheith ag obair as lámha a chéile chun úsáid úr a bhaint as foirgnimh fholmha. Leis an rannpháirtíocht sin, d'fhéachfaí chuige go mbeidh dealramh an tsráidbhaile ag teacht le mianta agus riachtanais an phobail.
7. Spásanna poiblí a dhearadh thart ar na foirgnimh a bhfuil athnuachan déanta orthu, amhail páirceanna, plásóga, nó láithreacha suí. Spreagfaidh na spásanna sin cruinnithe sóisialta agus caidreamh idir daoine, rud a chothóidh an meon pobail i measc mhuintir na háite.
8. Treoirlínte Dearaidh maidir le hAthúsáid Oiriúnaitheach a bhunú lena dtugtar tosaíocht d'athúsáid oiriúnaitheach agus do chleachtais tógála inbhuanaithe. Leis na treoirlínte sin, cinnteofar go gcloífidh foirgnimh a ndéanfar athnuachan orthu le carachtar an tsráidbhaile agus go mbeidh siad ag teacht le spriocanna inbhuanaitheachta.
9. Ealaíontóirí an cheantair a spreagadh chun suiteálacha ealaíne poiblí agus múrphictiúir a dhéanamh ar na foirgnimh a ndéanfar athnuachan orthu. Cothaíonn sé sin bród agus meon úinéireachta de réir mar a fheiceann na daoine an feabhas ar a dtimpeallacht agus de réir mar a ghlacann siad féin páirt san fheabhas sin.

WOOD GREEN, HARINGEY, AN RA

## Blue House Yard

Rinneadh athfhorbairt agus athshamhlú ar shuíomh folamh ar beag úsáide ar baineadh as, ionas go bhféadfadh daoine cruthaitheacha sa cheantar, fiontraithe agus muintir na háite úsáid a bhaint as ar feadh tréimhse shealadach 5 bliana

Tá an tionscnamh seo ar siúl ó 2017 agus is é atá i gceist ná spás poiblí chun bualadh le cairde, teacht ar imeachtaí agus idirghníomhú le dearthóirí/déantóirí áitiúla sa phobal.

Spásanna oibre cairdiúla, ionchuimsitheacha, ildisciplíneacha do mhuintir na háite atá i gceist, agus cur chuige nua á ghlacadh ina gcuimsítear spás príobháideach ar cíos agus spás poiblí nua le haghaidh ceardlanna don phobal.

San áireamh ann tá naoi mbothán oibre adhmaid dhá urlár, caifé nua, spás i gcomhair imeachtaí cultúrtha, spás i gcomhair margaí, ceardlann chriadóireachta a bhfuil rochtain oscailte uirthi agus spásanna stiúideo/oifige ar cíos.



*Athúsáid Oiriúnaitheach © JanKatteinArchitectsLtd*

AN SCIOBAIRÍN, ÉIRE

## Mol Ludgate


**55** ball lánaimseartha

**319** post díreach cruthaithe

**4m+** euro curtha leis an ngeilleagar áitiúil

Is eiseamláir é Mol Ludgate, atá lonnaithe sa Sciobairín, ar imeall Chorcaí in iardheisceart na hÉireann, den athúsáid oiriúnaitheach is féidir a bhaint as foirgnimh thearcúsáidte.

Pictiúrlann a bhí ann ar dtús (1941-1981), ansin bhí bácús ann (1941-1980), agus ansin fágadh folamh an foirgneamh i lár na 90idí. Chuaigh bord ar a raibh aon duine dhéag de mhuintir na háite, ag feidhmiú dóibh ar bhonn pro bono, i mbun mol digiteach úrscothach a bhunú ar bhealach inbhuanaithe. Ba é John Field, fear gnó fial flaithiúil ón gceantar, a thug an foirgneamh a ndearnadh Mol Ludgate de agus is eiseamláir den nuálaíocht áitiúil agus lárphointe don chruthaitheacht áitiúil anois é.



*Mol Ludgate ©Ludgate.ie*



### *Buntáistí Féideartha*

- Feabhsaítear an chuma atá ar an sráidbhaile nuair a dhéantar foirgnimh fholmha a athúsáid, rud a fhágann níos tarraingtí é don phobal agus do chuairteoirí agus a chothaíonn bród agus meon úinéireachta i measc mhuintir na haire agus iad ag cur suntas san fheabhas atá ag teacht ar an áit.
- Má dhéantar foirgnimh fholmha a athnuachan, féadtar gnólachtaí nua agus gnólachtaí seanbhunaithe a mhealladh agus an timpeallacht a chothú ina mbeidh borradh fúthu, rud as a n-eascróidh fás eacnamaíoch sa cheantar agus deiseanna fostaíochta. Is féidir seirbhísí nua nó áiseanna pobail a lonnú sna foirgnimh ionas gur fearr an fháil a bheidh ag muintir na háite ar áiseanna riachtanacha.
- Ach úsáid úr a bhaint as áitribh fholmha i lár an bhaile, is mó an méid roghanna tithíochta a bhíonn ag muintir na háite, cuirtear lena inacmhainne agus lena áisiúla a bhíonn an chóiríocht agus cuirtear chun cinn croíphobal níos beoga i limistéar ar furasta siúl thart air.
- Tá athúsáid na struchtúr atá ann cheana ag teacht le spriocanna inbhuanaitheachta, toisc gur lú an gá a bhíonn le foirgnimh nua a thógáil agus go gcaomhnaítear gnéithe stairiúla an tsráidbhaile.
- Is ionann na foirgnimh stairiúla a chaomhnú agus oidhreacht an tsráidbhaile a choinneáil slán, agus a ghnéithe uathúla agus a stair á gcaomhnú do na glúnta atá le teacht.
- D’fhéadfadh tionchar dearfach a bheith ag feabhsú na bhfoirgneamh folamh ar luachanna réadmhaoine sa cheantar, rud a chuideodh le húinéirí tí agus infheisteoirí.
- Ach úsáid úr a bhaint as foirgnimh, is féidir cur le sábháilteacht agus slándáil sa sráidbhaile agus an baol a bhaineann le struchtúir fholmha a laghdú.

# Athbheochan



Blue House Yard © Jan Kattein Architects



© Mol Gheata na Luide



Ealaíon cruthaitheach © Jonathan Borba on Unsplash




Blue House Yard © Jan Kattein Architects




Taispeántas cruthaitheach grianghrafadóireacht© EimearCampbellGrianghrafadóireacht




Spás imeachta © Ormeau Baths Belfast

CROÍ-THIONSCADAL 3

## Caitheamh Aimsire Uisce




### *Leas a bhaint as an uisce: deis eachtraíochta*

Ní mór an leas a bhaintear as lochanna an Chraoslaigh cé gur acmhainn iad a bhfuil an-ghealladh fúithi. Áis ardchaighdeáin atá i gceist leis an tionscadal agus beidh ceangal aici leis an Tionscadal Atógála Pobail. Áit nua-aimseartha atá beartaithe, a mheallfaidh a lán turasóirí, agus a fhágfaidh go mbeidh fáil níos fearr ag an bpobal ar an uisce. D'fhéadfaí áit tharraingteach a dhéanamh ar an gCraoslach faoin tionscadal seo, agus daoine a mhealladh chuig lár an tsráidbhaile ag an am céanna. D'fhéadfadh caitheamh aimsire uisce borradh mór a chur faoin turasóireacht.



*Loch sa Chraoslach ©Arup*




*Léaráid ealaíontóra – chun críocha léiriúcháin amháin ©Arup*






*Léaráid ealaíontóra – chun críocha léiriúcháin amháin ©Arup*

**Idirghabhálacha**

1. Áis i gcomhair caitheamh aimsire uisce – áit nuálach tharraingteach ina mbeidh taispeántais idirghníomhacha agus gnéithe oideachasúla chun cuairteoirí a mhealladh.
2. Cúrsaí Oideachais agus Oiliúna chun imeachtaí agus ceardlanna a eagrú, chomh maith le seisiúin oiliúna maidir le spóirt uisce agus feasacht chomhshaoil do mhuintir na háite agus do chuairteoirí.
3. Áis stórála shábháilte a chur ar fáil faoin spéir do threalamh i gcomhair spóirt uisce. Leis sin, féachfar chuige go mbeidh sé éasca an trealamh a fháil ar cíos nó úsáid phearsanta a bhaint as.
4. Cithfholcadáin, Seomraí Feistis, agus Leithris do chuairteoirí a bheidh ag glacadh páirt i ngníomhaíochtaí uisce.
5. Comharthaí agus cláir faisnéise ar a mbeidh eolas faoi uaireanta oscailte, gníomhaíochtaí, treoirlínte sábháilteachta, agus leideanna maidir le caomhnú an chomhshaoil.
6. Naisc idir na daoine agus an dúlra a fhorbairt le conairí dúlra a ghabhann chomh fada leis an loch agus timpeall air. Spreagfaidh sé seo cuairteoirí chun siúl chuig an loch ó áiteanna éagsúla sa sráidbhaile agus beidh ceangal aige le naisc ghlasa eile.

BÁ THRÁ LÍ, CO. CHIARRAÍ, ÉIRE

## Páirc Gníomhaíochtaí atá báúil don chomhshaol

Is áis nuálach, inbhuanaithe do chuairteoirí é Tralee Bay Wetlands Project, a mheallann suas le 50,000 turasóir in aghaidh na bliana. Chosain sé €4.5m é a thógáil agus mhaoinigh Comhairle Baile Thrá Lí agus Fáilte Éireann an tionscadal faoin bPlean Forbartha Náisiúnta (2007–2013).

Tógann an tionscadal ar an oidhreacht shaibhir nádúrtha atá ag ceantar Bhá Thrá Lí, ar anaclann dúlra é a bhfuil cáil idirnáisiúnta uirthi, agus cuireann sé go mór leis an méid a chuirtear ar fáil do thurasóirí i dTrá Lí, chomh maith le margadh na héiceathurasóireachta a fhorbairt i gCiarraí.

Osclaíodh Ionad Wetlands go hoifigiúil i mí na Bealtaine 2013 faoi Shliabh Mis. I measc na n-áiseanna a cuireadh ar fáil faoin tionscadal, tá páirc ghníomhaíochta, siúlóidí dúlra, bogaigh athchóiritheacha, tograí chun cur leis an mbithéagsúlacht agus turais atá báúil don chomhshaol, mar aon le clár Oideachais Timpeallachta.



*Tralee Wetlands © TraleeBayWetlandsEco&ActivityPark*

GARTÁN, CO. DHÚN NA NGALL, ÉIRE

## Ionad Gníomhaíochta Ghartáin

Is áis foghlama agus eachtraíochta faoin spéir é Ionad Ghartáin um Oiliúint agus Oideachas, atá ar bhruach Loch Gartáin i gContae Dhún na nGall. Eagraíonn an t-ionad gníomhaíochtaí eachtraíochta agus cúrsaí oideachais faoin spéir sa choill agus ar Loch Gartáin.

I measc na ngníomhaíochtaí atá ar fáil ann tá cadhcáil ar an bhfarraige, seoltóireacht, tonnmharcaíocht agus Cúrsaí 'Coastabout', chomh maith le Cúrsaí Oideachais Timpeallachta a oireann do bhunscoileanna, meánscoileanna, clubanna óige agus do lucht eachtraíochta.



*Ionad Gníomhaíochta Ghartáin ©Gartan.com*

### *Buntáistí Féideartha*

- Spreagfadh sé rochtain an phobail ar an uisce, agus chothófaí deiseanna áineasa do mhuintir na háite agus do chuairteoirí.
- Chothófaí ceangal idir daoine agus an dúlra, neartófaí an meas ar an imshaol, agus chothófaí feasacht chomhshaoil agus iarrachtaí caomhnaithe.
- Spreagfaí stíl mhaireachtála níos sláintiúla agus níos gníomhaí.
- Mheallfaí turasóirí agus cuairteoirí chuig an gceantar, rud a chuirfeadh borradh faoin turasóireacht sa cheantar agus a thacódh leis an ngeilleagar.
- Bheadh sé ina lárionad do ghníomhaíochtaí uisce agus do chlubanna uisce éagsúla, chuirfí fóillíocht amuigh faoin spéir chun cinn, agus bheadh sé ina mhol sóisialta.
- Chothófaí deiseanna fostaíochta agus thabharfaí spreagadh don gheilleagar áitiúil.

# Éicea-thurasóireacht *Inbhuanaithe*




*Cadhcáil © Ionad Gníomhaíochta Ghartáin*



*Ionad Seaham © Napper Architects*




*Gníomhaíocht uisce © NIExplorer*



*Gníomhaíocht uisce © NIExplorer*




*Snámh fiáin © Saoire Hidreafhuinneamh Let's Go*



*Sábháilteacht uisce © Ionad Allamuigh Ghort an Tóchair*

CROÍ-THIONSCADAL 4

# Naisc Ghlasa





## *Pobail a Nascadh: Líonra siúlbhealaí agus conairí dúlra a bhunú sa sráidbhaile*

Féachtar leis an tionscadal seo le líonraí siúlbhealaí agus conairí atá bríomhar, tarraingteach, sábháilte agus inrochtana a bhunú, lena nasctar an Mol Atógála Pobail atá beartaithe le lár an bhaile, agus naisc a bhunú le Caisleán na dTuath, Coill Dhún Taithligh, Tarbhealach Abhainn Choradh, Páirc Foraoise na hArdadh, agus níos faide anonn go dtí glasbhealaí réigiúnacha. Bhí sé ina thosaíocht ag go leor de na daoine a ghlac páirt sa chomhairliúchán don Phlean líonra gluaiseachta tánaisteach timpeall an tsráidbhaile a bhunú. Chuirfeadh na Naisc Ghlasa leis an nascacht idir lár an tsráidbhaile, ceantair chónaithe, oideachas agus limistéar níos leithne áineasa, agus bheadh an-tóir orthu mar áiseanna aclaíochta, comaitéireachta, turasóireachta agus gluaiseachta laethúla.



*Líne fhéideartha in aice le Scoil Mhuire ar an bPríomhshráid ©Arup*




*Léaráid ealaíontóra – chun críocha léiriúcháin amháin ©Arup*


BHÉAL FEIRSTE, TUAISCEART ÉIREANN

## Glasbhealach Pobail Abhainn Choinn

Siúlóid líneach is ea Glasbhealach Pobail Abhainn Choinn, in Oirthear Bhéal Feirste, do lucht siúil agus rothaithe. Is nasc é idir pobail agus páirceanna, seirbhísí agus áiseanna poiblí tábhachtacha.

Is díol suntais é go bhfuil roinnt scoileanna suite feadh an Ghlasbhealaigh. Is bealach sábháilte, inrochtana, atá saor ó thrácht, é dóibh siúd ar mian leo taisteal chun na scoile ar bhealach atá inbhuanaithe, gníomhach agus sláintiúil.

Cé gur tionscadal ar scála mór é, tá gnéithe de chuid Ghlasbhealach Pobail Abhainn Choinn a d'fhéadfadh a bheith a bheith ábhartha do thionscnamh dá leithéid ar an gCraoslach agus sa cheantar máguaird. Is cúnamh é cosán leanúnach do choisithe agus do rothaithe, a bhfuil bonneagar comhordaithe ag gabháil leis lena n-áirítear soilsiú ardchaighdeáin, treochomharthaíocht agus ealaín phoiblí, ó thaobh taisteal inbhuanaithe agus stíleanna maireachtála níos sláintiúla a éascú.



Glasbhealach Pobail Abhainn Choinn ©Paul Lindsay / Chris Hill Photographic do Arup

### Idirghabhálacha

1 Cosán Charn Beitheach a chur ar bhonn foirmiúil agus leathnú a dhéanamh air ós rud é gur tháinig sé chun cinn mar nasc ríthábhachtach do mhuintir an Chraoslaigh in 2022. Is nasc sábháilte, taitneamhach é an cosán idir ceantair chónaithe agus na scoileanna, an siopa agus an séipéal, agus is bealach é chun an bóthar a sheachaint. Ach stráice breise a chur leis an gcosán sin, d'fhéadfaí é a nascadh le conairí seanbhunaithe atá ag dhá thaobh an Chraoslaigh, nasc a dhéanamh leis an Tionscadal Atógála Pobail atá beartaithe, leis an Mol Uisce atá beartaithe, le cosáin dúlra a thógfar amach anseo agus le forbraíochtaí cónaithe a d'fheádfaí a thógáil.

2 Glasbhealach Stairiúil a bhunú tríd an tseanlíne iarnróid a athrú ina ghlasbhealach nua, rud a bheadh ina chosán álainn, a bheadh báúil don dúlra, le haghaidh lucht siúil, reatha agus rothaíochta ar chonair lúbach thart timpeall ar an gCraoslach.

3 Treochomharthaíocht agus Bonneagar Soghluaisteachta do Chách trí chomharthaí agus áiseanna do choisithe a fheabhsú, ar nós binsí ar an mbealach chuig na conairí glasa agus feadh a slí, chomh maith le feabhas breise ar limistéar Choill Dhún Taithligh. D'fhéadfadh na comharthaí a bheith idirghníomhach, faisnéiseach, agus thabharfaí léargas ar an dúlra agus ar stair an cheantair.

4 Gur cinn scríbe shuntasacha, mhealltacha a bheadh ar an mbealach isteach chuig na conairí siúil, a mbeadh gnéithe tírdhreacha (plandaí agus crainn, mar shampla) san áireamh leo.

5 Áiseanna Comhtháite i gcomhair Caitheamh Aimsire trí chosáin agus naisc idir codanna éagsúla den sráidbhaile agus áiseanna sa chomharsanacht, rud a spreagfadh rochtain éasca orthu. Ach eispéiris éagsúla a chur ar fáil (eispéiris chéadfacha nó oideachasúla nó spórt, mar shampla), mar aon le cineálacha éagsúla bonneagair (spraoi, láithreacha aclaíochta srl.), bhainfeadh chuile shaghas duine maitheas as na conairí.

6 Spásanna poiblí a bhunú trí spásanna cruinnithe poiblí a chur ar fáil agus a nascadh le chéile (cearnóga nó páirceanna beaga, mar shampla) inar féidir le muintir na háite agus cuairteoirí a scíth a ligean, labhairt le chéile agus taitneamh a bhaint as an timpeallacht.

7 Bealaí Níos Sábháilte chun na Scoileanna tríd an tionscadal 'Bealaí Níos Sábháilte chun na Scoile' atá beartaithe a chur i bhfeidhm.

8 Naisc a threisiú trí shíneadh a chur le naisc réigiúnacha ionas go mbeidh muintir na háite agus cuairteoirí in ann taisteal go gníomhach chuig cinn scríbe gar don Chraoslach. Moltar naisc sheachbhóthair a dhéanamh chomh fada le Foraois na hArdadh, Caisleán na dTuath, Conair Mhucais, Coill Dhún Taithligh agus Tarbhealach Abhainn Choradh. Tá sé beartaithe freisin na naisc sin a chomhtháthú le conairí réigiúnacha a d'fhéadfaí a dhéanamh, ar nós an Ghlasbhealaigh idir Leitir Ceanainn agus Ailt an Chorráin.

SRÁID RODEN, LUIMNEACH, ÉIRE

## Bealaí Sábháilte chun na Scoile

Forbraíodh clár na mBealaí Sábháilte chun na Scoile i gcomhpháirtíocht leis an Údarás Náisiúnta Iompair agus Scoileanna Glasa in 2020 mar fhreagra ar an ngá atá le tacú le scoileanna tuilleadh daltaí a spreagadh chun siúl agus rothaíocht chun na scoile.

I measc aidhmeanna an chláir tá feabhas a chur ar chúrsaí sábháilteachta ag geata na scoile, bealaí rochtana chun na scoile a fheabhsú, agus cur le líon na ndaltaí a théann ar scoil ar rothar.

Tá sé le feiceáil i bhfeidhm i Sráid Roden i Luimneach. Tá an tsráid sin sainithe go hoifigiúil mar 'Sráid Scoile': idir 8am agus 9am agus idir 1.15pm agus 2.45pm, iarrtar ar fheithiclí gan dul isteach ar an tsráid (seachas busanna naíolainne, muintir na háite agus foireann na scoile), rud a chuireann le sábháilteacht na bpáistí.

I measc na mbeart a cuireadh ibhfeidhm tá dromchlaí éagsúla, mullaird nua a bhfuil téama oideachais acu, agus bonneagar rothaíochta.




*Bealaí Sábháilte chun na Scoile ©An tÚdarás Náisiúnta Iompair*




### *Buntáistí Féideartha*

- Timpeallacht níos tarraingtí a bheith ann do mhuintir na háite agus do chuairteoirí chun dul timpeall an tsráidbhaile agus an cheantair máguaird, ionas gur féidir gabháil don taisteal gníomhach, sábháilte in ionad a bheith ag brath ar charranna.
- Feabhas ar shláinte choirp agus meabhairshláinte a spreagadh trí chaitheamh aimsire agus nasc leis an dúlra. Bhunófaí bealaí gearra, bealaí fada agus lúb-bhealaí le haghaidh rith, siúil agus rothaíochta.
- Ar an dóigh sin, cothaítear nasc níos doimhne leis an dúlra, bíonn daoine in ann sult a bhaint as flóra agus fána na háite, agus spreagtar an meon go bhfuil cúram ar an bpobal i leith an chomhshaoil sa cheantar.
- Feabhas a chur ar phointí teachta agus ar naisc idir príomhspásanna a bhfuil tábhacht leo sa líonra gluaiseachta.
- Cabhrú le gluaiseacht réidh idir lár an bhaile agus áiseanna fóillíochta gan a bheith ag brath ar an mbóthar, ionas nach mbeidh áiteanna scoite óna chéile.
- An oidhreacht chultúrtha a chaomhnú trí láithreacha stairiúla nó láithreacha cultúrtha sa sráidbhaile agus sa cheantar a nascadh agus aird a dhíriú orthu.
- An Craoslach a nascadh ar scála réigiúnach le cinn scríbe níos faide i gcéin.



Glasbhealach Pobail Abhainn Choinn © Sustrans




CCG © Paul Lindsay & Chris Hill

# Naisc *Leanúnacha*




Glasbhealach Pobail Abhainn Choinn © Paul Lindsay & Chris Hill



Glasbhealach Pobail Abhainn Choinn © Paul Lindsay & Chris Hill Photographic



Páirc líneach, Leytonstone © Ealaíontóir Lucy Harrison / Matter Architecture





Glasbhealach Pobail Abhainn Choinn © Paul Lindsay & Chris Hill




Glasbhealach Pobail Abhainn Choinn © Paul Lindsay & Chris Hill


CROÍ-THIONSCADAL 5

# Tionscadal Atógála Pobail (TAP Céim 1)





## *An Pobal Áitiúil a Chumhachtú agus Claochlú Áite: Atógáil Pobail ag The Field*

Trí úsáid a bhaint as príomhshócmhainn atá sa sráidbhaile cheana féin, is deis mhór í Céim 1 de Thionscadal Atógála Pobail an Chraoslaigh chun Mol Pobail a thógáil ar thalamh ar beag úsáide a bhaintear aisti faoi láthair, agus lena spreagadh go ndéanfar athnuachan ar thailte cóngaracha trí spásanna poiblí agus cosáin idirnasctha a dhéanamh. Leis an bhforbraíocht sin, agus ar bhonn comhairliúchán leis an bpobal agus riachtanais an phobail, tá sé i gceist bonneagar agus áiseanna ríthábhachtacha pobail a chur ar fáil. Meastar go mbeidh sé ina láthair nua do shaol an phobail, rud a thacóidh leis an gCraoslach maidir le pobal bríomhar, sláintiúil a bheith aige, a bheidh cuimsitheach ó thaobh na gné sóisialta de, a bheidh inbhuanaithe agus a mbeidh seirbhísí maithe ag freastal air.



*Leagan Amach Táscach © Comhairle Contae Dhún na nGall (CCDG)*





*Ingearchló táscach © Comhairle Contae Dhún na nGall (CCDG)*



## NUASHONRÚ STÁDAS TIONSCADAIL


D'fhorbair Foireann Atógála agus Forbartha Chomhairle Contae Dhún na nGall an Tionscadal seo chomh fada le Céim 1 (Faomhadh Reachtúil) i gcomhairle le Pobal an Chraoslaigh. Fuarthas cead pleanála faoi Chuid 8 don tionscadal ag cruinniú iomlánach de Chomhairle Contae Dhún na nGall ar an Luan an 25 Meán Fómhair 2023. Tá an tionscadal curtha ar aghaidh go dtí an chéim pleanála gnó anois agus tá sé á ullmhú mar thionscadal caipitil ardfhorbartha atá réidh i gcomhair chéim na tógála. Cuirfear an togra isteach faoin gcúigiú glao den Chiste um Atógáil agus Forbairt Tuaithe do thionscadail Chatagóir 1, a mheastar a osclófar roimh dheireadh na bliana 2023.

Comhairle Contae
Dhún na nGall
Donegal County Council

 *Tionscadal Atógála Pobail an Chraoslaigh © CCDG*

### Idirghabhálacha

1. Foirgneamh Mol Pobail chun an pobal a chumasú le bheith i bhfeighil bonneagar nua pobail, cathartha, spóirt agus áineasa chun saol poiblí a éascú sa sráidbhaile agus sa phobal níos leithne.
2. Páirc agus Rian Ilchuspóra trí limistéar solúbtha ilfheidhmeach nua faoina spéir ina gcuimseofaí páirc, MUGA agus rian áineasa chun tacú le riachtanais éagsúla atá ag an bpobal agus freastal ar imeachtaí sibhialta, cultúrtha, spóirt, áineasa agus sóisialta.
3. Gairdín Pobail trí ghairdíní pobail agus ríocht phoiblí thírdhreachtaithe a fhorbairt, ina mbeidh cuibhrinn agus seid gharraíodóireachta, siúlóidí, réitigh dúlra- bhunaithe ar nós gairdíní báistí, limistéir scíthe, scáthláin agus spás taibhléirithe faoin spéir i gcomhair imeachtaí éagsúla ceoil nó drámaíochta nó chun scannáin a thaispeáint.
4. Páirc Spraoi Shaindeartha a bheadh bunaithe ar dhúlra agus fiadhúlra an cheantair, faoi threoir ag comhairliúchán leis na páistí scoile, le gnéithe spraoi saindeartha breise a bheadh bunaithe ar oidhreacht an cheantair. Beidh limistéir a oireann d'aoisghrúpaí éagsúla sa pháirc spraoi agus beidh áiseanna poiblí, áis chun clúidíní a athrú, páirceáil do dhaoine faoi mhíchumas, do dhaoine scothaosta agus do thuismitheoirí agus páistí óga inti, mar aon le caifé.
5. Bealaí Siúil Tírdhreachaithe do choisithe agus rothaithe, lena spreagtar deiseanna chun naisc a fheabhsú tuilleadh leis an gceantar máguaird, chomh maith le comharthaí feabhsaithe a léiríonn an bealach chuig príomhchinn scríbe.



*Plean Suímh Táscach © Comhairle Contae Dhún na nGall (CCDG)*




Comhairle Contae Dhún na nGall
Donegal County Council

*Tionscadal Atógála Pobail an Chraoslaigh © CCDG*

EASTÁT THOMÁIS, BAILE ÁTHA CLIATH, ÉIRE

## Campas Ilspóirt DSD

Campas ilspóirt ar chaighdeán idirnáisiúnta atá ina eiseamláir d'áiseanna spóirt a thógfar amach anseo ar fud na hÉireann.

Is áis shaindheartha nua é Campas Ilspóirt DSD, atá ar shuíomh 25 acra ar Bhóthar Thigh Bródáin, agus is ann atá Club Lúthchleasaíochta Dhún Droma, Baile Átha Cliath Theas, agus áiseanna do spóirt mhionlaigh eile.

Chuimsigh Céim 1 raon Mondo faoin aer atá 400 méadar ar fhad agus a bhfuil 8 lána ann, ar chaighdeán Lúthchleasaíochta Domhanda, páirc lúthchleasaíochta le haghaidh léimní agus caithimh, agus cosán cnocach 2 km.

I gCéim 2 tá halla spóirt le seomraí feistis, oifigí, raon ráibe faoi dhíon agus áiseanna gaolmhara.





*Campas Ilspóirt DSD ©DSDAthleticsClub*

### *Buntáistí Féideartha*

- Claochlú áite trí spás cathartha, gnéithe nádúrtha agus bonneagar pobail a chomhtháthú i gcroílár Phobal an Chraoslaigh, rud a chuireann le comhtháthú an phobail, le meon na saoránachta agus le folláine na ndaoine.
- An sráidbhaile a neartú trí ailtireacht, pleanáil agus bearta comhdheartha, ionas go mbeifear in ann athnuachan a dhéanamh ar thailte pobail nach mbaintear mórán úsáide astu faoi láthair agus ar thimpeallacht an tsráidbhaile mar limistéar comhtháite ardchaighdeáin atá tarraingteach agus sábháilte do mhuintir na háite, cuairteoirí agus infheisteoirí mar áit a mbíonn an saol poiblí faoi bhláth.
- Deiseanna do dhaoine óga rudaí a fhiosrú, a fháil amach agus a fhoghlaim, lena gcuirtear gníomhaíochtaí oideachais agus áineasa a chur chun cinn, mar aon leis an bhfolláine.
- Áiseanna feabhsaithe don phobal, rud a spreagann rannpháirtíocht i ngníomhaíochtaí áineasa chun cur le folláine coirp agus folláine intinne.
- Tacú le gníomhaíocht idirghlúine sa sráidbhaile.
- Timpeallacht shlán, tharraingteach do dhaoine i ngach aoisghrúpa agus daoine ar gach cumas, chun fás, spraoi agus cuimsiú a spreagadh.
- Mol don phobal le foghlaim faoi tháirgeadh bia agus cleachtais inbhuanaithe agus páirt a ghlacadh san obair sin.
- Acmhainn chruthaitheach an phobail a fheabhsú trí spásanna ar leith chun imeachtaí ealaíne agus imeachtaí cultúrtha a chur ar bun.
- Cur leis an méid atá ar fáil do thurasóirí san idirshéasúr, cur leis an méid ama a chaitheann turasóirí sa sráidbhaile chun gníomhaíocht a spreagadh agus deiseanna a sholáthar chun tacú leis an ngeilleagar áitiúil.
- Feabhas a chur ar bhearta maolaithe tuilte trí réitigh atá bunaithe ar an dúlra, ar nós gairdíní báistí.

# Acmhainneacht *a Uasmhéadú*



Clubtheach cloiche © GRAS Arquitectos / Archdaily



© Smaointeoireacht Ailtireachta sa Todhchaí



Campas Ilspóirt DSD © DSDAthleticsClub



Áis Spóirt Ørestad © Ailtirí NORD / Dezeen



Campas Ilspóirt DSD © DSDAthleticsClub



Campas Ilspóirt DSD © DSDAthleticsClub


CROÍ-THIONSCADAL 6


## Páirc an Chraoslaigh (TAP Céim 2)




*Borradh a chur faoin Dúlra, Fiosrú, Spraoi, Saol Glas a chothú sa Chraoslach*

In ainneoin a chóngaraí atá sí do thaobh tíre álainn, mhothófá go bhfuil príomhshráid ghnóthach an Chraoslaigh (bealach an N56) scoite ón gceantar máguaird, agus is beag deis a bhíonn ann a bheith sáite sa dúlra nuair a bhíonn daoine i mbun caitheamh aimsire nó ag ligean a scíthe. Faoi Chéim 1 den Tionscadal Atógála Pobail (féach Tionscadal Tosaíochta 5), tá deis bhreise le tapú chun leathnú a dhéanamh ar limistéar an láir trí thailte gar don sráidbhaile a athrú ina spásanna poiblí glasa a mbeidh cosáin eatarthu.








*Léaráid ealaíontóra – chun críocha léiriúcháin amháin ©Arup*

### Idirghabhálacha

1. Páirc Líneach timpeall ar an Tionscadal Atógála Pobail, le limistéir le haghaidh caitheamh aimsire éighníomhach agus gníomhach a bheadh nasctha le páirceanna beaga agus conairí glasa sa sráidbhaile.
2. Páirceanna Spraoi Nádúrtha in aice le scoileanna áitiúla, a bheadh níos sábháilte do pháistí agus a chothódh nasc níos láidre idir iad agus an dúlra.
3. Cosáin Choille agus Cosáin Bhogaigh a dhéanfaí trí athchóiriú a dhéanamh ar limistéir dhúshlánacha atá ann cheana féin (coillearnacha nó bogaigh, mar shampla) le cosáin siúil nuálacha, amhail siúlbhealaí ardaithe, chun eispéiris úra spreagúla a chur ar fáil. Déanfar dearadh cúramach ar na conairí sin ionas gur fusa ag daoine a mbealach a dhéanamh trí stráicí dúshlánacha, agus cuirfear in airde cláir faisnéise ar a mbeidh eolas faoi nithe ar nós fhlóra agus fána an cheantair.
4. Réitigh atá Bunaithe ar an Dúlra agus Dearadh Inbhuanaithe ar nós Córas Draenála Uirbí Inbhuanaithe (SuDS) chun limistéir a shaibhriú trí chur leis an mbithéagsúlacht agus le cáilíocht an chomhshaoil agus trí chur leis an teacht aniar i leith an athraithe aeráide. Laghdaíonn córas SuDS rioscaí tuilte agus cosnaíonn sé an comhshaol, ionas go mbeidh spásanna feidhmiúla, tarraingteacha pobail ann a théann chun sochair an dúlra agus mhuintir na háite araon, agus an chruthaitheacht agus caitheamh aimsire á gcur chun cinn trí ghnéithe spraoi agus gnéithe céadfacha. Is féidir cur leo sin le prionsabail dearaidh inbhuanaithe eile, amhail bailiú uisce báistí, plandaí dúchasacha a chur, agus an dramhaíl a bhainistiú ar bhealach atá báúil don chomhshaol.
5. Gairdín Céadfach agus Pointe Oideachais/Gníomhaíochtaí Scoile Faoin Spéir trí shuiteálacha céadfacha (suiteálacha ealaíne, taispeántais idirghníomhacha nó gairdíní céadfacha, mar shampla) a chuirfidh eispéiris úra ar fáil chun cur le mealltacht an tsráidbhaile (idir Scoil Mhuire agus Scoil Náisiúnta an Chraoslaigh agus na lochanna, mar shampla), agus gnéithe oideachais a chur san áireamh chun feasacht a mhúscailt faoi thimpeallacht nádúrtha an tsráidbhaile. Ba mhaith an rud é tabhairt faoi bhabhtaí comhair le heagraíochtaí ar nós Ionad Oideachais Pháirc Náisiúnta Ghleann Bheatha.











*Léaráid ealaíontóra – chun críocha léiriúcháin amháin ©Arup*

SOWERBY, YORKSHIRE,
AN RÍOCHT AONTAITHE.

## Park and Sports Village

Síos ó dheas ó bhaile margaidh Thirsk atá Sowerby Park and Sports Village, 'Sráidbhaile Spóirt' nua lena mbaineann an iomaí tairbhe shóisialta don phobal ar fad i gcomparáid le gnáthpháirc. Is bonneagar sóisialta ríthábhachtach é anois do dhaoine áitiúla.

Shainigh an pobal an treoir don pháirc, trí cheardlanna agus trí dhlúthchumarsáid. Uaidh sin, tháinig páirc chuimsitheach ilsraitheach a úsáideann daoine ag amanna éagsúla den lá agus ar bhealaí éagsúla, agus ina mbíonn fáilte roimh chách.

Tá raon reatha sa pháirc, chomh maith le raonta rothaíochta, níos mó ná 300 crann nua, córais draenála inbhuanaithe agus trí pháirc spóirt ardchaighdeáin. Tá dorchlaí don fhiadhúlra inti agus tá gnéithe bithéagsúlachta fite fuaite ar fud na páirce.



*Sowersby Park and Sports Village © Dependable Productions via Landezine*

### *Buntáistí Féideartha*

- Spásanna feidhmiúla a bhunú chun daoine a nascadh leis an dúlra.
- Limistéir faoin spéir a chruthú don oideachas éiceolaíoch, chun freastal ar scoileanna an cheantair agus scoileanna a thugann cuairt ar an bpáirc.
- Deis imeachtaí cultúrtha agus áineasa a chur ar bun.
- Bealaí glasa malartacha a chur ar fáil le haghaidh siúlóidí agus rothaíochta timpeall an tsráidbhaile, ar shiúl ón bpríomhshráid.
- Ach páirc spraoi nádúrtha a bheith ag na páistí spreagfaí an nasc idir iad agus an dúlra, agus chuirfí lena gcruthaitheacht agus a bhfonn fiosraithe.
- Deis chun forbairt chéadfach iomlán na bpáistí a spreagadh tríd an éagsúlacht a bhaineann le radhairc, bolaithe, fuaimeanna agus uigeachtaí an dúlra.
- Bealaí breise agus limistéir ainmnithe a thabhairt isteach le haghaidh madraí a thabhairt amach ag siúl, lena gcuirtear chun cinn áit a oireann do pheataí.
- Feabhas a chur ar stíl mhaireachtála agus ar cháilíocht na beatha do mhuintir an Chraoslaigh agus do chuairteoirí, agus stíl mhaireachtála níos sláintiúla agus níos gníomhaí á spreagadh.

# Spásanna *Taitneamhacha*



*Glasbhealach Pobail Abhainn Choinn © Paul Lindsay & Chris Hill*


*Gairdín Pobail © Uirbeach / Meánach*



*Subh log © súgradh tírdhreacha*


*Lanhydrock, Corn na Breataine © Iontaobhas Náisiúnta*



*Bogaigh Walthamstow © Tírdhreach Kinnear*


*Glasbhealach Pobail Abhainn Choinn © Paul Lindsay & Chris Hill*


*Páirc Sowerby & Sráidbhaile Spóirt © rtírdhreach a athchruthú*

CROÍ-THIONSCADAL 7

## Gluaiseacht Shábháilte agus Inrochtaineacht




*An Craoslach a athnuachan: Sráidbhaile sábháilte, tarraingteach, inrochtana a dhéanamh de*

Is minic a bhíonn an-chuid trácht ardluais sa sráidbhaile mar gheall go ngabhann an N56 tríd, agus bíonn na carranna sa mhullach ar mhuintir na háite. Tá easpa áiseanna páirceála ann agus is minic a pháirceálann carranna ar na cosáin, agus iad sa bhealach ar na coisithe. Tá easpa áiseanna cearta rothaíochta ann freisin, rud a thógann ón inrochtaineacht agus ón tsábháilteacht sa sráidbhaile. Fágann na dúshláin sin go bhfuil deiseanna móra le tapú ag an sráidbhaile i dtaobh a bheith níos mealltaí agus níos sábháilte dóibh siúd go léir a bhíonn ag siúl agus ag rothaíocht.



*N56 – An Phríomhshráid, An Chraoslach*




*Léaráid ealaíontóra – chun críocha léiriúcháin amháin ©Arup*

### Idirghabhálacha

1. Teorainn Luais 30kph feadh an N56 i lárionad uirbeach an Chraoslaigh, rud a d'athródh meon an bhaile i dtéarma fheidhmiúlacht an bhealaigh sin tríd an mbaile. Tacaítear san Athbhreithniú ar Luasteorainneacha a foilsíodh le déanaí (An Roinn Iompair, 2023) le tabhairt isteach na luasteorann.
2. Na cosáin a fheabhsú, agus iad a leathnú nuair is féidir, agus feabhas a chur ar an soilsiú sráide.
3. Comharthaí feabhsaithe do choisithe, ionas gur fusa dul timpeall an tsráidbhaile agus níos faide i gcéin chuig cinn scríbe sa chomharsanacht.
4. Trasrianta siógacha an-sofheicthe agus ardáin a shuiteáil ionas gur furasta dul idir na príomhspásanna agus ionas go mbeidh na coisithe níos sábháilte.
5. Amadóirí a shuiteáil ag na soilse ag trasrianta coisithe lena léiriú cén fhanacht a bheidh ar dhaoine chun dul trasna, agus a chinntiú go mbeidh siad deartha sa dóigh is go n-oirfidh siad do dhaoine i ngach aoisghrúpa agus daoine ar gach cumas.
6. Síntí colbha a shuiteáil ag crosbhealaí chun an fad achair do choisithe a laghdú agus iad ag trasnú.
7. Bacainní cosanta nó mullaird a shuiteáil in aice le scoileanna agus áiteanna eile a mbíonn a lán páistí. Is féidir le dearadh beartach ar nós suiteálacha ildaite aird a dhíriú ar an limistéar agus luas an tráchta a laghdú. Bacainní cosanta nó mullaird a shuiteáil in aice le scoileanna agus áiteanna eile a mbíonn a lán páistí. Is féidir le dearadh beartach ar nós suiteálacha ildaite aird a dhíriú ar an limistéar agus luas an tráchta a laghdú.
8. Leanúint ar aghaidh leis an dearadh mionsonraithe ar an Tionscnamh um Bealaí Níos Sábháilte chun na Scoile chun an bonneagar lasmuigh agus an bonneagar ar na bealaí chun na scoile a fheabhsú agus é i gceist cur le líon na bpáistí a bhíonn ag siúl ar scoil nó ag dul ar scoil ar rothar nó scútar.
9. Pábháil thadhlach ar nós dromchlaí uigeacha a shuiteáil chun cabhrú le daoine lagamhairc in aice le stadanna na seirbhísí iompair phoiblí.
10. Cur leis na seirbhísí iompair phoiblí sa réigiún agus sa sráidbhaile. D'fhéadfaí leas a bhaint as nithe mar sheirbhísí tointeála chuig áiteanna a mbíonn tóir ag turasóirí orthu sa cheantar chun líon na gcarranna a laghdú.
11. Limistéar do choisithe a dhéanamh as roinnt limistéar os comhair Chlós Cope agus na príomhshráide, ionas go mbeadh neart spáis ag daoine agus go mbainfí leas as na radhairc den scoth ón áit ard sin.
12. Comharthaí bóthair atá soiléir agus in áit chuí a shuiteáil chun an trácht feithiclí a chur ar an airdeall maidir le limistéir do choisithe.
13. Bearta moillithe tráchta a chur i bhfeidhm, ar nós rampaí, go háirithe i gceantair chónaithe agus i limistéir scoile.
14. Siceáin, stráicí beaga glasa nó crainn a bheith anseo is ansiúd feadh na sráide chun snas a chur ar an mbaile agus an trácht a mhoilliú.
15. Tá gá le staidéar breise chun teacht ar thuiscint iomlán ar shrianta páirceála don sráidbhaile agus chun coincheapa dearaidh a fhorbairt le haghaidh bearta ar nós páirceáil lasmuigh den bhaile agus páirceáil níos inrochtana, agus chun féachaint cén talamh atá ar fáil.

ALTRINCHAM, AN RÍOCHT AONTAITHE

## An Ríocht Phoiblí

Tá Baile Margaidh Altrincham tagtha chun cinn go mór. Bhíodh sé ionann is tréigthe ach bronnadh an gradam 'an Phríomhshráid is Fearr sa Bhreatain' air in 2018, agus tá méadú 27% tagtha ar líon na ndaoine ann agus laghdú 22% ar líon na bhfoirgneamh folamh.


Faoi chlár chun borradh a chur faoin ngnó i lár bailte, tugadh iasachtaí saor ó ús arbh fhiú suas le £10,000 iad chun cabhrú le haonaid fholmha a athchóiriú nó le híoc as an margaíocht. Osclaíodh 23 gnó nua agus cruthaíodh breis agus 102 post nua dá bharr sin.

Cuireadh roinnt príomhthionscnamh i bhfeidhm chun an méid mór sin a bhaint amach, go háirithe infheistíocht nach beag sa ríocht phoiblí chun cur leis an achar ama a chaitheann daoine sa bhaile agus leis an méid airgid a chaitheann siad ann.

I measc na bpríomhbheart chun feabhas a chur ar an ríocht phoiblí tá pábháil nua agus trasrianta coisithe nua, roinnt áiteanna chun suí síos leat féin nó le daoine eile, draenáil inbhuanaithe, crainn agus plandaí.



*Ríocht Phoiblí, Altrincham © Adrian Lambert*



INIS CEITHLEANN, FHEAR MANACH
TUAISCEART ÉIREANN

## An Ríocht Phoiblí

Is scéim a chosain £5.24m (6m euro) é Tionscadal Ríocht Phoiblí Inis Ceithleann, lena gcuimsítear pábháil ardchaighdeáin, colbhaí, draenáil uisce dromchla, comharthaí, cur plandaí/dearadh tírdhreacha, troscán sráide, soilsiú (agus soilsiú i gcomhair féilte san áireamh), agus breithniú ar spás i gcomhair imeachtaí agus suiteálacha ealaíne poiblí agus struchtúr saincheaptha.

I measc na mbeart eile bhí uasghrádú ar aghaidheanna siopaí, obair thógála chun foirgnimh a réiteach, agus leithris phoiblí nua a forbraíodh de réir caighdeáin inrochtaineachta.

D'fhág na feabhsuithe ar an ríocht phoiblí go bhfuil cuma níos deise ar an mbaile, agus gur áit mheall-tach, shábháilte, inrochtana é Inis Ceithleann do mhuintir na háite agus do chuairteoirí.

*Ríocht Phoiblí Inis Ceithleann ©FODC*

### *Buntáistí Féideartha*

- Ach luas an tráchta a laghdú agus brú tráchta a mhaolú, cuirfear le sábháilteacht na gcoisithe sa cheantar, feabhsófar sláinte agus folláine na ndaoine trí shiúl agus rothaíocht a chur chun cinn, agus beidh sé níos éasca ag chuile dhuine, beag beann ar aois nó ar chumas, a mbealach a dhéanamh thart ar an mbaile.
- Laghdófar an rochtain atá ag trácht ar an mbaile, rud a chuideoidh leis an gcomhshaol, a laghdóidh astaíochtaí gás ceaptha teasa agus a fheabhsóidh caighdeáin an aeir.
- Truailliú torainn a laghdú.
- Má dhéantar an tsráid a athnascadh lena cúlra staire, agus í a bheith oiriúnach do choisithe seachas na carranna a bheith i réim, cothófar naisc shóisialta agus beidh spásanna sa sráidbhaile le haghaidh margaí, imeachtaí, ealaíon agus cruinnithe.
- Beidh feabhas ar an saol i lár an bhaile agus ar chuma na háite, is fearr a oirfidh sé do choisithe, agus beidh fonn ar dhaoine fanacht seal ann seachas dul díreach tríd.
- Tá sé léirithe go mbíonn sé ina thoradh ar spásanna feabhsaithe do choisithe agus ar thrácht laghdaithe gur mó an méid daoine a bhíonn ag siúl thart agus go spreagtar an geilleagar áitiúil.
- Dá mhéad daoine a bhíonn thart ar an áit, is ea is lú an ghníomhaíocht choiriúil a bhíonn ar bun freisin.

# Sráideanna níos *Sábháilte do Chách*



Comharthaíocht lorg bealaigh folctha © Pearson Lloyd





Inis Ceithleann © FODC



Fearann Poiblí an Chaisleáin Nua © FK Lowry



Lár Bhaile Altrincham © Adrian Lambert




Bóthar Regent, Altrincham © Altrincham Inniu




Foam Parklet, Bun Dobhráin © Stiúideo MANA

CROÍ-THIONSCADAL 8

# Feabhsú an Chomhshaoil




## *Sráideanna a Athbheochan, Spásanna a Athrú ó Bhonn*

Le scéim feabhsúcháin timpeallachta atá dírithe ar fheabhas a chur ar an gcuma atá ar fhoirgnimh aonair nó gnéithe aonair de chuid an Chraoslaigh, d'fhéadfaí an sráid-dreach a athrú ó bhonn agus cabhrú le húsáid úr a bhaint as foirgnimh agus spásanna atá imithe as úsáid. D'fhéadfaí Céim 1 den scéim dreasachta a dhíriú ar thionscnaimh chun aghaidheanna na siopaí, na ngnólachtaí nó na n-áitreabh tráchtála a dheisiú, a fheabhsú, a uasghrádú nó a athchóiriú.




*An Foirgneamh TubHub mar atá faoi láthair*




*Léaráid ealaíontóra – chun críocha léiriúcháin amháin ©Arup*

#### Idirghabhálacha

1. Trí throscán sráide inaistrithe a chur sa sráidbhaile, bheifí in ann spásanna poiblí éagsúla a chruthú, chun freastal ar riachtanais éagsúla.
2. Stráicí beag glasa tréscaoilteacha a bhunú chun áiteanna poiblí fáilteacha a bhunú, aghaidh a thabhairt go héifeachtach ar fhadhbanna draenála agus an chuma chrua atá ar an mbaile a mhaolú.
3. Ealaíontóirí ón gceantar a spreagadh agus a fhostú chun suiteálacha bríomhara a dhéanamh a léiríonn féiniúlacht agus cultúr an tsráidbhaile. Spreagtar scoileanna an cheantair chun páirt a ghlacadh sa ghníomhaíocht sin freisin. D'fhéadfaí a áireamh i measc na mbeart soilsiú cruthaitheach a dhéanamh ar fhoirgnimh, múrealaín agus brandáil shaincheaptha chun aghaidheanna foirgneamh ar an bPríomhshráid a fheabhsú.
4. Tá sé beartaithe feabhas a chur ar an tírdhreach agus spásanna glasa a bhunú chun atmaisféar agus bithéagsúlacht an tsráidbhaile a fheabhsú. Áirítear leis sin potaí plandaí is féidir a bhogadh thart chun duilliúr a bhunú sa bhaile agus cuma tharraingteach a chur air, crainn i gcomhair scátha agus chun atmaisféar deas a chothú, láithreacha suí le haghaidh scíthe agus cruinnithe sóisialta, bearta tírdhreachaithe a chur i bhfeidhm chun an trácht a mhoilliú, agus gnéithe bithéagsúlachta (óstáin feithidí, bailte slachtmhara, boscaí éan, mar shampla) a chur i bhfeidhm.
5. Bainistiú uisce agus naisc bhithéagsúlachta a fheabhsú trí chórais draenála inbhuanaithe (SuDs) a chomhtháthú leis an sráid-dreach – gairdíní báistí, claiseanna crann maolaithe – chun cuma níos deise a chur ar na sráideanna agus gan iad a bheith chomh crua.
6. Straitéis chomhtháite brandála sráidbhaile a fhorbairt le lógónna agus dathanna ionas go mbeidh íomhá láidir ag an gCraoslach, agus chun cuidiú le turasóirí a mbealach a fháil thart ar an sráidbhaile.

CORA DROMA RÚISC, ÉIRE

## Tionscnamh Ealaíne faoi threoir na hOidhreachta

Thug Cora Droma Rúisc le déanaí faoi thionscnamh oidhreachta atá dírithe ar dhul i bhfeidhm ar aeistéitic an bhaile trí ealaín, oidhreacht agus cultúr an cheantair a cheiliúradh.

Tá ealaíontóirí áitiúla agus ealaíontóirí gairmiúla coimisiúnaithe ag Grúpa Oidhreachta Chora Droma Rúisc agus ag an Scéim Bailte agus Sráidbhailte le cabhair ó Ealaíona Liatroma agus ó Chomhairle Contae Liatroma chun múrphictiúir a dhéanamh lena spreagtar mórtas áite agus a chuidíonn le cuairteoirí eolas a chur ar na duirleoga agus na sráideanna agus ar dhaoine mór le rá an cheantair agus iad ar a n-aistear tríd an mbaile.

I measc na saothar tá íomhánna de mhórscribhneoirí, íomhá a léiríonn Oidhreacht CLG Liatroma agus saothar chun ceiliúradh a dhéanamh ar obair dheonach Chumann Bailte Slachtmhara Chora Droma Rúisc.



*Múrphictiúr – Cora Droma Rúisc ©Leitrimobserver*



AN LEIBHÉAL NÁISIÚNTA, ÉIRE

## An Scéim 'Croí Cónaithe'

Tá ciste nua dar teideal 'Croí Cónaithe' bunaithe chun cuidiú foirgnimh fholmha agus foirgnimh thearcúsáidte a chur in úsáid arís mar aonaid chónaithe.

Faoin Deontas Athchóirithe i gcomhair Áitreabh Folamh (Ciste na mBailte de chuid Croí Cónaithe), atá ar fáil do bhailte a bhfuil daonra os cionn 400 duine acu agus ag roinnt sráidbhaile níos lú, tá deontas suas le €50k ar fáil, agus CBL san áireamh, nó €70k agus CBL san áireamh i gcás áitribh a bhfuil 'lochtanna struchtúracha' orthu.

Tagann an scéim sin faoin mbeartas 'Ár dTodhchaí Tuaithe' de chuid an Rialtais agus faoin mbeartas nuafhoilsithe 'Lár Bailte ar dTús', a bhfuil sé ina aidhm leis dul i ngleic le fadhb na n-áitreabh folamh agus na n-áitreabh tréigthe agus beocht nua a chur i lár na mbailte. Chomh maith leis sin, comhlíonann sé an uaillmhian a leagtar amach i Snáithe 4 den bheartas 'Tithíocht do Chách', arb é an aidhm atá leis dul i ngleic le fadhb na n-áitreabh folamh agus úsáid éifeachtach a bhaint as an stoc tithíochta atá ann cheana féin.

### *Buntáistí Féideartha*

- Faoin scéim um fheabhsú an chomhshaoil, feabhsófar an chuma atá ar áitribh fholmha, rud a fheabhsóidh an chuma atá ar na sráideanna.
- Tá an bhéim ar struchtúir atá ann cheana a fheabhsú ag teacht le prionsabail an gheilleagair chiorclaigh chun athúsáid acmhainní a chur chun cinn, rud a chaomhnaíonn acmhainní agus a fhágann gur lú an gá atá le hobair foirgníochta.
- D'fhéadfaí bearta atá tíosach ar fhuinneamh a áireamh agus foirgnimh á n-athchóiriú, rud a laghdóidh an méid fuinnimh a ídítear agus na hastaíochtaí gás ceaptha teasa.
- Cuireann soilsiú cruthaitheach, múrealaín, agus brandáil shaincheaptha le beogacht, carachtar agus tarraingteacht lár an bhaile do mhuintir na háite agus do chuairteoirí araon.
- Ach slacht a chur ar aghaidheanna siopaí agus gnólachtaí, mealltar custaiméirí agus infheisteoirí ionchasacha, rud a thacaíonn le fás eacnamaíoch agus inbhuanaitheacht sa cheantar.
- Spreagann sráid-dreach feabhsaithe, mealltach gníomhaíocht na gcoisithe, rud a chuireann an siúl chun cinn agus atá ag teacht le spriocanna ó thaobh iompar inbhuanaithe de.

*Na hAoraí, Co. Chorcaí ©Glen Allison via Architectural Digest*

# Íomhá *Dhearfach*





*Múrphictiúr ar Fhoirgneamh Folamh (roimhe agus ina dhiaidh), Corcaigh © Ealaíontóir Shane O'Driscoll*




*Féile Falmouth © TheCornishLife*



*Lár Baile Áth na Fuinseoige © Meristem Design*



*Ealaín Sráide, an Iordáin © Ealaíontóir Ernesto Maranje*





*An Scéim Órga um Fheabhsú agus Péinteáil 2023 (Imleach, Tiobraid Árann)*



*Plandálaithe Sochorraithe Kensington © Dearadh Sráide*

CROÍ-THIONSCADAL 9

## Feabhas ar na Bealaí Isteach




*Bealach Isteach chuig an Dul Chun Cinn: Íomhá dhearfach a chothú ionas go mbeidh an sráidbhaile faoi bhláth*

Maireann cuimhne an chéad amhairc a thugann daoine ar áit, agus mar sin tá sé ríthábhachtach díriú ar fheabhas a chur ar na príomhbhealaí isteach chuig an sráidbhaile. Trí infheistíocht a dhéanamh i bhfeabhas a chur ar chuma na háite agus ar a cuid feidhmeanna, tá sé i gceist againn aird daoine a mhúscailt ar theacht chuig an gCraoslach dóibh sa dóigh is go dtuigfidh siad meon an phobail. Níos mó ná maisiú atá i gceist: cuirfidh an obair sin le heispéireas iomlán an Chraoslaigh agus beidh bealach isteach mealltach ann do mhuintir na háite agus do chuairteoirí, a fhanfaidh ina gcuimhne, chuig baile ina bhfuil an saol cultúrtha, an dúlra agus meon an phobail faoi bhláth.



*An bealach isteach chuig an gCraoslach mar atá faoi láthair*




*Léaráid ealaíontóra – chun críocha léiriúcháin amháin ©Arup*

**Idirghabhálacha**

1. Ceapacha bláthanna a shuiteáil ina mbeidh plandaí dúchasacha, mar aon le comharthaí fáilte, chun beannú do gach duine a thagann isteach sa sráidbhaile.
2. Conair shiúlóide nó amharcphointe a dhéanamh in aice leis an mbealach isteach, chun scéalta béaloidis nó blúiríní de stair an cheantair a roinnt.
3. Comharthaí ar an tseanstíl a chur in airde agus comhartha ‘Tiomáin go Mall, Fáilte go dtí an Craoslach’ ag cora géara sa bhóthar, ag iarraidh ar thiománaithe a luas a laghdú.
4. Treochomharthaí a chur in airde a thaispeánfaidh an bealach chuig séadchomharthaí áitiúla, ionaid phobail, nó féilte a bheidh ar siúl sula fada.
5. Cur Chuige atá Báúil do Pháistí a ghlacadh trí pháistí scoile an cheantair a spreagadh le bheith páirteach i dtionscadail chun na bealaí isteach a fheabhsú, trí shaothair ealaíne a dhéanamh agus iad á spreagadh ag cultúr an cheantair. Is féidir na saothair sin a chur ar taispeáint ag an mbealach isteach chuig an sráidbhaile.
6. ‘Gairdíní oscailte’ a dhéanamh trí spásanna glasa don phobal in áiteanna cuí.
7. Léarscáil nó comhartha dea-dheartha a chur in aice leis an mbealach isteach, chun aird a dhíriú ar shiopaí agus tithe tábhairne inar féidir le cuairteoirí blaiseadh de bhéile traidisiúnta.
8. Leas a bhaint as soilse faoi chumhacht na gréine agus plandaí dúchasacha mar eiseamláir de chleachtais inbhuanaithe.
9. Mórshaothar ealaíne poiblí a chur ar taispeáint, ar ceann é a léiríonn an oidhreacht áitiúil, amhail le dealbh nó múrphictiúr atá bunaithe ar an mbéaloideas.
10. Laethanta oibre pobail a eagrú le haghaidh cúraimí ar nós crainn a chur nó binsí a shuiteáil, ionas gur obair phobail a bheidh i gceist le slacht a chur ar na bealaí isteach.
11. Láithreacha suí a bhfuil radhairc ar an tuath uathu, ionas go mbeidh áit shuaimhneach ag muintir an Chraoslaigh agus ag cuairteoirí araon.
12. Leas a bhaint as rampaí agus pábháil thadhlach atá deartha chun freastal ar gach duine, lena chinntiú go bhfuil an sráidbhaile inrochtana do dhaoine beag beann ar a gcumas.
13. Smaoineamh ar Áit Pháirceála Lasmuigh den Sráidbhaile i limistéir gar dó, ionas go mbeidh cuairteoirí in ann siúl isteach chuig an mbaile féin agus ionas nach mbeidh an oiread tráchta ar an bPríomhshráid.
14. Na tionscadail a chur i gcrích atá á ndéanamh faoi Scéim na Mionoibreacha a Bhaineann le Turasóireacht ag Séadchomhartha an Bhainteora Arbhair agus i gCúinne an Ghairdín.



CLACKMANNANSHIRE, ALBAIN

## Andy Scott Trail

Is conair shainiúil ealaíne poiblí agus dealbhóireachta é an Andy Scott Culture Trail a thugann muintir na háite agus cuairteoirí go Clackmannanshire ar thuras a cheanglaíonn Lár Baile Alloa leis na sráidbhailte áille thart timpeall air in Clackmannanshire, agus Tullibody, Clackmannan, Sauchie agus Alva ina measc.

Tá sé shaothar uathúla dar teideal The Journey’s End, I Can See for Miles, River Spirit, Air Spirit, Fox Boy, agus Lifeline ar an gconair, ag áiteanna suntasacha feadh na slí agus ag geataí i gceantar Loch Lamond, Trossachs, agus Forth Valley.

Príomhghné de na saothair ba ea an comhairliúchán fairsing a rinne an t-ealaíontóir, Andy Scott, le grúpaí pobail agus le príomhpháirtithe leasmhara eile, lena chinntiú go raibh a gcuid mothúchán, scéalta agus cuimhní cinn gafa sna saothair dhealbhóireachta, nó go raibh siad ina spreagadh ag na saothair sin ar a laghad.

*LIFELINE - Andy Scott Sculpture Trail © Iain Thompson*



SHEFFIELD, AN RÍOCHT AONTAITHE

## Grey to Green

Ní mór dath a chur lenár dtimpeallachtaí uirbeacha chun an bonn a leagan le haghaidh saol sláintiúil, inbhuanaithe. Is tionscadal eiseamláireach í an scéim Gray to Green a bhfuil a shampla á leanúint ag bailte agus sráidbhailte ar fud na Ríochta Aontaithe agus na hÉireann chun sráid-dreach níos cothroime a bhaint amach, a fheabhsaíonn eispéireas na n-úsáideoirí go léir, ach go háirithe a théann chun tairbhe na gcoisithe agus an fhiadhúlra.

Cuireadh tuilleadh crann agus plandaí faoi scéim, agus leagadh spás breise amach do limistéir fhairsinge gairdíní báistí agus bithchlaiseanna reatha. Rinneadh cosán níos leithne do na coisithe.

D'fhéadfaí tabhairt faoi thionscadal ilfheidhmeach ar scála a d'oirfeadh don Chraoslach, tionscadal a bheadh dírithe ar chur leis an mbithéagsúlacht, coisithe a chosaint agus sláinte agus folláine a chur chun cinn. Bhainfí leas as bonneagar glas agus gnéithe nádúrtha chun dul i bhfeidhm ar dhaoine agus fanacht ina gcuimhne.


*Grey to Green, Sheffield ©Richard Bloom*

### *Buntáistí Féideartha*

- Ach cuma fháilteach, mhealltach a bheith ar an mbealach isteach chuig an sráidbhaile, fanfaidh an Craoslach beo in aigne daoine. Is mó an seans ansin go n-aithneoidh cuairteoirí an Craoslach mar cheann scríbe ar féidir leo fanacht ann agus breathnú thart air, agus go mbeidh fonn orthu filleadh air.
- Cuireann timpeallacht thaitneamhach, shlachtmhar le folláine shíceolaíoch mhuintir na háite, agus cothaítear bród agus sonas i measc an phobail.
- Má bhíonn comharthaí bóthair soiléire le feiceáil agus tiománaithe ag teacht isteach sa sráidbhaile, go háirithe ar an gcor mór, is féidir an tráchta a mhoilliú go héifeachtach agus timpeallacht níos sábháilte a chinntiú do mhuintir na háite agus do chuairteoirí araon.
- Ach comharthaí agus treoracha atá éasca le leanúint a bheith sa sráidbhaile, bíonn turasóirí in ann a mbealach a dhéanamh thart gan stró agus is mó maitheasa a bhaineann siad as a gcuairt ar an sráidbhaile dá réir. Is féidir leas a bhaint as na comharthaí sin freisin chun imeachtaí agus áiteanna spéisiúla sa cheantar a chur chun cinn, rud a mheallfaidh tuilleadh daoine agus a chothóidh atmaisféar bríomhar beoga san áit.
- Dá mhéad cuairteoirí a spreagtar chun stopadh seal sa sráidbhaile, is ea is mó tacaíochta a bheidh ag gnólachtaí áitiúla ar nós siopaí agus caiféanna.
- Is féidir leis an mbealach isteach feidhmiú mar shamhail do chleachtais inbhuanaithe, amhail soilsiú faoi chumhacht na gréine a úsáid nó plandaí dúchasacha a chur chun an bhithéagsúlacht a fheabhsú.



Scamhóga Crann © Loop.ph




Caisleán Inis Ceithleann © FODC

# Bealach Isteach a *Mhairfidh sa Chuimhne*




Trá Bhaile Mhic Stoic © WAW Markers




Comharthaíocht Gheata Fáilte © Herald Fhear Manach



STRIDE - Andy Scott Conair Dealbhóireachta © Iain Thompson




Comharthaíocht Geata © Mol Sráidbhaile Oxborough



Páirc Líneach © Lucy Harrison agus Matter Architecture

TIONSCADAIL TACAÍOCHTA

# Oibreacha Turasóireachta

## *An Séipéal agus Lár an Bhaile*

Fuarthas maoiniú i gcomhair an tionscadail seo faoi Scéim Deontais Chomhairle Contae Dhún na nGall i leith Mionoibreacha a Bhaineann leis an Turasóireacht 2023. Tá an tionscadal dírithe ar uasghrádú a dhéanamh ar áis phoiblí atá suite ar thalamh de chuid FSS i gcroílár bhaile an Chraoslaigh, in aice leis an N56 agus in aice le hionaid éagsúla mar an séipéal, an scoil agus an t-ionad leighis. Is éard atá i gceist leis an uasghrádú ná athchóiriú a dhéanamh ar shuíocháin, seanbhallaí cloiche a atógáil, agus feabhas a chur ar an tírdhreach chun spás níos tarraingtí agus níos feidhmiúla a dhéanamh. Nuair a bheidh na ballaí cloiche atógtha beidh suíocháin bhreise ag gabháil leo, rud a dhéanfaidh mol sóisialta den limistéar ionas go mbaileoidh níos mó daoine ann agus go dtacófar le gnólachtaí áitiúla. Cuirfear plandaí nua ag fás agus tabharfar aire dóibh siúd atá ann cheana chun cur leis an mbithéagsúlacht agus ionas go mbeidh dathanna geala le feiceáil sa séasúr fáis. Beidh suíocháin bhreise agus binsí picnice ann freisin, chomh maith le cláir faisnéise faoi stair an tséipéil agus oidhreacht thionsclaíoch na Mucaise. Is é atá i gceist leis gur pointe lárnach a bheidh ann ina mbaileoidh daoine le chéile agus a chomhlánóidh tionscadail forbartha eile sa sráidbhaile.

## *Séadchomhartha an Bhainteora Arbhair*

Fuarthas maoiniú i gcomhair an tionscadail seo faoi Scéim Deontais Chomhairle Contae Dhún na nGall i leith Mionoibreacha a Bhaineann leis an Turasóireacht, 2023. Tá sé i gceist leis an tionscadal bailchríoch a chur ar Shéadchomhartha an Bhainteora Arbhair ar thalamh atá faoi úinéireacht na Comhairle ag Ardán na Mucaise, ag príomhbhealach isteach chuig an sráidbhaile ó Pháirc Foraoise Dhún Fionnachaidh/ na hArdadh. Beidh an séadchomhartha ina áit mharana le haghaidh scíthe, fóillíochta agus faisnéise Feabhsófar an rochtain ar an láthair trí dhromchla oiriúnach a leagan síos do choisithe, chomh maith le gnéithe sábháilteachta feabhsaithe ar nós colbhaí agus cóireáil teorann. Beidh suíocháin ann freisin san áit a mbeadh fonn ar dhaoine a scíth a ligean agus breathnú ar na radhairc, beidh binsí picnice sna limistéir ghlasa, agus cuirfear cláir léirmhínithe in airde. Beidh eolas ar na cláir sin faoi Percy French agus faoin stair na bainte arbhair sa Chraoslach, rud a chuirfidh le saibhreas an tsuímh mar cheann scríbe do mhuintir na háite, do chuairteoirí agus do thurasóirí.




*An Séipéal agus Lár an Bhaile*



*Séadchomhartha an Bhainteora Arbhair*



*Sampla d'áis phoiblí*




*Sampla de chomhartha ardchaighdeáin*

## *Tionscadal an Ghairdín*

Fuarthas maoiniú i gcomhair an tionscadail seo faoi Scéim Deontais Chomhairle Contae Dhún na nGall i leith Mionoibreacha a Bhaineann leis an Turasóireacht, 2023. 'An Gairdín' a thugann muintir na háite ar an suíomh agus bhíodh sé ina chuid de pháirc an mhargaidh agus de thalamh an Tiarna Liatroma. Is é atá i gceist leis an tionscadal uasghrádú a dhéanamh ar bhealach isteach ríthábhachtach go dtí an Chraoslach, agus go háirithe feabhas a chur ar áis phoiblí agus pointe faisnéise ag oirthear an bhaile. Gné mhór den obair is ea na céimeanna a dheisiú agus a fheabhsú idir limistéar poiblí ardleibhéil agus cuas bus ar leibhéal níos ísle ar Bhóthar an Stáisiúin, bealach tábhachtach chuig Coill Dhún Taithligh agus anaclann dúlra. Tá drochbhail ar na céimeanna agus níl aon ráillí cosanta ag gabháil leo. Faoin bPlean, déanfar ráillí cosanta a shuiteáil, cuirfear pábháil ardchaighdeáin in áit ciumhais féir, agus cuirfear cláir léirmhínithe in airde ar a mbeidh eolas cuimsitheach faoi nithe is díol spéise do thurasóirí sa bhaile féin agus sa réigiún, rud a rachaidh chun tairbhe mhuintir na háite, cuairteoirí agus turasóirí araon.

## *Ardán Féachana*

Bheadh an-amharc go deo ó ardán féachana san áit cheart, a bheadh comhtháite leis an athnuachan atá beartaithe ar an Lár Baile, thar Loch Mór agus Cuan na gCaorach. Mheallfadh sé cuairteoirí chuig an sráidbhaile agus chuirfeadh sé leis an eacnamaíocht áitiúil freisin, trí bheocht a chur sna siopaí, na bialanna agus na gnólachtaí eile. I gcás mhuintir na háite, ní áit féachana amháin a bheadh i gceist leis, ach spás pobail i gcomhair imeachtaí áitiúla, ócáidí speisialta, nó tréimhsí marana i gceantar álainn an Chraoslaigh. Chuirfí beocht sa cheantar máguaird, ar chúl an TubHub, le cosáin sa lár baile athnuaite atá beartaithe don Chraoslach agus thart air.



*An Gairdín*



*Ardán féachana Mhachaire na Croise*



*Suíocháin shamplacha*



*Ardán féachana Mhachaire na Croise*

TIONSCADAIL EILE

# Iompar

## *Seirbhísí agus áiseanna a fheabhsú*

D'fhéadfaí a áireamh leis na seirbhísí feabhsaithe iompair poiblí atá molta don Chraoslach seirbhís busanna níos minice agus níos iontaofa a nascfadh an sráidbhaile le bailte gar dó agus le príomhchinn scríbe. D'fhéadfaí busanna inrochtana a rith ar an tseirbhís sin, a mbeadh áiseanna ar nós rampaí acu, spásanna sainithe do dhaoine faoi mhíchumas, agus córais rianaithe fíor-ama. Ina theannta sin, d'fhéadfaí feabhas breise a chur ar an inrochtaineacht trí sheirbhísí tointeála a rith idir láithreacha turasóireachta, ionaid phobail agus scoileanna an cheantair. D'fhágfadh na feabhsuithe sin gur fearr a bheadh muintir na háite agus cuairteoirí in ann taisteal thart, nach mbeadh daoine ag brath chomh mór ar fheithiclí príobháideacha, gur fearr na naisc a bheadh ann le seirbhísí riachtanacha, agus go gcuideofaí le fostaíocht, le cur chun cinn na turasóireachta, agus leis an gcomhshaol trí phlódú tráchta agus astaíochtaí a laghdú.

## *Staidéar Páirceála*

Ach an bonneagar páirceála a phleanáil go cúramach, is féidir na baic atá ann cheana féin agus cinn a d'fhéadfadh a bheith ann a mhaolú, an brú tráchta a laghdú, agus sábháilteacht ar na bóithre a fheabhsú. Ba cheart staidéar críochnúil a dhéanamh chun féachaint cé na fadhbanna páirceála atá ann, riachtanais don todhchaí a thuar, agus úsáid éifeachtach spáis a mholadh, ar mhaithe le córas páirceála níos eagraithe agus níos so-úsáidte a bheith ann. D'fhéadfaí limistéir thearcúsáidte sa sráidbhaile agus timpeall air a aimsiú le haghaidh áit nua pháirceála, agus d'fhéadfaí limistéir phlódaithe atá ann cheana féin a chur in oiriúint do choisithe. Is féidir le páirceáil fheabhsaithe sa sráidbhaile cuidiú leis an ngeilleagar áitiúil trína chinntiú go mbeidh dóthain páirceála ag gnólachtaí do chustaiméirí, rud a chuirfidh lena líon. Tríd is tríd, chuirfeadh straitéis chuimsitheach pháirceála le timpeallacht níos eagraithe, níos inrochtana agus níos oiriúnaí do choisithe.



*Seirbhís mhaith busanna*



*Páirceáil sráide (Greener Grangetown, Caerdydd)*



*Áiseanna inrochtana*




*Comhartha páirceála leictreonach (Loch Garman, Éire)*

## Imeachtaí agus Beocht

### *Féilire éagsúil d'imeachtaí brandáilte*

Chun beocht úr a chur sa Chraoslach, moltar díriú ar Imeachtaí agus Beocht ar dhá bhealach. Leis an gcéad chur chuige, tá sé i gceist clár saibhir d'imeachtaí ilghnéitheacha a fhorbairt, amhail féilte séasúracha, aontaí ealaíon, agus caitheamh aimsire amuigh faoin spéir, chun muintir na háite agus turasóirí a mhealladh. Faoin dara chur chuige, díreofar ar bhrandáil a bhaineann go sonrach leis an gCraoslach, ina mbeidh téamaí comhsheasmhacha amhairc agus teachtaireachtaí a chuireann béim ar sheoda cultúrtha, stairiúla agus áineasa an tsráidbhaile. Tá sé i gceist leis an straitéis chuimsitheach sin níos mó cuairteoirí a mhealladh agus, anuas air sin, cur le haontacht agus mórtas an phobail, agus an Craoslach á chur i láthair mar cheann scríbe bríomhar a bhfuil sainghnéithe ann do mhuintir na háite agus do chuairteoirí araon.



*'Cóisir Ghairdín' (An Aill, Baile Átha Cliath)*




*Féile Snagcheoil (Cheltenham, An Ríocht Aontaithe)*

## Fuinneamh inbhuanaithe

### *Tionscadal Fuinnimh Inbhuanaithe a fhiosrú*

Tá sé ina aidhm leis an bPlean go mbeadh an Craoslach ina eiseamláir den inbhuanaitheacht trí Thionscadal Fuinnimh Inbhuanaithe a fhiosrú agus a chur i bhfeidhm. Dhéanfaí sin trí chur chuige ceannródaíoch, iomlánaíoch, pobal-lárnach a bheidh ina dhea-shampla den dóigh ar féidir saol inbhuanaithe a chaitheamh faoin tuath in Éirinn agus an stíl mhaireachtála sin a chur i bhfeidhm ar scála níos mó. Tá sé ina chuspóir ag an bPlean go ndéanfar iniúchadh, faoin tionscadal sin, ar dheiseanna gearrthréimhseacha chun grianphainéil a fheistiú ar gach teach agus gach foirgneamh tráchtála, agus ar na deiseanna meántréimhseacha a bhaineann le straitéis téimh ceantair a chur i bhfeidhm. I measc na dtairbhí a bhaineann le tacú le tionscadal fuinnimh inbhuanaithe tá siad seo a leanas: (i) bheadh soláthar slán fuinnimh ag muintir na háite agus bheadh foinse fuinnimh ghlan in-athnuaite acu; (ii) thiocfadh laghdú mór ar bhillí leictreachais agus chuirfí neamhspleáchas fuinnimh chun cinn; (iii) laghdófaí lorg carbóin phobal an tsráidbhaile agus (iv) bheadh deiseanna le tapú i dtaobh fostaíochta agus oideachais.



*Grianphainéil*



*Téamh Ceantair*

TIONSCADAIL EILE


# Foireann uirlisí dearaidh

## *Foireann Uirlisí i gcomhar Athrú*


D'fheidhmeodh Foireann Uirlisí Dearaidh an Chraoslaigh chun treoir a thabhairt maidir le bearta feabhsúcháin aeistéitiúil agus fheidhmiúil sa Chraoslach, lena ndíreofaí ar ghnéithe mar aghaidheanna siopaí agus comharthaí, ábhair, scéimeanna datha, sonraí dearaidh agus gnéithe den ríocht phoiblí. Dhéanfaí sainfhoireann uirlisí a fhorbairt don Chraoslach, agus é ina phríomhaidhm léi cloí le carachtar uathúil an bhaile, agus a oidhreacht shaibhir agus riachtanais ár linne araon sa mheá. Trí úsáid a bhaint as an bhfoireann uirlisí sin, beidh forbróirí poiblí agus príobháideacha in ann cinntí a dhéanamh a chloíonn leis an aeistéitic thraidisiúnta agus a bhaineann leas as cleachtais nua-aimseartha, inbhuanaithe. Chun foireann uirlisí éifeachtach a bheith againn, tá sé ríthábhachtach saineolaithe áitiúla, agus staraithe, ailtirí agus lucht pleanála ina measc, a bheith páirteach san obair. Ina theannta sin, ach aiseolas a bhailiú ó mhuintir an Chraoslaigh bheadh leasanna an phobail san áireamh sna prionsabail dearaidh. Bheadh gá le hathbhreithnithe agus nuashonruithe tréimhsiúla lena chinntiú go mbeidh an fhoireann uirlisí ábhartha, agus í á hathrú i gcomhréir le riachtanais agus roghanna.




*Ráiteas dearaidh sráidbhaile faoi stiúir an phobail – Cleachtadh físe ©Arup*




*Ráiteas dearaidh sráidbhaile faoi stiúir an phobail – Cleachtadh físe ©Arup*



# Bloic Thógála

*Cur chuige lena gcuimsítear an sráidbhaile ar fad*

| Grúpa | # | Tionscadal | Pobal | Aoisbhá | Scoileanna | Spóirt, Áineas agus Fóillíocht | Bunriachtanais Laethúla | Turasóireacht, Oidhreacht agus Cultúr | Inbhuanaitheacht agus Teacht Aniar | Rathúnas Eacnamaíoch |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| TIONSCADAIL ARDTOSAÍOCHTA | 01 | Lár an Bhaile a Neartú | ✓ | ✓ | | | ✓ | | | ✓ |
| | 02 | Athúsáid Oiriúnaitheach | ✓ | | | | ✓ | | ✓ | ✓ |
| | 03 | Caitheamh Aimsire Uisce | ✓ | | ✓ | ✓ | | ✓ | | |
| | 04 | Naisc Ghlasa | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | | | ✓ | |
| | 05 | Tionscadal Atógála Pobail | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | | ✓ | ✓ | ✓ |
| | 06 | Páirc an Chraoslaigh | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | | ✓ | ✓ | |
| | 07 | Gluaiseacht Shábháilte agus Inrochtaineacht | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | | | | |
| | 08 | Feabhsú an Chomhshaoil | | ✓ | | | | | ✓ | |
| | 09 | Bealaí Isteach | | | | | | ✓ | | |
| TIONSCADAIL BHREISE | 10 | An Séipéal agus Lár an Bhaile | | ✓ | | | | ✓ | | |
| | 11 | Séadchomhartha an Bhainteora Arbhair | | ✓ | | | | ✓ | | |
| | 12 | Tionscadal an Ghairdín | | ✓ | | | | ✓ | | |
| | 13 | Ardán Féachana | | | | | | ✓ | | |
| | 14 | Feabhas ar Chúrsaí Iompair | ✓ | ✓ | ✓ | | | | ✓ | |
| | 15 | Staidéar faoi Chúrsaí Páirceála | ✓ | ✓ | | | | | ✓ | |
| | 16 | Imeachtaí agus Beocht | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | | ✓ | | ✓ |
| | 17 | Iniúchadh a dhéanamh ar Thionscadal Fuinnimh Inbhuanaithe | ✓ | | | | | | ✓ | ✓ |
| | 18 | Foireann Uirlisí Dearaidh an Chraoslaigh | ✓ | ✓ | | | | ✓ | | |



*Anaclann Dúlra Choill Dhún Taithligh ©HannahSheridanPhotography*



# 06

CUR I BHFEIDHM

## Conas a chuirfear an tionscadal i bhfeidhm?

CUR I BHFEIDHM

# Conas a chuirfear an tionscadal i bhfeidhm?

*An Plean a Chur i bhFeidhm*

Agus athrú ó bhonn ar an gCraoslach á shamhlú sa Phlean seo, tá sé ríthábhachtach cur síos a dhéanamh ar conas a thabharfar faoin obair ina leith sin. Baineann tábhacht mhór leis na cuspóirí, na tionscadail agus na hidirghabhálacha molta atá leagtha amach sa doiciméad seo, ach beidh sásraí láidre ag teastáil chun iad a chur i bhfeidhm. Sa chuid seo, cuirtear i láthair an struchtúr rialachais atá riachtanach chun tionscadail an phlean a thabhairt chun críche. Ina theannta sin, cuirtear i láthair Plean Feidhmiúcháin beacht ina sonraítear na tionscadail, na gníomhartha, na páirtithe leasmhara agus na deiseanna maoinithe go léir atá beartaithe, agus ina ndéantar soiléiriú ar róil agus freagrachtaí. Ní díreach céim riaracháin amháin é a chinntiú go mbunófar na creataí cearta feidhmiúcháin, ach is é sin an bhunchloch a chaithfear a leagan síos ionas go n-éireoidh leis an bPlean, anois agus feasta.

## Struchtúr Rialachais do Phlean an Chraoslaigh

Tá sé ina aidhm leis an gcreat rialachais atá molta do Phlean an Chraoslaigh Meitheal Bhaile a bhunú chun an Plean a threorú i gcomhréir le beartas nua an rialtais do bhailte Éireannacha: – 'Lár Bailte ar dTús'. Leis an mbeartas sin, féachtar le pobail áitiúla agus gnólachtaí áitiúla a chur i gceartlár an phróisis chun a mbaile a shamhlú as an nua, agus a dtodhchaí féin a phleanáil, trí Mheitheal Bhaile. Meastar gurb é sin an creat beartais treorach cuí le haghaidh rialachas éifeachtach ar dhéanamh ar an bPlean.

Cuirfear tús leis an bpróiseas chun Meitheal Bhaile a bhunú in 2024 agus beidh sé faoi stiúir Oifigeach Athnuachana Bailte Chomhairle Contae Dhún na nGall, le tacaíocht ó fhoirne ildisciplíneacha na Comhairle. Tá sé beartaithe gur samhail chomhoibríoch, a mbeidh páirtithe leasmhara éagsúla páirteach inti, a bheidh i gceist le Meitheal an Chraoslaigh, samhail a bheidh dírithe ar fheidhmiú éifeachtach tionscadal, rannpháirtíocht na bpáirtithe leasmhara agus ailíniú le cuspóirí beartais níos leithne. Tiocfaidh muintir na háite, lucht gnó, ionadaithe pobail agus príomhpháirtithe leasmhara eile le chéile chun treoir a thabhairt maidir le tionscadail a fhorbairt ar cinn iad a rachaidh chun tairbhe an tsráidbhaile.

Cé gurb é an Plean seo an treoirphlean chun sraith tionscadal athnuachana a chur i bhfeidhm, tá sé beartaithe go mbeidh Meitheal an Bhaile freagrach as maoirseacht a dhéanamh ar a fheidhmiú, go mbeidh siad i dteagmháil le páirtithe leasmhara agus go ndéanfaidh siad athbhreithniú ar an bPlean le himeacht ama ionas go mbeidh úinéireacht acu ar an bpróiseas thar ceann an phobail.

Nuair a bheidh ról an Oifigigh Athnuachana bunaithe is fearr a bheidh baill Mheitheal an Bhaile in ann feidhmiú ós rud é go mbeidh fáil acu ar oiliúint chuí, forbairt scileanna agus oideachas de réir mar is gá.

Feidhmíonn an struchtúr rialachais seo atá beartaithe, trí Mheitheal an Bhaile, chun freagrachtaí a leagan amach, trédhearcacht a chinntiú, agus sásra a sholáthar le haghaidh maoirseacht agus oiriúnú a dhéanamh ar Phlean an Chraoslaigh feasta.

## Príomhpháirtithe Leasmhara agus Príomhróil

Is í Meitheal an Bhaile a dhéanfaidh maoirseacht ar Phlean an Chraoslaigh, agus is í a bheidh freagrach as a fheidhmiú, an faireachán air agus é a oiriúnú. I measc na bpáirtithe leasmhara atá le breithniú sa phróiseas chun Meitheal an Bhaile a bhunú tá:

### Comhairle Contae Dhún na nGall/An tOifigeach Athnuachana Bailte

*Beidh an tOifigeach Athnuachana Bailte, le tacaíocht ó fhoirne ildisciplíneacha Chomhairle Contae Dhún na nGall, i gceannas ar an bpróiseas chun Meitheal an Bhaile a bhunú agus ansin cabhróidh an té sin le cur le hacmhainneacht bhaill na Meithle sin i dtaobh feidhmiú go héifeachtach mar aonad agus torthaí dearfacha a bhaint amach don sráidbhaile. Beidh Comhairle Contae Dhún na nGall ag comhoibriú leis an Oifigeach sin maidir le feidhmiú an Phlean agus maidir le feidhmiú tionscadal de réir mar is gá mar aon lena chinntiú go ndéanfar ailíniú straitéiseach idir é agus na cuspóirí beartais ar leibhéal an chontae.*

### Ceantar Bardasach na nGleanntach

*Beidh an deis ann roinnt de Chomhaltaí Tofa Cheantar Bardasach na nGleanntach (de chuid Chomhairle Contae Dhún na nGall) a bheith ar Mheitheal an Bhaile chun ionadaíocht dhaonlathach a chinntiú agus chun féachaint chuige go mbeidh cumarsáid éifeachtach idir struchtúir éagsúla na bpróiseas cinnteoireachta áitiúla.*

### Cumann Pobail an Chraoslaigh

*Déanann an Cumann Pobail ionadaíocht don phobal agus stiúrann sé tionscnaimh phobail atá ag teacht le haidhmeanna agus cuspóirí Phlean an Chraoslaigh. Trí ionadaíocht a dhéanamh do Mheitheal an Bhaile, d'fhéadfadh an Cumann Pobail a chinntiú go gcuirfear san áireamh riachtanais agus roghanna mhuintir na háite.*

### Bainisteoir um Naisc leis an bPobal

*Tá Bainisteoir um Naisc leis an bPobal ceaptha do cheantar an Chraoslaigh, agus beidh an té sin ag obair le Cumann Pobail an Chraoslaigh. Meastar go n-íocfaidh Rialtas na hÉireann as an ról ar feadh téarma 3 bliana. Is é cuspóir an róil tionscadail athnuachana pobail a bhainistiú, a phleanáil, a dhearadh agus a chur i bhfeidhm i gcomhar le páirtithe leasmhara éagsúla.*

*Tá cur síos sa Phlean seo ar théamaí agus ar na tionscadail a thagann fúthu, agus tugtar treochlár maidir le foinsí maoinithe agus páirtithe leasmhara na dtionscadal. Meastar gur acmhainn luachmhar don phobal a bheidh sa Bhainisteoir um Naisc leis an bPobal – d'fhéadfadh an té sin a bheith i bhfeighil bhainistíocht agus feidhmiú an tionscadail sa tréimhse 3 bliana atá romhainn, ag obair mar chuid de Mheitheal an Bhaile, in éineacht leis na páirtithe leasmhara agus an lucht maoinithe cuí. D'fhéadfadh an Bainisteoir sin cúraimí sonracha maoirseachta a ghlacadh faoi threoir Mheitheal an Bhaile, amhail comhordú, tuairisciú agus cumarsáid.*

### Gnólachtaí Áitiúla agus Eagraíochtaí Neamhrialtasacha

*Rannchuidiú le Meitheal an Bhaile trí acmhainní agus saineolas breise a chur ar fáil di, go háirithe i gcás tionscadail a théann i bhfeidhm orthu.*

### Muintir an Chraoslaigh

*I gcás daoine de mhuintir na háite a bhfuil fonn orthu obair dheonach a dhéanamh agus a bhfuil saineolas ar earnáil ar leith acu nó leas in earnáil ar leith, beidh an deis acu a n-ainm a chur ar aghaidh chun bheith páirteach sa phróiseas chun Meitheal an Bhaile a bhunú. Fáilteofar freisin roimh ionadaíocht ó Chumainn/Grúpaí Cónaitheoirí lena mbreithniú. Beidh gá le comhairliúchán rialta leis an bpobal freisin ionas go gcuirfidh siad leis na próisis chinnteoireachta, go mbeidh siad páirteach iontu agus go bhformhuineoidh siad iad.*

### Príomhpháirtithe Leasmhara Féideartha Eile

*Forbróirí, tiarnaí talún, grúpaí turasóireachta, an Garda Síochána, FSS, carthanachtaí, fiontair shóisialta, eagraíochtaí spóirt, grúpaí cultúrtha, grúpaí deonacha agus ionaid oideachais.*

## Próiseas Rialachais

Sa phróiseas chun Meitheal an Bhaile a bhunú, déanfar próisis rialachais chuí, i measc eile, a mheas freisin. Moltar an méid seo a leanas a mheas ina leith sin:

### Ailíniú Straitéiseach

*Scrúdóidh Comhairle Contae Dhún na nGall an gá atá le príomhchuspóirí atá le Plean an Chraoslaigh a chomhtháthú sa Dréachtphlean Forbartha Contae, lena chinntiú go mbeidh na beartais ag teacht le chéile.*

### Cruinnithe Ráithiúla Athbhreithnithe

*Faoi stiúir Mheitheal an Bhaile, bainfear leas as na cruinnithe seo chun stádas na dtionscadal a mheas, oiriúnú a dhéanamh ar phleananna, deiseanna maoinithe a scrúdú agus tuairisc a thabhairt ar an dul chun cinn atá á dhéanamh le gach páirtí leasmhar, chun léargas a thabhairt ar gach tionscadal agus ar an dul chun cinn atá á dhéanamh ina leith. Beidh Cathaoirleach ina bhfeighil.*

### Bealaí Cumarsáide

*Ullmhóidh Meitheal an Bhaile straitéis chumarsáide thrédhearcach lena gcoinneofar na páirtithe leasmhara agus an pobal ar an eolas, agus coinneoidh sí cothrom le dáta é.*

### Maoirseacht Buiséid

*Beidh ról gníomhach ag Meitheal an Bhaile maidir le pleanáil agus maoirsiú a dhéanamh ar a buiséad féin agus ní mór Cathaoirleach, rúnaí agus cisteoir a ainmniú ina leith. Cabhróidh an tOifigeach Athnuachana Bailte agus Comhairle Contae Dhún na nGall leis sin de réir mar is gá. Cuirfear i bhfeidhm socruithe sonracha maoirseachta buiséid ar bhonn cás ar chás.*

### Réiteach Díospóidí

*Beidh sásra réamhshainithe ag Meitheal an Bhaile chun díospóidí i measc páirtithe leasmhara a réiteach, agus í ag féachaint chuige go gcuirfear Plean an Chraoslaigh i bhfeidhm ar bhealach a oireann do chách.*

### Oiriúnú agus Aiseolas

*Baileoidh Meitheal an Bhaile aiseolas, déanfaidh sí measúnú ar chúinsí a bhíonn ag athrú, agus déanfaidh sí na hathruithe is gá ar an bPlean, agus athruithe beartais nó athrú straitéise á moladh don Chomhairle Contae aici de réir mar is gá.*

## Ról na Comhairle Contae

Mar aitheantas ar a ról lárnach i bhforbairt pobail, athnuachan na tuaithe agus rialachas, tá sé de chúram ar Chomhairle Contae Dhún na nGall an creat rialachais seo a chur chun cinn. Beidh sé de dhualgas ar an gComhairle Contae an Mheitheal Bhaile atá beartaithe a bhunú agus bailchríoch a chur ar na Téarmaí Tagartha, ionas go mbeifear in ann Plean an Chraoslaigh a chur i bhfeidhm ar bhealach éifeachtach. Leis an obair sin, treiseofar dúthracht na Comhairle i ndáil le hathnuachan agus forbairt na tuaithe, bheith ag obair lenár bpobail agus á gcumasú, geilleagar Dhún na nGall a spreagadh agus an bealach a réiteach do thionscnamh comhtháite a bhfuil tacaíocht an phobail aige. Is ar bhonn an tsainordaithe sin a spreagfaidh Comhairle Contae Dhún na nGall na gníomhartha is gá chun an Plean seo a chur i bhfeidhm.



*An Mhucais ©HannahSheridanPhotography*

CUR I BHFEIDHM

# Treochlár maidir le Cur i bhFeidhm

*Na Chéad Chéimeanna Eile*

## Croíthionscadail

### *Tionscadal 1: Lár an Bhaile a Neartú*

| CUR SÍOS | IDIRGHABHÁLACHA ATÁ BEARTAITHE | GNÍOMHARTHA ATÁ BEARTAITHE |
|---|---|---|
| *Ach neartú a dhéanamh ar Lár an Bhaile, spreagfar athnuachan an Chraoslaigh. Agus an deis ann an pobal a thabhairt le chéile agus cuairteoirí a mhealladh chuig an sráidbhaile, tá an gealladh faoin tionscadal seo go mbeidh áit bheoga againn ina mbaileoidh daoine le chéile chun sult a bhaint as an bhfáilte fhial a chuirtear rompu ar an gCraoslach. Bheadh duine ar bith in ann taitneamh a bhaint as cuairt ar lár an bhaile, sult a bhaint as áiseanna an cheantair agus casadh le cairde ann.* | **Sa Ghearrthéarma (0-5 bliana)**<br>• Úsáid úr a bhaint as foirgneamh TubHub<br>• Clós Cope a chaomhnú agus a athrú<br>• Bláthanna agus crainn dhúchasacha a chur<br>• Breathnú ar dheis ó thaobh 'uirbeachas beartach' de<br>• Comharthaí soiléire tarraingteacha<br>• Féachaint ar an acmhainneacht i dtaobh meithle<br>• Bearta moillithe tráchta a thabhairt isteach<br><br>**San fhadtréimhse (5+ bliana)**<br>• Foirgneamh TubHub a athfhorbairt ionas gur saoráid ghnó agus mhiondíola nua-aimseartha don phobal a bheidh ann<br>• Cearnóg phoiblí faoin spéir a bhunú gar dó<br>• Forbraíocht nua a thógáil ar chúl an TubHub<br>• Clós Cope a athrú ina Chlós Ceardaíochta agus Dearaidh<br>• Limistéar do choisithe a dhéanamh d'áiteanna os comhair Chlós Cope agus na Príomhshráide. | **Pleanáil Ghinearálta agus Pleanáil Féidearthachta:**<br>• Príomhpháirtithe leasmhara a aithint: an chomhairle, gnólachtaí agus muintir na háite.<br>• Meithleacha a bhunú a bheidh ag plé le sainréimsí oibre.<br>• Measúnú féidearthachta a dhéanamh ar ghnéithe aonair de na tionscadail.<br>• Formheas rialála a leagan síos.<br>• Straitéis rannpháirtíochta poiblí a fhorbairt.<br>• Bealaí maoinithe oiriúnacha a phleanáil/a fhorbairt.<br><br>**Idirghabhálacha gearrthréimhseacha:**<br>• Forbairt a dhéanamh i gcomhréir le Tionscadal 2 agus Tionscadal 8 chun toradh a bhaint amach go luath.<br>• Spreagadh a thabhairt d'úinéirí talún nó réadmhaoine tabhairt faoi idirghabhálacha beartacha ar an leibhéal áitiúil ar nós bláthanna a chur, foirgnimh a phéinteáil, slacht a chur ar aghaidh siopaí i lár an bhaile.<br>• Deiseanna ceada sealadacha a thapú chun idirghabhálacha gearrthréimhseacha/sealadacha a thriail, ar nós potaí plandaí, suíochán, limistéir do choisithe.<br>• Imeachtaí seolta a óstáil le haghaidh TubHub nó lá an mhargaidh.<br><br>**Idirghabhálacha fadtréimhseacha:**<br>• Measúnú Tionscnaimh Tionscadail<br>• Dul i dteagmháil le húinéirí talún maidir leis an deis athfhorbairt a dhéanamh amach anseo<br>• Forbairt beartais a bhaineann le Plean an Chraoslaigh a spreagadh sa Phlean Forbartha Áitiúil a dhéanfar amach anseo.<br>• Roghanna maidir le tograí agus costais i ndáil le dearaidh scéime.<br>• Rannpháirtíocht agus comhairliúchán le príomhpháirtithe leasmhara.<br>• Dearadh teicniúil a fhorbairt; conraitheoir a aimsiú agus a cheapadh. |

### *Tionscadal 2: Athúsáid oiriúnaitheach a bhaint as áitribh thréigthe nó cinn nach bhfuil in úsáid*

| CUR SÍOS | IDIRGHABHÁLACHA ATÁ BEARTAITHE | GNÍOMHARTHA ATÁ BEARTAITHE |
|---|---|---|
| *ILe blianta beaga anuas, tá fadhb i lár an Chraoslaigh ó thaobh foirgnimh thréigthe agus cinn nach mbaintear úsáid astu, agus mothaítear anois nár tapaíodh an deis ina leith. É sin ráite, tá an-acmhainneacht athbheochana agus athraithe i gceist leis an dúshlán sin. Beimid in ann beocht nua a chur sa sráidbhaile trí leas a bhaint as na foirgnimh sin arís, rud a bhfuil géarghá leis. Leis sin, cothófar timpeallacht mhealltach bhríomhar agus spreagfar fás eacnamaíoch. Rinneadh babhtaí athchóirithe roimhe seo, ach bainfear an toradh is fearr amach má dhéantar athnuachan ar na foirgnimh atá fós tréigthe. Rachaidh sé sin i bhfeidhm ar an sráid-dreach agus cothófar spás mealltach a oireann do chuile dhuine, agus do choisithe go háirithe. Bheadh spás ann ansin d'ionaid tráchtála nua ar urlár na talún agus áiteanna cónaithe os a gcionn.* | • Gorlann ghnó nó mol comhoibrithe<br>• Foirgnimh fholmha a úsáid mar acmhainn shealadach<br>• Foirgnimh fholmha a oiriúnú chun cónaí i lár an tsráidbhaile a spreagadh<br>• Cur le raon agus cineál na hionaid cóiríochta gearrthéarmaí<br>• Ceardlanna dearaidh a eagrú don phobal<br>• Spásanna do chruinnithe poiblí a dhearadh<br>• Treoirlínte a bhunú maidir le dearadh atá bunaithe ar athúsáid oiriúnaitheach<br>• Suiteálacha ealaíne poiblí a choimisiúnú | • Clár a chur le chéile de na háitribh atá fágtha folamh i lár an bhaile.<br>• Tús a chur le hidirphlé le húinéirí áitreabh folamh/tréigthe chun roghanna pleanála a phlé le haghaidh athrú úsáide/forbairt nach dteastaíonn cead pleanála ina leith, chun líon na n-áitreabh folamh a laghdú.<br>• Féachaint an bhféadfaí 'sásra ráthóra' a chur i bhfeidhm mar idirghabhálaí foirmiúil idir úinéirí talún agus tionóntaí ionchasacha, i.e. Cumann Pobail an Chraoslaigh?<br>• Deiseanna a fhiosrú ó thaobh iasachtaí saor ó ús d'áititheoirí ionchasacha chun tacú le gnólachtaí nuathionscanta agus togra trialach d'fhiontraithe.<br>• Féachaint ar scéimeanna i dtaobh laghdú rátaí agus dreasachtaí cánach le haghaidh athchóiriú agus áitiú.<br>• Tacaíocht theicniúil ar lascaine/saor in aisce a thairiscint maidir le hailtireacht, maoiniú, oidhreacht, éifeachtúlacht fuinnimh. |

SCÁLA AMA

- G — sa Ghearrthréimhse
- G/M — sa Ghearrthréimhse/sa Mheántréimhse
- M — sa Mheántréimhse
- M/F — sa Mheántréimhse/Fadtréimhse
- F — san Fhadtréimhse

| SCÁLA AMA | FOINSÍ MAOINITHE FÉIDEARTHA | PRÍOMHPHÁIRTÍ | PRÍOMHPHÁIRTITHE LEASMHARA |
|---|---|---|---|
| **Idirghabhálacha Gearrthréimhseacha**<br><br>G/M | **Foinsí Maoinithe Gearrthréimhseacha/ Fadtréimhseacha**<br><br>• An Scéim Athnuachana Bailte agus Sráidbhailte<br>• An Ciste um Athbheochan agus Forbairt na Tuaithe<br>• An Ciste 'Croí Cónaithe' (Bailte)<br>• Clár LEADER<br>• Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa (CFRE)<br>• Cur Chuige LEADER Pobalbhunaithe<br>• Clár Forbartha faoi Threoir an Phobail<br>• Fáilte Éireann<br>• Tiomsú airgid a dhéanfadh muintir na háite<br>• Comhpháirtíochtaí poiblí-príobháideacha<br>• Urraíochtaí corparáideacha | **Príomhpháirtí don Ghearrthréimhse/ Fadtréimhse**<br><br>Bainisteoir um Naisc leis an bPobal/ Meitheal an Bhaile | **Príomhpháirtí don Ghearrthréimhse/ Fadtréimhse**<br><br>• Úinéirí talún,<br>• Rannóga de chuid na Comhairle Contae (Pleanáil agus Forbairt, Pobal agus Cultúr, Forbairt Eacnamaíoch srl.).<br>• Lucht gnó an cheantair.<br>• An Oifig Fiontair Áitiúil/Fiontraíocht Éireann |

| SCÁLA AMA | FOINSÍ MAOINITHE FÉIDEARTHA | PRÍOMHPHÁIRTÍ | PRÍOMHPHÁIRTITHE LEASMHARA |
|---|---|---|---|
| G/M | • An Scéim Deisiúcháin agus Léasa<br>• An Scéim Athnuachana Bailte agus Sráidbhailte<br>• An Ciste um Athbheochan agus Forbairt na Tuaithe<br>• An Ciste 'Croí Cónaithe' (Bailte)<br>• Údarás Fuinnimh Inbhuanaithe na hÉireann (SEAI)<br>• Clár LEADER<br>• Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa (CFRE)<br>• Cur Chuige LEADER Pobalbhunaithe<br>• Clár Forbartha faoi Threoir an Phobail<br>• Tiomsú airgid a dhéanfadh muintir na háite<br>• Comhpháirtíochtaí poiblí-príobháideacha<br>• Urraíochtaí corparáideacha | Bainisteoir um Naisc leis an bPobal/ Meitheal an Bhaile | • Tiarnaí talún,<br>• An Chomhairle Contae, Rannóga Ábhartha (Tithíocht, Forbairt Eacnamaíoch, Pleanáil).<br>• Lucht gnó an cheantair.<br>• An Oifig Fiontair Áitiúil/Fiontraíocht Éireann |

### *Tionscadal 3: Caitheamh Aimsire Uisce*

| CUR SÍOS | IDIRGHABHÁLACHA ATÁ BEARTAITHE | GNÍOMHARTHA ATÁ BEARTAITHE |
|---|---|---|
| *Ní mór an leas a bhaintear as lochanna an Chraoslaigh cé gur acmhainn iad a bhfuil an-ghealladh fúithi. Áis ardchaighdeáin atá i gceist leis an tionscadal agus beidh ceangal aici leis an Tionscadal Atógála Pobail. Áit nua-aimseartha atá beartaithe, a mheallfaidh a lán turasóirí, agus a fhágfaidh go mbeidh fáil níos fearr ag an bpobal ar an uisce. D'fhéadfaí áit tharraingteach a dhéanamh ar an gCraoslach faoin tionscadal seo, agus daoine a mhealladh chuig lár an tsráidbhaile ag an am céanna. D'fhéadfadh caitheamh aimsire uisce borradh mór a chur faoin turasóireacht.* | • Áis don Chaitheamh Aimsire Uisce<br>• Cúrsaí oideachais agus oiliúna<br>• Áit ar féidir trealamh a stóráil<br>• Cithfholcadáin, seomraí feistis agus leithris<br>• Comharthaí agus cláir faisnéise<br>• Naisc le daoine agus leis an dúlra | • Measúnú Tionscnaimh Tionscadail<br>• Fiosrú féachaint cé leo an talamh<br>• Dul i gcomhairle le húinéirí talún maidir leis an deis athfhorbairt a dhéanamh amach anseo<br>• Measúnú Scóip agus Féidearthachta (sábháilteacht, srianta srl.)<br>• Suímh/comhpháirtithe/oibreoirí féideartha a aithint<br>• Rannpháirtíocht agus comhairliúchán le príomhpháirtithe leasmhara<br>• Bonneagar nua a bhaineann le huisce a dhearadh agus a chostas a ríomh<br>• Deiseanna maoinithe a aimsiú chun tograí a chur i bhfeidhm.<br>• Iarratas Pleanála<br>• Faoi réir acmhainní forbartha agus feidhmiúcháin a bheith ar fáil |

### *Tionscadal 4: Naisc Ghlasa*

| CUR SÍOS | IDIRGHABHÁLACHA ATÁ BEARTAITHE | GNÍOMHARTHA ATÁ BEARTAITHE |
|---|---|---|
| *Féachtar leis an tionscadal seo le líonraí siúlbhealaí agus conairí atá bríomhar, tarraingteach, sábháilte agus inrochtana a bhunú, lena nasctar an Mol Atógála Pobail atá beartaithe le lár an bhaile, agus naisc a bhunú le Caisleán na dTuath, Coill Dhún Taithligh, Tarbhealach Abhainn Choradh, Páirc Foraoise na hArdadh, agus níos faide anonn go dtí glasbhealaí réigiúnacha. Bhí sé ina thosaíocht ag go leor de na daoine a ghlac páirt sa chomhairliúchán don Phlean líonra gluaiseachta tánaisteach timpeall an tsráidbhaile a bhunú. Chuirfeadh na Naisc Ghlasa leis an nascacht idir lár an tsráidbhaile, ceantair chónaithe, oideachas agus limistéar níos leithne áineasa, agus bheadh an-tóir orthu mar áiseanna aclaíochta, comaitéireachta, turasóireachta agus gluaiseachta laethúla.* | • Cosán Charn Beitheach a chur ar bhonn foirmiúil agus leathnú a dhéanamh air<br>• Glasbhealach Stairiúil<br>• Aimsiú Bealaí agus Bonneagar Soghluaisteachta Ionchuimsitheach<br>• Láithreacha túis siúlóide agus bealaí isteach<br>• Áiseanna áineasa<br>• Spásanna poiblí<br>• Bealaí sábháilte chun na scoile<br>• Naisc níos fairsinge | • Measúnú Tionscnaimh Tionscadail<br>• Fiosrú féachaint cé leo an talamh<br>• Dul i gcomhairle le húinéirí faoi thalamh a cheannach/ceart slí poiblí.<br>• Cuspóirí agus spriocanna a shainaithint – cad a bhainfear amach leis an bhforbairt? An ar mhaithe le caitheamh aimsire, nasc pobail, nó an dá rud atá sí?<br>• Indéantacht, a mhéid atá sé indéanta an fhorbairt a dhéanamh, srianta ó thaobh an chomhshaoil de.<br>• Dul i gcomhairle le páirtithe leasmhara agus leis an bpobal – dul chuig an bpobal le smaointe/láithreacha ar leith. Dul i gcomhairle le húinéirí talún, daoine a bhíonn ag gabháil do chaitheamh aimsire amuigh faoi spéir, srl.<br>• Tuilleadh tionscnamh chun conairí pobail a thógáil amach anseo agus iad a chothabháil – úinéireacht phobail<br>• Dul i gcomhairle leis an Údarás Náisiúnta Iompair agus leis an Údarás Áitiúil chun comhéadain shábháilte a chruthú idir an líonra glas agus an gréasán bóithre<br>• Tograí dearaidh agus costas a fhorbairt i leith cosán<br>• Dearadh mionsonraithe agus soláthar. |

### *Tionscadal 5: Tionscadal Atógála Pobail (TAP Céim 1)*

| CUR SÍOS | IDIRGHABHÁLACHA ATÁ BEARTAITHE | GNÍOMHARTHA ATÁ BEARTAITHE |
|---|---|---|
| *Trí úsáid a bhaint as príomhshócmhainn atá ar an gCraoslach cheana féin, is deis mhór í Céim 1 de Thionscadal Atógála Pobail an Chraoslaigh chun Mol Pobail a bhfuil géarghá leis a thógáil ar thalamh ar beag úsáide a bhaintear aisti faoi láthair, agus chun a spreagadh go ndéanfar athnuachan ar thalamh gar dó trí spásanna poiblí agus cosáin idirnasctha a dhéanamh. Leis an bhforbraíocht sin, agus ar bhonn comhairliúchán leis an bpobal agus riachtanais an phobail, cuirfear bonneagar agus áiseanna ríthábhachtacha pobail ar fáil. Mol lárnach nua a bheidh ann do shaol an phobail, rud a thacóidh leis an gCraoslach ar aistear i dtreo pobal bríomhar, sláintiúil, a bheidh cuimsitheach ó thaobh na gné sóisialta de, a bheidh inbhuanaithe agus a mbeidh seirbhísí maithe ag freastal air.* | • Foirgneamh an Mhoil Pobail<br>• Páirc agus Rian Ilchuspóireach<br>• Gairdín Pobail<br>• Páirc Spraoi<br>• Siúlbhealaí Tírdhreachaithe | • Cead Pleanála Reachtúil – Faighte<br>• Pleanáil Gnó agus Plean Costais Mionsonraithe – Ar siúl<br>• Iarratas ar Mhaoiniú Caipitil (R4 2023 – R1 2024)<br>• Próiseas Tairisceana agus Dearadh Mionsonraithe<br>• Próiseas Tairisceana agus Tógáil<br>• Tabhairt ar Lámh agus Rialachas. |

SCÁLA AMA

- G – sa Ghearrthréimhse
- G/M – sa Ghearrthréimhse/sa Mheántréimhse
- M – sa Mheántréimhse
- M/F – sa Mheántréimhse/Fadtréimhse
- F – san Fhadtréimhse

| SCÁLA AMA | FOINSÍ MAOINITHE FÉIDEARTHA | PRÍOMHPHÁIRTÍ | PRÍOMHPHÁIRTITHE LEASMHARA |
|---|---|---|---|
| M/F | • Scéim Bonneagair Áineasa Allamuigh<br>• Clár Caipitil Spóirt<br>• Fáilte Éireann<br>• An Ciste um Athbheochan agus Forbairt na Tuaithe<br>• Clár LEADER<br>• Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa (CFRE)<br>• Cur Chuige LEADER Pobalbhunaithe<br>• Tiomsú airgid a dhéanfadh muintir na háite<br>• Comhpháirtíochtaí poiblí-príobháideacha<br>• Urraíochtaí corparáideacha | Bainisteoir um Naisc leis an bPobal/ Meitheal an Bhaile | • Úinéirí Talún, Bord Turasóireachta Dhún na nGall, Rannóg Uisce agus Comhshaoil Chomhairle Contae Dhún na nGall, Iascach Intíre Éireann, Sábháilteacht Uisce na hÉireann – Dún na nGall, Comhpháirtithe/oibreoirí féideartha |

| SCÁLA AMA | FOINSÍ MAOINITHE FÉIDEARTHA | PRÍOMHPHÁIRTÍ | PRÍOMHPHÁIRTITHE LEASMHARA |
|---|---|---|---|
| M/F | • Clár Caipitil Spóirt<br>• An Ciste um Fheabhsú an Bhonneagair Iompair<br>• Údarás Fuinnimh Inbhuanaithe na hÉireann (SEAI)<br>• Fáilte Éireann<br>• An Scéim Athnuachana Bailte agus Sráidbhailte<br>• An Ciste um Athbheochan agus Forbairt na Tuaithe<br>• Clár LEADER<br>• Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa (CFRE)<br>• Cur Chuige LEADER Pobalbhunaithe<br>• Clár Forbartha faoi Threoir an Phobail<br>• An Ciste 'Croí Cónaithe' (Bailte)<br>• Tiomsú airgid a dhéanfadh muintir na háite<br>• Comhpháirtíochtaí poiblí-príobháideacha<br>• Urraíochtaí corparáideacha | Bainisteoir um Naisc leis an bPobal/ Meitheal an Bhaile | • Úinéirí Talún, an Roinn Iompair, An tÚdarás Náisiúnta Iompair, Rannóg Pleanála agus Forbartha na Comhairle Contae, Rannóg Bóithre agus Iompair na Comhairle Contae, An tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra. |

| SCÁLA AMA | FOINSÍ MAOINITHE FÉIDEARTHA | PRÍOMHPHÁIRTÍ | PRÍOMHPHÁIRTITHE LEASMHARA |
|---|---|---|---|
| G | • An Ciste um Athbheochan agus Forbairt na Tuaithe<br>• Ciste an Oileáin Chomhroinnte<br>• Foinse eile airgid ón Státchiste | Comhairle Contae Dhún na nGall agus Cumann Pobail an Chraoslaigh | • Iontaobhaithe Talún, Meitheal de chuid Chomhairle Chontae Dhún na nGall, An Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail, Cumann Pobail an Chraoslaigh, Scoileanna Áitiúla, Seanóirí, Gnólachtaí Áitiúla, an Pobal. |

| *Tionscadal 6: Páirc an Chraoslaigh (TAP Céim 2)* | | |
|---|---|---|
| CUR SÍOS | IDIRGHABHÁLACHA ATÁ BEARTAITHE | GNÍOMHARTHA ATÁ BEARTAITHE |
| *In ainneoin a chóngaraí atá sí do thaobh tíre álainn, mhothófá go bhfuil príomhshráid ghnóthach an Chraoslaigh (bealach an N56) scoite ón gceantar máguaird, agus is beag deis a bhíonn ann a bheith sáite sa dúlra nuair a bhíonn daoine i mbun caitheamh aimsire nó ag ligean a scíthe. Faoi Chéim 1 den Tionscadal Atógála Pobail (féach Tionscadal Tosaíochta 5), tá deis bhreise le tapú chun leathnú a dhéanamh ar limistéar an láir trí thailte gar don sráidbhaile a athrú ina spásanna poiblí glasa a mbeidh cosáin eatarthu.* | • Páirc Líneach<br>• Roinnt páirceanna spraoi nádúrtha<br>• Cosáin ar an gcoillearnach agus ar an mbogach<br>• Réitigh atá bunaithe ar an dúlra agus dearadh inbhuanaithe<br>• Gairdíní céadfacha agus pointí oideachais/ gníomhaíochtaí scoile amuigh faoi spéir | • Measúnú Tionscnaimh Tionscadail<br>• Athbhreithniú ar theideal tailte<br>• Dul i dteagmháil le húinéirí talún maidir le talamh a fháil uathu chun forbairt a dhéanamh amach anseo<br>• Dul i gcomhairle le páirtithe leasmhara agus leis an bpobal<br>• Measúnú ar chás-staidéir / scéimeanna deontais comhchosúla agus mar a d'éirigh leo<br>• Tograí dearaidh a fhorbairt i gcomhair spásanna athfhorbartha<br>• Deiseanna maoinithe a aimsiú<br>• Iarratas pleanála<br>• Má bhíonn úinéirí talún sásta, tailte a cheannach uathu agus acmhainní forbartha agus feidhmiúcháin a fháil |

| *Tionscadal 7: Gluaiseacht Shábháilte agus Inrochtaineacht* | | |
|---|---|---|
| CUR SÍOS | IDIRGHABHÁLACHA ATÁ BEARTAITHE | GNÍOMHARTHA ATÁ BEARTAITHE |
| *Is minic a bhíonn an-chuid trácht ardluais sa sráidbhaile mar gheall go ngabhann an N56 tríd, agus bíonn na carranna sa mhullach ar mhuintir na háite. Tá easpa áiseanna páirceála ann agus is minic a pháirceálann carranna ar na cosáin, agus iad sa bhealach ar na coisithe. Tá easpa áiseanna cearta rothaíochta ann freisin, rud a thógann ón inrochtaineacht agus ón tsábháilteacht sa sráidbhaile. Fágann na dúshláin sin go bhfuil deiseanna móra le tapú ag an sráidbhaile i dtaobh a bheith níos meallta agus níos sábháilte dóibh siúd go léir a bhíonn ag siúl agus ag rothaíocht.* | • Luasteorainn 30kph<br>• Cosáin a fheabhsú<br>• Feabhas a chur ar na comharthaí bealaigh<br>• Trasrianta siógacha an-sofheicthe agus ardáin ardaithe<br>• Amadóirí a shuiteáil<br>• Síntí colbha ag crosbhealaí<br>• Bacainní nó mullaird chosanta a shuiteáil<br>• Dearadh mionsonraithe maidir le Bealaí Sábháilte chun na Scoile<br>• Pábháil thadhlach a shuiteáil<br>• Feabhas a chur ar an soláthar seirbhísí iompair phoiblí<br>• Limistéar do choisithe a dhéanamh d'áiteanna os comhair Chlós Cope agus na Príomhshráide<br>• Comharthaí bóthair soiléire a shuiteáil in áiteanna cuí<br>• Bearta moillithe tráchta a thabhairt isteach<br>• Siceáin, stráicí beaga glasa nó crainn a chur anseo is ansiúd<br>• Tabhairt faoi staidéar breise atá riachtanach chun srianta páirceála a thuiscint go hiomlán. | • Meitheal<br>• Measúnú Tionscnaimh Tionscadail<br>• Féachaint ar chúinsí mar atá faoi láthair<br>• Measúnú Scóip agus Féidearthachta<br>• Dul i gcomhairle leis an Údarás Náisiúnta Iompair maidir le deiseanna ó thaobh pointí trasnaithe foirmiúla, taisteal gníomhach, bealaí sábháilte chun na scoile agus limistéir ina bhfuil luasteorainn níos ísle, agus comharthaíocht agus póilíneacht san áireamh.<br>• Tograí coincheapa a fhorbairt ina léirítear socruithe spáis, ábhair thógála agus cuma.<br>• Sonraíochtaí imlíne agus sceideal ábhar agus cothabhála a ullmhú.<br>• Comhairliúchán poiblí ar an scéim atá beartaithe agus comhairliúchán le húdaráis reachtúla.<br>• Plean mionsonraithe a ullmhú maidir le costas agus dearadh teicniúil.<br>• Le breithniú i gcomhar le Tionscadal 1 (Lár Baile a Bhunú), Tionscadal 5 (Tionscadal Atógála Pobail), agus Tionscadal 8 (Feabhsú an Chomhshaoil) |

SCÁLA AMA

- G — sa Ghearrthréimhse
- G/M — sa Ghearrthréimhse/sa Mheántréimhse
- M — sa Mheántréimhse
- M/F — sa Mheántréimhse/Fadtréimhse
- F — san Fhadtréimhse

| SCÁLA AMA | FOINSÍ MAOINITHE FÉIDEARTHA | PRÍOMHPHÁIRTÍ | PRÍOMHPHÁIRTITHE LEASMHARA |
|---|---|---|---|
| M | • Scéim Bonneagair Áineasa Allamuigh<br>• Clár Caipitil Spóirt<br>• An Ciste um Fheabhsú an Bhonneagair Iompair<br>• Údarás Fuinnimh Inbhuanaithe na hÉireann (SEAI)<br>• Fáilte Éireann<br>• An Scéim Athnuachana Bailte agus Sráidbhailte<br>• An Ciste um Athbheochan agus Forbairt na Tuaithe<br>• Clár LEADER<br>• Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa (CFRE)<br>• Cur Chuige LEADER Pobalbhunaithe<br>• Clár Forbartha faoi Threoir an Phobail<br>• An Ciste 'Croí Cónaithe' (Bailte)<br>• Tiomsú airgid a dhéanfadh muintir na háite<br>• Comhpháirtíochtaí poiblí-príobháideacha<br>• Urraíochtaí corparáideacha | Bainisteoir um Naisc leis an bPobal/ Meitheal an Bhaile | • Úinéirí Talún, Rannóg Pleanála agus Forbartha na Comhairle Contae, an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra. |

| SCÁLA AMA | FOINSÍ MAOINITHE FÉIDEARTHA | PRÍOMHPHÁIRTÍ | PRÍOMHPHÁIRTITHE LEASMHARA |
|---|---|---|---|
| G/M | • An Ciste um Fheabhsú an Bhonneagair Iompair<br>• Údarás Fuinnimh Inbhuanaithe na hÉireann (SEAI)<br>• An Scéim Athnuachana Bailte agus Sráidbhailte<br>• An Ciste um Athbheochan agus Forbairt na Tuaithe<br>• Clár LEADER<br>• Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa (CFRE)<br>• Cur Chuige LEADER Pobalbhunaithe<br>• Clár Forbartha faoi Threoir an Phobail<br>• An Ciste 'Croí Cónaithe' (Bailte)<br>• Tiomsú airgid a dhéanfadh muintir na háite<br>• Comhpháirtíochtaí poiblí-príobháideacha<br>• Urraíochtaí corparáideacha | Bainisteoir um Naisc leis an bPobal/ Meitheal an Bhaile | • Ionad Dhún na nGall um Maireachtáil Neamhspleách, Ionchuimsiú Éireann (tacadóirí inrochtaineachta eile), An tÚdarás Náisiúnta Iompair, An Taisce, Úinéirí Talún, an Roinn Iompair, Rannóg Pleanála agus Forbartha na Comhairle Contae agus Rannóg Bóithre agus Iompair na Comhairle Contae. |

| ***Tionscadal 8: Feabhsú an Chomhshaoil*** | | |
|---|---|---|
| CUR SÍOS | IDIRGHABHÁLACHA ATÁ BEARTAITHE | GNÍOMHARTHA ATÁ BEARTAITHE |
| *Le scéim feabhsúcháin timpeallachta atá dírithe ar fheabhas a chur ar an gcuma atá ar fhoirgnimh fholmha aonair, d'fhéadfaí an sráid-dreach a athrú ó bhonn agus cabhrú le húsáid úr a bhaint as aonaid fholmha. D'fhéadfaí Céim 1 den scéim dreasachta a dhíriú ar thionscnaimh chun aghaidheanna na siopaí, na ngnólachtaí nó na n-áitreabh tráchtála a dheisiú, a fheabhsú, a uasghrádú nó a athchóiriú.* | • Leas a bhaint as troscán sráide inaistrithe.<br>• Stráicí beaga glasa tréscaoilteacha a shuiteáil.<br>• Ealaíontóirí a bheith páirteach san ealaín phoiblí.<br>• Córas SuDS le haghaidh draenála a shuiteáil.<br>• Straitéis bhrandála a ullmhú don sráidbhaile. | • Measúnú Tionscnaimh Tionscadail<br>• Féachaint ar chúinsí mar atá faoi láthair<br>• Dul i gcomhairle le húinéirí na n-áitreabh folamh agus na n-áitreabh in aice leo chun deiseanna a phlé agus chun muintir na háite a spreagadh chun tacú le hidirghabhálacha ar scála beag.<br>• Teagmháil a dhéanamh le scoileanna áitiúla (Scoil Náisiúnta agus Gaelscoil) agus grúpaí ealaíne/daoine cruthaitheacha áitiúla<br>• Deiseanna a fhiosrú maidir le ról a bheith ag daoine cruthaitheacha, pobail agus scoileanna an cheantair sa dearadh, chun luach pobail agus meon úinéireacht an phobail a chothú.<br>• Plean feabhsaithe comhshaoil a fhorbairt, a bhféadfadh sainphlean soilsithe a bheith san áireamh leis.<br>• Scéim dreasachta a fhorbairt agus liosta a chur le chéile de na háitribh a bhfuiltear ag díriú orthu<br>• Maoiniú a aimsiú (foinsí turasóireachta agus ealaíne féideartha)<br>• Iarratas Pleanála |

| ***Tionscadal 9: Bealaí Isteach*** | | |
|---|---|---|
| CUR SÍOS | IDIRGHABHÁLACHA ATÁ BEARTAITHE | GNÍOMHARTHA ATÁ BEARTAITHE |
| *Maireann cuimhne an chéad amhairc a thugann daoine ar áit, agus mar sin tá sé ríthábhachtach díriú ar fheabhas a chur ar na príomhbhealaí isteach chuig an sráidbhaile. Trí infheistíocht a dhéanamh i bhfeabhas a chur ar chuma na háite agus ar a cuid feidhmeanna, tá sé i gceist againn aird daoine a mhúscailt ar theacht chuig an gCraoslach dóibh sa dóigh is go dtuigfidh siad meon an phobail. Níos mó ná maisiú atá i gceist: cuirfidh an obair sin le heispéireas iomlán an Chraoslaigh agus beidh bealach isteach mealltach ann do mhuintir na háite agus do chuairteoirí, a fhanfaidh ina gcuimhne, chuig baile ina bhfuil an saol cultúrtha, an dúlra agus meon an phobail faoi bhláth.* | • Ceapacha bláthanna a shuiteáil<br>• Conair shiúil nó pointe féachana a dhéanamh<br>• Comharthaí ar an stíl thraidisiúnta a chur in airde<br>• Comharthaí bealaigh a chur in airde<br>• Cur chuige atá báúil do pháistí a ghlacadh<br>• 'Gairdíní oscailte' a dhéanamh<br>• Léarscáil nó comhartha dea-dheartha a chur in áit chuí<br>• Leas a bhaint as soilse grianchumhachtaithe<br>• Mórshaothar ealaíne poiblí a chur ar taispeáint<br>• Laethanta oibre a eagrú don phobal<br>• Suíocháin a bheith in áiteanna a bhfuil radhairc áille uathu<br>• Rampaí agus pábháil thadhlach a shuiteáil<br>• Smaoineamh ar pháirceáil lasmuigh den sráidbhaile<br>• Na tionscadail a chur i gcrích atá á ndéanamh faoi Scéim na Mionoibreacha a Bhaineann le Turasóireacht. | • Measúnú Tionscnaimh Tionscadail<br>• Iniúchadh ar na bealaí isteach, na comharthaí agus an bhrandáil atá ann faoi láthair<br>• Obair chomhpháirtíochta agus rannpháirtíocht phoiblí chun téama brandála a fhorbairt a bhaineann go sonrach le saintréithe agus fís an Chraoslaigh<br>• Treoirlínte/Straitéis a ullmhú don Chraoslach<br>• Maoiniú a aimsiú agus a fháil. |

SCÁLA AMA

- G — sa Ghearrthréimhse
- G/M — sa Ghearrthréimhse/sa Mheántréimhse
- M — sa Mheántréimhse
- M/F — sa Mheántréimhse/Fadtréimhse
- F — san Fhadtréimhse

| SCÁLA AMA | FOINSÍ MAOINITHE FÉIDEARTHA | PRÍOMHPHÁIRTÍ | PRÍOMHPHÁIRTITHE LEASMHARA |
|---|---|---|---|
| G | • An Ciste 'Croí Cónaithe' (Bailte)<br>• An Scéim Athnuachana Bailte agus Sráidbhailte<br>• An Ciste um Athbheochan agus Forbairt na Tuaithe<br>• Clár LEADER<br>• Scéim Feabhsaithe Sráid-dreacha<br>• Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa (CFRE)<br>• Cur Chuige LEADER Pobalbhunaithe<br>• Clár Forbartha faoi Threoir an Phobail<br>• Údarás Fuinnimh Inbhuanaithe na hÉireann (SEAI)<br>• Fáilte Éireann<br>• Tiomsú airgid a dhéanfadh muintir na háite<br>• Comhpháirtíochtaí poiblí-príobháideacha<br>• Urraíochtaí corparáideacha | Bainisteoir um Naisc leis an bPobal/ Meitheal an Bhaile | • Scoileanna an cheantair, Daoine Cruthaitheacha Áitiúla, Úinéirí Talún.<br>• Rannóga de chuid na Comhairle Contae (Pleanáil agus Forbairt, Pobal agus Cultúir, Forbairt Eacnamaíoch srl.), Oifigeach Atógala Baile na Comhairle Contae, lucht gnó an cheantair. |

| SCÁLA AMA | FOINSÍ MAOINITHE FÉIDEARTHA | PRÍOMHPHÁIRTÍ | PRÍOMHPHÁIRTITHE LEASMHARA |
|---|---|---|---|
| G/M | • An Ciste um Fheabhsú an Bhonneagair Iompair<br>• Údarás Fuinnimh Inbhuanaithe na hÉireann (SEAI)<br>• An Ciste 'Croí Cónaithe' (Bailte)<br>• An Scéim Athnuachana Bailte agus Sráidbhailte<br>• An Ciste um Athbheochan agus Forbairt na Tuaithe<br>• Clár LEADER<br>• Scéim Feabhsaithe Sráid-dreacha<br>• Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa (CFRE)<br>• Cur Chuige LEADER Pobalbhunaithe<br>• Clár Forbartha faoi Threoir an Phobail<br>• Fáilte Éireann<br>• Tiomsú airgid a dhéanfadh muintir na háite<br>• •Comhpháirtíochtaí poiblí-príobháideacha<br>• Urraíochtaí corparáideacha | Bainisteoir um Naisc leis an bPobal/ Meitheal an Bhaile | • Úinéirí Talún, an Roinn Iompair, An tÚdarás Náisiúnta Iompair, Rannóg Pleanála agus Forbartha na Comhairle Contae, Oifigeach Atógála Baile na Comhairle Contae. |

## Tionscadail Tacaíochta

### *Tionscadal 10: An Séipéal agus Lár an Bhaile*

| CUR SÍOS | IDIRGHABHÁLACHA ATÁ BEARTAITHE | GNÍOMHARTHA ATÁ BEARTAITHE |
|---|---|---|
| *Fuarthas maoiniú i gcomhair an tionscadail seo faoi Scéim Deontais Chomhairle Contae Dhún na nGall i leith Mionoibreacha a Bhaineann leis an Turasóireacht, 2023. Tá an tionscadal dírithe ar uasghrádú a dhéanamh ar áis phoiblí atá suite ar thalamh de chuid FSS i gcroílár bhaile an Chraoslaigh, in aice leis an N56 agus in aice le hionaid éagsúla mar an séipéal, an scoil agus an t-ionad leighis. Is éard atá i gceist leis an uasghrádú ná athchóiriú a dhéanamh ar shuíocháin, seanbhallaí cloiche a atógáil, agus feabhas a chur ar an tírdhreach chun spás níos tarraingtí agus níos feidhmiúla a dhéanamh. Nuair a bheidh na ballaí cloiche atógtha beidh suíocháin bhreise ag gabháil leo, rud a dhéanfaidh mol sóisialta den limistéar ionas go mbaileoidh níos mó daoine ann agus go dtacófar le gnólachtaí áitiúla. Cuirfear plandaí nua ag fás agus tabharfar aire dóibh siúd atá ann cheana chun cur leis an mbithéagsúlacht agus ionas go mbeidh dathanna geala le feiceáil sa séasúr fáis. Beidh suíocháin bhreise agus binsí picnice ann freisin, chomh maith le cláir faisnéise faoi stair an tséipéil agus oidhreacht thionsclaíoch na Mucaise. Is é atá i gceist leis gur pointe lárnach a bheidh ann ina mbaileoidh daoine le chéile agus a chomhlánóidh tionscadail forbartha eile sa sráidbhaile.* | • Na suíocháin a dheisiú (greanáil agus athphéinteáil)<br>• Caoi a chur ar an gceapach thírdhreachaithe atá ann cheana féin, plandaí nua a chur ann agus béim á leagan ar phailniú agus dath séasúrach<br>• Na ballaí cloiche a dheisiú agus tuilleadh acu a thógáil<br>• Suíocháin bhreise agus binsí picnice a chur amach<br>• Painéal nó painéil léirmhínithe a bheadh bunaithe ar stair an tséipéil agus ar oidhreacht thionsclaíoch na Mucaise. | • Tá maoiniú faighte faoin Scéim Deontais um Mionoibreacha a Bhaineann le Turasóireacht, 2023.<br>• Is í Foireann Athbheochana agus Forbartha na Comhairle Contae a dhear an tionscadal i gcomhairle leis an CPC.<br>• Déanfaidh an Fhoireann Athghiniúna agus Forbartha an tionscadal a bhainistiú agus déanfar na hoibreacha trí shaothar díreach nó trí chonraitheoir. Déanfaidh an Fhoireann Athghiniúna agus Forbartha aon soláthar riachtanach a bhainistiú.<br>• Toisc nach bhfuil an tionscadal forordaithe chun críocha Chuid 8 agus go bhfuil sé faoi bhun na tairsí costais, ní gá gnásanna pleanála Chuid 8 a chomhlíonadh. Is forbairt dhíolmhaithe é an tionscadal.<br>• Tá na tionscadail le tógáil agus le críochnú faoi mhí an Mheithimh 2024 |

### *Tionscadal 11: Séadchomhartha an Bhainteora Arbhair*

| CUR SÍOS | IDIRGHABHÁLACHA ATÁ BEARTAITHE | GNÍOMHARTHA ATÁ BEARTAITHE |
|---|---|---|
| *Fuarthas maoiniú i gcomhair an tionscadail seo faoi Scéim Deontais Chomhairle Contae Dhún na nGall i leith Mionoibreacha a Bhaineann leis an Turasóireacht, 2023. Tá sé i gceist leis an tionscadal bailchríoch a chur ar Shéadchomhartha an Bhainteora Arbhair ar thalamh atá faoi úinéireacht na Comhairle ag Ardán na Mucaise, ag príomhbhealach isteach chuig an gCraoslach ó Pháirc Foraoise Dhún Fionnachaidh/na hArdadh. Beidh an séadchomhartha ina áit mharana le haghaidh scíthe, fóillíochta agus faisnéise. Feabhsófar an rochtain ar an láthair trí dhromchla oiriúnach a leagan síos do choisithe, chomh maith le gnéithe sábháilteachta feabhsaithe ar nós colbhaí agus cóireáil teorann. Beidh suíocháin ann freisin san áit a mbeadh fonn ar dhaoine a scíth a ligean agus breathnú ar na radhairc, beidh binsí picnice sna limistéir ghlasa, agus cuirfear cláir léirmhínithe in airde. Beidh eolas ar na cláir sin faoi Percy French agus faoin stair na bainte arbhair sa Chraoslach, rud a chuirfidh le saibhreas an tsuímh mar cheann scríbe do mhuintir na háite, do chuairteoirí agus do thurasóirí.* | • Colbha agus dromchla a chur leis an gcosán isteach agus leis an limistéar tuirlingthe, chomh maith le dromchla nua<br>• Colbha a chur leis an spás glas mar aon le bealach isteach íslithe<br>• Obair a dhéanamh ar an teorainn<br>• Binsí picnice agus suíocháin<br>• Painéil léirmhínithe bunaithe ar an amhrán a bhí ag Percy French faoin inimirce agus baint arbhair ar an gCraoslach. | • Tá maoiniú faighte faoin Scéim Deontais um Mionoibreacha a Bhaineann le Turasóireacht, 2023.<br>• Is í Foireann Athbheochana agus Forbartha na Comhairle Contae a dhear an tionscadal i gcomhairle leis an CPC.<br>• Déanfaidh an Fhoireann Athghiniúna agus Forbartha an tionscadal a bhainistiú agus déanfar na hoibreacha trí shaothar díreach nó trí chonraitheoir. Déanfaidh an Fhoireann Athghiniúna agus Forbartha aon soláthar riachtanach a bhainistiú.<br>• Toisc nach bhfuil an tionscadal forordaithe chun críocha Chuid 8 agus go bhfuil sé faoi bhun na tairsí costais, ní gá gnásanna pleanála Chuid 8 a chomhlíonadh. Is forbairt dhíolmhaithe é an tionscadal.<br>• Tá na tionscadail le tógáil agus le críochnú faoi mhí an Mheithimh 2024 |

SCÁLA AMA

- G – sa Ghearrthréimhse
- G/M – sa Ghearrthréimhse/sa Mheántréimhse
- M – sa Mheántréimhse
- M/F – sa Mheántréimhse/Fadtréimhse
- F – san Fhadtréimhse

| SCÁLA AMA | FOINSÍ MAOINITHE FÉIDEARTHA | PRÍOMHPHÁIRTÍ | PRÍOMHPHÁIRTITHE LEASMHARA |
|---|---|---|---|
| G | • Scéim Mionoibreacha Turasóireachta Chomhairle Contae Dhún na nGall | Comhairle Contae Dhún na nGall | • Comhairle Contae Dhún na nGall, Cumann Pobail an Chraoslaigh |

| SCÁLA AMA | FOINSÍ MAOINITHE FÉIDEARTHA | PRÍOMHPHÁIRTÍ | PRÍOMHPHÁIRTITHE LEASMHARA |
|---|---|---|---|
| G | • Scéim Mionoibreacha Turasóireachta Chomhairle Contae Dhún na nGall | Comhairle Contae Dhún na nGall | • Comhairle Contae Dhún na nGall, Cumann Pobail an Chraoslaigh |

## Tionscadail Eile

### *Tionscadal 12: Tionscadal an Ghairdín*

| CUR SÍOS | IDIRGHABHÁLACHA ATÁ BEARTAITHE | GNÍOMHARTHA ATÁ BEARTAITHE |
|---|---|---|
| *Fuarthas maoiniú i gcomhair an tionscadail seo faoi Scéim Deontais Chomhairle Contae Dhún na nGall i leith Mionoibreacha a Bhaineann leis an Turasóireacht, 2023. 'An Gairdín' a thugann muintir na háite ar an suíomh agus bhíodh sé ina chuid de pháirc an mhargaidh agus de thalamh an Tiarna Liatroma. Is é atá i gceist leis an tionscadal uasghrádú a dhéanamh ar bhealach isteach ríthábhachtach go dtí an Chraoslach, agus go háirithe feabhas a chur ar áis phoiblí agus pointe faisnéise ag oirthear an bhaile. Gné mhór den obair is ea na céimeanna a dheisiú agus a fheabhsú idir limistéar poiblí ardleibhéil agus cuas bus ar leibhéal níos ísle ar Bhóthar an Stáisiúin, bealach tábhachtach chuig Coill Dhún Taithligh agus anaclann dúlra. Tá drochbhail ar na céimeanna agus níl aon ráillí cosanta ag gabháil leo. Faoin bPlean, déanfar ráillí cosanta a shuiteáil, cuirfear pábháil ardchaighdeáin in áit ciumhais féir, agus cuirfear cláir léirmhínithe in airde ar a mbeidh eolas cuimsitheach faoi nithe is díol spéise do thurasóirí sa bhaile féin agus sa réigiún, rud a rachaidh chun tairbhe mhuintir na háite, cuairteoirí agus turasóirí araon.* | • Deisiú na gcéimeanna idir an leibhéal íseal (leataobh páirceála na mbusanna) agus an leibhéal ard (gairdín poiblí).<br>• Ráille cosanta a shuiteáil i gcomhair na gcéimeanna.<br>• Dromchla tuirlingthe a shuiteáil ag bun na gcéimeanna agus ag cuas páirceála na mbusanna.<br>• Painéal nó painéil léirmhínithe. | • Tá maoiniú faighte faoin Scéim Deontais um Mionoibreacha a Bhaineann le Turasóireacht, 2023.<br>• Is í Foireann Athbheochana agus Forbartha na Comhairle Contae a dhear an tionscadal i gcomhairle leis an CPC.<br>• Déanfaidh an Fhoireann Athghiniúna agus Forbartha an tionscadal a bhainistiú agus déanfar na hoibreacha trí shaothar díreach nó trí chonraitheoir. Déanfaidh an Fhoireann Athghiniúna agus Forbartha aon soláthar riachtanach a bhainistiú.<br>• Toisc nach bhfuil an tionscadal forordaithe chun críocha Chuid 8 agus go bhfuil sé faoi bhun na tairsí costais, ní gá gnásanna pleanála Chuid 8 a chomhlíonadh. Is forbairt dhíolmhaithe é an tionscadal.<br>• Tá na tionscadail le tógáil agus le críochnú faoi mhí an Mheithimh 2024 |

### *Tionscadal 13: Ardán Féachana*

| CUR SÍOS | IDIRGHABHÁLACHA ATÁ BEARTAITHE | GNÍOMHARTHA ATÁ BEARTAITHE |
|---|---|---|
| *Bheadh an-amharc go deo ó ardán féachana san áit cheart, a bheadh comhtháite leis an athnuachan atá beartaithe ar an Lár Baile, thar Loch Mór agus Cuan na gCaorach. Mheallfadh sé cuairteoirí chuig an sráidbhaile agus chuirfeadh sé leis an eacnamaíocht áitiúil freisin, trí bheocht a chur sna siopaí, na bialanna agus na gnólachtaí eile. I gcás mhuintir na háite, ní áit féachana amháin a bheadh i gceist leis, ach spás pobail i gcomhair imeachtaí áitiúla, ócáidí speisialta, nó tréimhsí marana i gceantar álainn an Chraoslaigh. Chuirfí beocht sa cheantar máguaird, ar chúl an TubHub, le cosáin sa lár baile athnuaite atá beartaithe don Chraoslach agus thart air.* | • Ardán féachana ag breathnú amach ar Loch Mór agus Cuan na gCaorach | • Measúnú Tionscnaimh Tionscadail<br>• Féachaint ar chúinsí mar atá faoi láthair<br>• Measúnú Scóip agus Féidearthachta<br>• Dul i dteagmháil le húinéirí talún maidir leis an deis athfhorbairt a dhéanamh<br>• Tograí coincheapa a fhorbairt ina léirítear socruithe spáis, ábhair thógála agus cuma.<br>• Dul i gcomhairle le páirtithe leasmhara agus leis an bpobal<br>• Tograí dearaidh a fhorbairt i gcomhair spásanna athfhorbartha<br>• Deiseanna maoinithe a aimsiú<br>• Plean mionsonraithe a ullmhú maidir le costas agus dearadh teicniúil.<br>• Iarratas pleanála |

SCÁLA AMA

- G — sa Ghearrthréimhse
- G/M — sa Ghearrthréimhse/sa Mheántréimhse
- M — sa Mheántréimhse
- M/F — sa Mheántréimhse/Fadtréimhse
- F — san Fhadtréimhse

| SCÁLA AMA | FOINSÍ MAOINITHE FÉIDEARTHA | PRÍOMHPHÁIRTÍ | PRÍOMHPHÁIRTITHE LEASMHARA |
|---|---|---|---|
| G | • Scéim Mionoibreacha Turasóireachta Chomhairle Contae Dhún na nGall | Comhairle Contae Dhún na nGall | • Comhairle Contae Dhún na nGall, Cumann Pobail an Chraoslaigh |

| SCÁLA AMA | FOINSÍ MAOINITHE FÉIDEARTHA | PRÍOMHPHÁIRTÍ | PRÍOMHPHÁIRTITHE LEASMHARA |
|---|---|---|---|
| M/F | • An Scéim Athnuachana Bailte agus Sráidbhailte<br>• An Ciste um Athbheochan agus Forbairt na Tuaithe<br>• Clár LEADER<br>• Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa (CFRE)<br>• Cur Chuige LEADER Pobalbhunaithe<br>• Clár Forbartha faoi Threoir an Phobail<br>• An Ciste 'Croí Cónaithe' (Bailte)<br>• Fáilte Éireann<br>• Tiomsú airgid a dhéanfadh muintir na háite<br>• Comhpháirtíochtaí poiblí-príobháideacha<br>• Urraíochtaí corparáideacha | Bainisteoir um Naisc leis an bPobal/ Meitheal an Bhaile | • Úinéirí Talún, Rannóg Pleanála agus Forbartha na Comhairle Contae, lucht gnó an cheantair |

## Tionscadail Eile

**Tionscadal 14: Feabhas ar Chúrsaí Iompair**

| CUR SÍOS | IDIRGHABHÁLACHA ATÁ BEARTAITHE | GNÍOMHARTHA ATÁ BEARTAITHE |
|---|---|---|
| *D'fhéadfaí a áireamh leis na seirbhísí feabhsaithe iompair poiblí atá molta don Chraoslach seirbhís busanna níos minice agus níos iontaofa a nascfadh an sráidbhaile le bailte gar dó agus le príomhchinn scríbe. D'fhéadfaí busanna inrochtana a rith ar an tseirbhís sin, a mbeadh áiseanna ar nós rampaí acu, spásanna sainithe do dhaoine faoi mhíchumas, agus córais rianaithe fíor-ama. Ina theannta sin, d'fhéadfaí feabhas breise a chur ar an inrochtaineacht trí sheirbhísí tointeála a rith idir láithreacha turasóireachta, ionaid phobail agus scoileanna an cheantair. D'fhágfadh na feabhsuithe sin gur fearr a bheadh muintir na háite agus cuairteoirí in ann taisteal thart, nach mbeadh daoine ag brath chomh mór ar fheithiclí príobháideacha, gur fearr na naisc a bheadh ann le seirbhísí riachtanacha, agus go gcuideofaí le fostaíocht, le cur chun cinn na turasóireachta, agus leis an gcomhshaol trí phlódú tráchta agus astaíochtaí a laghdú.* | • Seirbhísí bus níos minice agus níos fearr<br>• Busanna inrochtana nach ndéanann dochar don chomhshaol<br>• Seirbhísí tointeála chuig láithreacha turasóireachta<br>• Páirceáil lasmuigh den sráidbhaile agus áiseanna feabhsaithe ag stad na mbus ar imeall an tsráidbhaile | • Measúnú Tionscnaimh Tionscadail<br>• Féachaint ar chúinsí mar atá faoi láthair<br>• Measúnú ar na seirbhísí iompair<br>• Dul i gcomhairle le príomhpháirtithe leasmhara agus leo siúd a bhaineann leas as na seirbhísí iompair phoiblí chun teacht ar thuiscint ar an bpríomhbhonneagar<br>• Cainteanna le soláthraí iompair phoiblí maidir le pleananna chun cur le líon agus minicíocht na seirbhísí idir an Craoslach agus príomhbhailte an limistéir chun feabhas a chur ar sheirbhísí tuaithe. |

**Tionscadal 15: Staidéar Páirceála**

| CUR SÍOS | IDIRGHABHÁLACHA ATÁ BEARTAITHE | GNÍOMHARTHA ATÁ BEARTAITHE |
|---|---|---|
| *Ach an bonneagar páirceála a phleanáil go cúramach, is féidir na baic atá ann cheana féin agus cinn a d'fhéadfadh a bheith ann a mhaolú, an brú tráchta a laghdú, agus sábháilteacht ar na bóithre a fheabhsú. Ba cheart staidéar críochnúil a dhéanamh chun féachaint cé na fadhbanna páirceála atá ann, riachtanais don todhchaí a thuar, agus úsáid éifeachtach spáis a mholadh, ar mhaithe le córas páirceála níos eagraithe agus níos so-úsáidte a bheith ann. D'fhéadfaí limistéir thearcúsáidte sa sráidbhaile agus timpeall air a aimsiú le haghaidh áit nua pháirceála, agus d'fhéadfaí limistéir phlódaithe atá ann cheana féin a chur in oiriúint do choisithe. Is féidir le páirceáil fheabhsaithe sa sráidbhaile cuidiú leis an ngeilleagar áitiúil trína chinntiú go mbeidh dóthain páirceála ag gnólachtaí do chustaiméirí, rud a chuirfidh lena líon. Tríd is tríd, chuirfeadh straitéis chuimsitheach pháirceála le timpeallacht níos eagraithe, níos inrochtana agus níos oiriúnaí do choisithe.* | • Staidéar páirceála a thionscnamh | • Measúnú Tionscnaimh Tionscadail<br>• Féachaint ar chúinsí mar atá faoi láthair<br>• Measúnú páirceála a dhéanamh chun straitéis a fhorbairt<br>• Taighde a dhéanamh maidir le húinéireacht talún agus infhaighteacht talún chun láithreáin straitéiseacha a aithint le haghaidh áiteanna páirceála breise, ag díriú ar láithreacha ar chúl an bhaile.<br>• Dul i gcomhairle le húinéirí talún<br>• Ag brath ar an toradh, leanúint ar aghaidh leis an bpróiseas pleanála, dearaidh agus tógála. |

SCÁLA AMA

- G — sa Ghearrthréimhse
- G/M — sa Ghearrthréimhse/sa Mheántréimhse
- M — sa Mheántréimhse
- M/F — sa Mheántréimhse/Fadtréimhse
- F — san Fhadtréimhse

| SCÁLA AMA | FOINSÍ MAOINITHE FÉIDEARTHA | PRÍOMHPHÁIRTÍ | PRÍOMHPHÁIRTITHE LEASMHARA |
|---|---|---|---|
| G/M | • An Ciste um Fheabhsú an Bhonneagair Iompair<br>• Údarás Fuinnimh Inbhuanaithe na hÉireann (SEAI)<br>• An Scéim Athnuachana Bailte agus Sráidbhailte<br>• An Ciste um Athbheochan agus Forbairt na Tuaithe<br>• Clár LEADER<br>• Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa (CFRE)<br>• Cur Chuige LEADER Pobalbhunaithe<br>• Clár Forbartha faoi Threoir an Phobail<br>• An Ciste 'Croí Cónaithe' (Bailte)<br>• Fáilte Éireann<br>• Tiomsú airgid a dhéanfadh muintir na háite<br>• Comhpháirtíochtaí poiblí-príobháideacha<br>• Urraíochtaí corparáideacha | Bainisteoir um Naisc leis an bPobal / Meitheal an Bhaile / An tÚdarás Náisiúnta Iompair | • Bus Éireann, An Roinn Iompair, grúpaí inrochtaineachta, Rannóg Forbartha agus Pleanála na Comhairle Contae, Rannóg Bóithre agus Iompar na Comhairle Contae, Turasóireacht Dhún na nGall, Fáilte Éireann. |

| SCÁLA AMA | FOINSÍ MAOINITHE FÉIDEARTHA | PRÍOMHPHÁIRTÍ | PRÍOMHPHÁIRTITHE LEASMHARA |
|---|---|---|---|
| G | • An Ciste um Fheabhsú an Bhonneagair Iompair<br>• An Scéim Athnuachana Bailte agus Sráidbhailte<br>• An Ciste um Athbheochan agus Forbairt na Tuaithe<br>• Clár LEADER<br>• Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa (CFRE)<br>• Cur Chuige LEADER Pobalbhunaithe<br>• Clár Forbartha faoi Threoir an Phobail<br>• An Ciste 'Croí Cónaithe' (Bailte)<br>• Tiomsú airgid a dhéanfadh muintir na háite<br>• Comhpháirtíochtaí poiblí-príobháideacha<br>• Urraíochtaí corparáideacha | Bainisteoir um Naisc leis an bPobal / Meitheal an Bhaile / An tÚdarás Náisiúnta Iompair | • An tÚdarás Náisiúnta Iompair, An Roinn Iompair, Rannóg Pleanála agus Forbartha na Comhairle Contae, Rannóg Bóithre agus Iompair na Comhairle Contae, gnólachtaí áitiúla, úinéirí talún. |

## Tionscadail Eile

### *Tionscadal 16: Imeachtaí agus Beocht*

| CUR SÍOS | IDIRGHABHÁLACHA ATÁ BEARTAITHE | GNÍOMHARTHA ATÁ BEARTAITHE |
|---|---|---|
| *Chun beocht úr a chur sa Chraoslach, moltar díriú ar Imeachtaí agus Beocht ar dhá bhealach. Leis an gcéad chur chuige, tá sé i gceist clár saibhir d'imeachtaí ilghnéitheacha a fhorbairt, amhail féilte séasúracha, aontaí ealaíon, agus caitheamh aimsire amuigh faoin spéir, chun muintir na háite agus turasóirí a mhealladh. Faoin dara chur chuige, díreofar ar bhrandáil a bhaineann go sonrach leis an gCraoslach, ina mbeidh téamaí comhsheasmhacha amhairc agus teachtaireachtaí a chuireann béim ar sheoda cultúrtha, stairiúla agus áineasa an tsráidbhaile. Tá sé i gceist leis an straitéis chuimsitheach sin níos mó cuairteoirí a mhealladh agus, anuas air sin, cur le haontacht agus mórtas an phobail, agus an Craoslach á chur i láthair mar cheann scríbe bríomhar a bhfuil sainghnéithe ann do mhuintir na háite agus do chuairteoirí araon.* | • Clár imeachtaí agus féilte<br>• Brandáil/téama an bhaile | • Cuideachta bainistíochta imeachtaí a fhostú agus suímh/comhpháirtithe féideartha a shainaithint<br>• Déanfaidh Meitheal an Bhaile/ an CPC clár ilghnéitheach imeachtaí agus gníomhaíochtaí a chomhordú<br>• Na ceadúnais chuí a fháil<br>• Clár imeachtaí a fhógairt in áiteanna cuí sa sráidbhaile agus ar líne trí thairseach ar líne agus nuachtáin. |

### *Tionscadal 17: Tionscadal Fuinnimh Inbhuanaithe a fhiosrú*

| CUR SÍOS | IDIRGHABHÁLACHA ATÁ BEARTAITHE | GNÍOMHARTHA ATÁ BEARTAITHE |
|---|---|---|
| *Tá sé ina aidhm leis an bPlean go mbeadh an Craoslach ina eiseamláir den inbhuanaitheacht trí Thionscadal Fuinnimh Inbhuanaithe a fhiosrú agus a chur i bhfeidhm. Dhéanfaí sin trí chur chuige ceannródaíoch, iomlánaíoch, pobal-lárnach a bheidh ina dhea-shampla den dóigh ar féidir saol inbhuanaithe a chaitheamh faoin tuath in Éirinn agus an stíl mhaireachtála sin a chur i bhfeidhm ar scála níos mó.*<br><br>*Tá sé ina chuspóir ag an bPlean go ndéanfar iniúchadh, faoin tionscadal sin, ar dheiseanna gearrthréimhseacha chun grianphainéil a fheistiú ar gach teach agus gach foirgneamh tráchtála, agus ar na deiseanna meántréimhseacha a bhaineann le straitéis téimh ceantair a chur i bhfeidhm.*<br><br>*I measc na dtairbhí a bhaineann le tacú le tionscadal fuinnimh inbhuanaithe tá siad seo a leanas: (i) bheadh soláthar slán fuinnimh ag muintir na háite agus bheadh foinse fuinnimh ghlan in-athnuaite acu; (ii) thiocfadh laghdú mór ar bhillí leictreachais agus chuirfí neamhspleáchas fuinnimh chun cinn; (iii) laghdófaí lorg carbóin phobal an tsráidbhaile agus (iv) bheadh deiseanna le tapú i dtaobh fostaíochta agus oideachais.* | • Féachaint an féidir grianphainéil a shuiteáil ar thithe<br>• Bonneagar téimh ceantair a fhiosrú | **Pleanáil Ghinearálta agus Pleanáil Féidearthachta:**<br>• Measúnú Tionscnaimh Tionscadail<br>• Measúnú Scóip agus Féidearthachta<br>• Dul i gcomhairle le muintir na háite, páirtithe leasmhara, lucht gnó, comhlachtaí rialtais srl.<br>• Deiseanna maoinithe a aimsiú<br>• A chinntiú go bhfuil na rialacháin chuí á gcomhlíonadh<br><br>**Suiteálacha Gréine:**<br>• Soláthar agus Suiteáil<br>• Ceardlanna rannpháirtíochta agus oiliúna pobail<br><br>**Téamh Ceantair:**<br>• Dearadh agus pleanáil mhionsonraithe<br>• An treoirthionscadal a thionscnamh<br><br>**Taighde faoi Fhoinse Theirmeach Mhalartach:**<br>• Comhoibriú le hinstitiúidí taighde maidir le bealaí nuálacha chun úsáid inbhuanaithe a bhaint as móin agus portaigh.<br><br>**Fadtréimhseach:**<br>• Cláir oiliúna a fhorbairt do mhuintir na háite faoin bhfuinneamh in-athnuaite – chun críocha oideachais agus chun poist a chruthú.<br>• Sonraí a bhailiú chun feidhmíocht a thomhas agus an córas a bheachtú/nuachóiriú<br>• Roghanna a fhiosrú i dtaobh an tionscadal a chur i bhfeidhm ar scála níos mó |

SCÁLA AMA

- G – sa Ghearrthréimhse
- G/M – sa Ghearrthréimhse/sa Mheántréimhse
- M – sa Mheántréimhse
- M/F – sa Mheántréimhse/Fadtréimhse
- F – san Fhadtréimhse

| SCÁLA AMA | FOINSÍ MAOINITHE FÉIDEARTHA | PRÍOMHPHÁIRTÍ | PRÍOMHPHÁIRTITHE LEASMHARA |
|---|---|---|---|
| G | • Cur Chuige LEADER Pobalbhunaithe<br>• An Ciste 'Croí Cónaithe' (Bailte)<br>• Clár Forbartha faoi Threoir an Phobail<br>• Fáilte Éireann<br>• Tiomsú airgid a dhéanfadh muintir na háite<br>• Comhpháirtíochtaí poiblí-príobháideacha<br>• Urraíochtaí corparáideacha<br>• An Scéim Athnuachana Bailte agus Sráidbhailte<br>• An Ciste um Athbheochan agus Forbairt na Tuaithe<br>• Clár LEADER<br>• Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa (CFRE) | Bainisteoir um Naisc leis an bPobal/ Meitheal an Bhaile | • Lucht gnó an cheantair, scoileanna an cheantair, eagraíochtaí agus clubanna áitiúla, Rannóg Pobail agus Cultúir na Comhairle Contae, Rannóg Forbartha Eacnamaíche na Comhairle Contae, srl. |

| SCÁLA AMA | FOINSÍ MAOINITHE FÉIDEARTHA | PRÍOMHPHÁIRTÍ | PRÍOMHPHÁIRTITHE LEASMHARA |
|---|---|---|---|
| M/F | • Údarás Fuinnimh Inbhuanaithe na hÉireann (SEAI)<br>• An Ciste um Ghníomhú ar son na hAeráide<br>• An Scéim Athnuachana Bailte agus Sráidbhailte<br>• An Ciste um Athbheochan agus Forbairt na Tuaithe<br>• Clár LEADER<br>• Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa (CFRE)<br>• An Ciste 'Croí Cónaithe' (Bailte)<br>• Comhpháirtíochtaí poiblí-príobháideacha<br>• Urraíochtaí corparáideacha | Bainisteoir um Naisc leis an bPobal / Meitheal an Bhaile / An tÚdarás Náisiúnta Iompair | • Muintir na háite, gnólachtaí áitiúla, Comhairle Contae Dhún na nGall, Bord Soláthair an Leictreachais, Rannóga Rialtais (An Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide, An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta, An Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail), Ollscoil Teicneolaíochta an Atlantaigh i Leitir Ceanainn, SEAI, Coillte, Fáilte Éireann |

## Tionscadail Eile

| ***Tionscadal 18: Foireann Uirlisí Dearaidh*** | | |
|---|---|---|
| CUR SÍOS | IDIRGHABHÁLACHA ATÁ BEARTAITHE | GNÍOMHARTHA ATÁ BEARTAITHE |
| *D'fheidhmeodh Foireann Uirlisí Dearaidh an Chraoslaigh chun treoir a thabhairt maidir le bearta feabhsúcháin aeistéitiúil agus fheidhmiúil sa Chraoslach, lena ndíreofaí ar ghnéithe mar aghaidheanna siopaí agus comharthaí, ábhair, scéimeanna datha, sonraí dearaidh agus gnéithe den ríocht phoiblí. Dhéanfaí sainfhoireann uirlisí a fhorbairt don Chraoslach, agus é ina phríomhaidhm léi cloí le carachtar uathúil an bhaile, agus a oidhreacht shaibhir agus riachtanais ár linne araon sa mheá. Trí úsáid a bhaint as an bhfoireann uirlisí sin, beidh forbróirí poiblí agus príobháideacha in ann cinntí a dhéanamh a chloíonn leis an aeistéitic thraidisiúnta agus a bhaineann leas as cleachtais nua-aimseartha, inbhuanaithe. Chun foireann uirlisí éifeachtach a bheith againn, tá sé ríthábhachtach saineolaithe áitiúla, agus staraithe, ailtirí agus lucht pleanála ina measc, a bheith páirteach san obair. Ina theannta sin, ach aiseolas a bhailiú ó mhuintir an Chraoslaigh bheadh leasanna an phobail san áireamh sna prionsabail dearaidh. Bheadh gá le hathbhreithnithe agus nuashonruithe tréimhsiúla lena chinntiú go mbeidh an fhoireann uirlisí ábhartha, agus í á hathrú i gcomhréir le riachtanais agus roghanna.* | • Foireann Uirlisí Dearaidh Sráidbhaile a fhorbairt. | • Measúnú Tionscnaimh Tionscadail.<br>• Féachaint ar chúinsí mar atá faoi láthair.<br>• Rannpháirtíocht agus comhairliúchán le príomhpháirtithe leasmhara.<br>• Measúnú ar chás-staidéir / scéimeanna deontais comhchosúla agus mar a d'éirigh leo.<br>• Sainchomhairleoir a choimisiúnú chun Foireann Uirlisí Dearaidh a fhorbairt, agus tionscnaimh bhrandála ar fud an tsráidbhaile á gcur san áireamh.<br>• Foireann uirlisí a fhorbairt ina mbeidh tograí coincheapa lena léireofar leagan amach, pailéad dathanna, gnéithe ríochta poiblí, ábhair thógála agus cuma.<br>• Dul i gcomhairle le príomhpháirtithe leasmhara, leis an bpobal agus le comhpháirtithe.<br>• Sásraí maoinithe agus feidhmiúcháin a shainaithint. |

SCÁLA AMA

- G — sa Ghearrthréimhse
- G/M — sa Ghearrthréimhse/sa Mheántréimhse
- M — sa Mheántréimhse
- M/F — sa Mheántréimhse/Fadtréimhse
- F — san Fhadtréimhse

| SCÁLA AMA | FOINSÍ MAOINITHE FÉIDEARTHA | PRÍOMHPHÁIRTÍ | PRÍOMHPHÁIRTITHE LEASMHARA |
|---|---|---|---|
| G/M | • An Ciste 'Croí Cónaithe' (Bailte)<br>• An Scéim Athnuachana Bailte agus Sráidbhailte<br>• An Ciste um Athbheochan agus Forbairt na Tuaithe<br>• Clár LEADER<br>• Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa (CFRE)<br>• Cur Chuige LEADER Pobalbhunaithe<br>• Clár Forbartha faoi Threoir an Phobail<br>• Údarás Fuinnimh Inbhuanaithe na hÉireann (SEAI)<br>• Fáilte Éireann<br>• An Chomhairle Oidhreachta | Bainisteoir um Naisc leis an bPobal/ Meitheal an Bhaile | • Rannóga de chuid na Comhairle Contae (Pleanáil agus Forbairt, Pobal agus Cultúr, Forbairt Eacnamaíoch srl.), Oifigeach Oidhreachta agus Caomhnaithe na Comhairle Contae, úinéirí talún, lucht gnó an cheantair áitiúil, staraithe áitiúla, daoine cruthaitheacha nó daoine aonair leasmhara, ailtirí, lucht pleanála agus dearthóirí uirbeacha |



ARUP

*Cnoc an Mharmair ©HannahSheridanPhotography*